



---

*Suí iomlánach*

---

**A9-0151/2023**

14.4.2023

**\*\*\*I**

# **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc  
(COM(2021)0420 – C9-0339/2021 – 2021/0239(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta  
An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéirí: Eero Heinäluoma, Damien Carême

(Nós imeachta coiste comhpháirteach - Rial 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **■** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd. Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....	190
SEASAMH MIONLAIGH .....	194
NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .....	195
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH.....	197



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc

(COM(2021)0420 – C9-0339/2021 – 2021/0239(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0420),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0339/2021),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 17 Feabhra 2022<sup>1</sup>,
  - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 8 Nollaig 2021<sup>2</sup>,
  - ag féachaint do Rialacha 59 agus 40 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0151/2023),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
  2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

<sup>1</sup> Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

<sup>2</sup> IO C ... / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**Leasú 1**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Is í Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>23</sup> an phríomhionstraim dlí a bhaineann le húsáid chóras airgeadais an Aontais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Leis an Treoir sin leagtar amach creat dlíthiúil cuimsitheach, rud a neartaíodh a thuilleadh le Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>24</sup> trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus trédhearcacht na húinéireachta tairbhiúla a mhéadú. D’ainneoin na n-éachtaí lena **mbaineann**, is léir ón taithí a fuarthas gur cheart feabhsuithe breise a thabhairt isteach chun rioscaí a mhaolú go leordhóthanach agus chun iarrachtaí coiriúla chun mí-úsáid a bhaint as córas airgeadais an Aontais chun críoch coiriúil a bhrath go héifeachtach.

---

<sup>23</sup> Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

*Leasú*

(1) Is í Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>23</sup> an phríomhionstraim dlí a bhaineann le húsáid chóras airgeadais an Aontais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Leis an Treoir sin leagtar amach creat dlíthiúil cuimsitheach, rud a neartaíodh a thuilleadh le Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>24</sup> trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus trédhearcacht na húinéireachta tairbhiúla a mhéadú. D’ainneoin na n-éachtaí **a baineadh amach le Treoir (AE) 2015/849, tá creat rialála san Aontas atá ilroinnte, neamhiomlán agus, go pointe áirithe, neamhéifeachtúil mar thoradh ar chleachtais éagsúla maidir lena fhorfheidhmiú agus mar gheall ar easpa cur chun feidhme ceart na n-íoschaighdeán. Dá bhrí sin**, is léir ón taithí a fuarthas gur cheart feabhsuithe breise a thabhairt isteach chun rioscaí a mhaolú go leordhóthanach, **chun dul i ngleic le héagsúlachtaí maidir lena fhorfheidhmiú agus lena chur chun feidhme agus chun iarrachtaí coiriúla chun mí-úsáid a bhaint as córas airgeadais an Aontais chun críoch coiriúil a bhrath go héifeachtach**

---

<sup>23</sup> Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

<sup>24</sup> Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43).

agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

<sup>24</sup> Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43).

## **Leasú 2**

### **Togra le haghaidh rialacháin**

#### **Aithris 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) Is é an príomhdhúshlán a sainaitníodh i leith chur i bhfeidhm fhorálacha Threoir (AE) 2015/849 lena leagtar síos oibleagáidí ar ghníomhaithe san earnáil phríobháideach, na heintitis faoi oibleagáid mar a ghairtear dóibh, easpa infheidhmeacht dhíreach na rialacha sin agus ilroinnt an chur chuige ar bhonn náisiúnta. Cé gurbh ann do na rialacha sin agus gur tháinig forbairt orthu thar thríocha bliain, tá siad fós á gcur chun feidhme ar bhealach nach bhfuil iomlán comhsheasmhach le ceanglais margaidh inmheánaigh chomhtháite. Dá bhrí sin, rialacha maidir le hábhair a chumhdaítear faoi láthair i dTreoir (AE) 2015/849 a fhéadfaidh a bheith infheidhme go díreach ag na heintitis faoi oibleagáid lena mbaineann, is gá aghaidh a thabhairt orthu *i* Rialachán nua chun aonfhoirmeacht inmhianaithe an chur i bhfeidhm a bhaint amach.

## **Leasú 3**

### **Togra le haghaidh rialacháin**

#### **Aithris 2 a (nua)**

*Leasú*

(2) Is é an príomhdhúshlán a sainaitníodh i leith chur i bhfeidhm fhorálacha Threoir (AE) 2015/849 lena leagtar síos oibleagáidí ar ghníomhaithe san earnáil phríobháideach, na heintitis faoi oibleagáid mar a ghairtear dóibh, easpa infheidhmeacht dhíreach na rialacha sin agus ilroinnt an chur chuige ar bhonn náisiúnta. Cé gurbh ann do na rialacha sin agus gur tháinig forbairt orthu thar thríocha bliain, *de ghnáth* tá siad fós á gcur chun feidhme ar bhealach nach bhfuil iomlán comhsheasmhach le ceanglais margaidh inmheánaigh chomhtháite. Dá bhrí sin, rialacha maidir le hábhair a chumhdaítear faoi láthair i dTreoir (AE) 2015/849 a fhéadfaidh a bheith infheidhme go díreach ag na heintitis faoi oibleagáid lena mbaineann, is gá aghaidh a thabhairt orthu *sa* Rialachán nua *seo* chun aonfhoirmeacht inmhianaithe an chur i bhfeidhm a bhaint amach.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(2a)** *Sa staid éagobhsaí atá ann faoi láthair maidir le méadú ar bhagairtí slándála, ba cheart creat dlíthiúil an Aontais chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac a neartú agus a chomhchuibhiú ionas go ndúnfaí na bearnaí atá ann faoi láthair agus go ndaingneofaí na rialacháin reatha chun bac a chur ar ghníomhaíocht choiriúil sa réimse sin.*

**Leasú 4**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(2b)** *Cháin an tAontas go láidir an t-ionsaí míleata neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar i gcoinne na hÚcráine agus mar thoradh air sin tá trádbhac trom á fhorchur ar bhainc agus olagarcaí Rúiseacha, agus aird á tharraingt aige ag an am céanna ar scéimeanna ina ndéanann bainc na Rúise airgead a sciúradh trí sheirbhísí bhainc an Aontais. Tá sé tábhachtach a aithint, i ndáil leis sin, gur féidir sciúradh airgid na Rúise san Aontas a laghdú trí smachtbhannaí a choinneáil ar bun go fadtéarmach.*

**Leasú 5**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(3a)** *Measann Oifig Drugaí agus Coireachta na Náisiún Aontaithe (UNODC) go ndéantar idir 2 agus 5 % den olltáirgeacht intíre (OTI) a sciúradh gach bliain. Ina theannta sin, meastar go*



*bhfuil thart ar 1.5 % de OTI an Aontais faoi réir sciúradh airgid agus nach ndéantar ach thart ar 1 % den airgead a choigistiú ar deireadh<sup>1a</sup>. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit iarrachtaí suntasacha chun airgead a fuarthas ar dhrochbhealaí a aisghabháil, mar aon leis an gcosc ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a threisiú.*

---

<sup>1a</sup> <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/TXT/?uri=CELEX%3A52021SC0190>

## **Leasú 6** **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Ó glacadh Treoir (AE) 2015/849, bhí forbairtí a rinneadh le déanaí i gceart dhlí coiriúil an Aontais ina rannchuidiú leis an gcosc agus leis an gcomhrac in aghaidh sciúradh airgid, a chionta preideacáide agus maoiniú sceimhlitheoireachta a neartú. De bharr Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>25</sup> thángthas ar chomhthuisicint ar choireacht an sciúrtha airgid agus a chionta preideacáide. Le Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>26</sup> sainmhínítear coireanna airgeadais lena ndéantar difear do leas airgeadais an Aontais, agus ba cheart a mheas gur cionta preideacáide iad freisin i leith sciúradh airgid. Le Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>27</sup> thángthas ar chomhthuisicint ar choireacht an mhaoinithe sceimhlitheoireachta. Ós rud é go dtugtar soiléiriú anois ar na coincheapa sin i ndlí coiriúil an Aontais, ní gá sainmhíniú a thabhairt a thuilleadh i rialacha AML/CFT an Aontais ar sciúradh airgid, a chionta preideacáide ná maoiniú

*Leasú*

(5) Ó glacadh Treoir (AE) 2015/849, bhí forbairtí a rinneadh le déanaí i gceart dhlí coiriúil an Aontais ina rannchuidiú leis an gcosc agus leis an gcomhrac in aghaidh sciúradh airgid, a chionta preideacáide agus maoiniú sceimhlitheoireachta a neartú. De bharr Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>25</sup> thángthas ar chomhthuisicint ar choireacht an sciúrtha airgid agus a chionta preideacáide. Le Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>26</sup> sainmhínítear coireanna airgeadais lena ndéantar difear do leas airgeadais an Aontais, agus ba cheart a mheas gur cionta preideacáide iad freisin i leith sciúradh airgid. Le Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón **gComhairle**<sup>27</sup> thángthas ar chomhthuisicint ar choireacht an mhaoinithe sceimhlitheoireachta. Ós rud é go dtugtar soiléiriú anois ar na coincheapa sin i ndlí coiriúil an Aontais, ní gá sainmhíniú a thabhairt a thuilleadh i rialacha AML/CFT an Aontais ar sciúradh airgid, a chionta preideacáide ná maoiniú

sceimhlitheoireachta. Ina ionad sin, ba chreat creat AML/CFT an Aontais a bheith go hiomlán comhleanúnach le creat dhlí coiriúil an Aontais.

---

<sup>25</sup> Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac leis an dlí coiriúil (IO L 284, 12.11.2018, lch. 22).

<sup>26</sup> Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

<sup>27</sup> Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

## **Leasú 7**

### **Togra le haghaidh rialacháin**

#### **Aithris 6**

#### *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) Tagann forbairt leanúnach ar an teicneolaíocht, rud a thairgeann deiseanna don earnáil phríobháideach táirgí agus córais nua a fhorbairt chun cistí nó luach a mhalartú. Cé gur dearfach an feiniméan é sin, is féidir go nginfear rioscaí nua maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta dá dheasca sin, de réir mar a thagann coirpigh ar bhealaí go leanúnach chun teacht i dtír ar leochaileachtaí chun cistí aindleathacha a cheilt agus a aistriú timpeall an domhain. Tá soláthraithe seirbhísí criptea-

sceimhlitheoireachta. Ina ionad sin, ba chreat creat AML/CFT an Aontais a bheith go hiomlán comhleanúnach le creat dhlí coiriúil an Aontais *agus é mar aidhm leis sábháilteacht phoiblí a fheabhsú agus saoránaigh an Aontais a chosaint.*

---

<sup>25</sup> Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac leis an dlí coiriúil (IO L 284, 12.11.2018, lch. 22).

<sup>26</sup> Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

<sup>27</sup> Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

#### *Leasú*

(6) Tagann forbairt leanúnach ar an teicneolaíocht, rud a thairgeann deiseanna don earnáil phríobháideach táirgí agus córais nua a fhorbairt chun cistí nó luach a mhalartú. Cé gur dearfach an feiniméan é sin, is féidir go nginfear rioscaí nua maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta dá dheasca sin, de réir mar a thagann coirpigh ar bhealaí go leanúnach chun teacht i dtír ar leochaileachtaí chun cistí aindleathacha a cheilt agus a aistriú timpeall an domhain. Tá soláthraithe seirbhísí criptea-

shócmhainní agus ardáin sluachistiúcháin neamhchosanta ar mhí-úsáid cainéal nua le haghaidh gluaiseacht airgid aindleathaigh agus tá siad i riocht maith chun na gluaiseachtaí sin a bhrath agus rioscaí a mhaolú. Dá bhrí sin, ba cheart raon feidhme reachtaíocht an Aontais a leathnú chun na heintitis sin a chumhdach, i gcomhréir leis na forbairtí a rinneadh le déanaí i gcaighdeáin FATF i ndáil le criptea-shócmhainní.

shócmhainní, **ardáin licíní neamh-idirmhalartacha (NFT)** agus ardáin sluachistiúcháin neamhchosanta ar mhí-úsáid cainéal nua le haghaidh gluaiseacht airgid aindleathaigh agus tá siad i riocht maith chun na gluaiseachtaí sin a bhrath agus rioscaí a mhaolú. Dá bhrí sin, ba cheart raon feidhme reachtaíocht an Aontais a leathnú chun na heintitis sin a chumhdach, i gcomhréir leis na forbairtí a rinneadh le déanaí i gcaighdeáin **an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF)** i ndáil le criptea-shócmhainní. **Ní chumhdaítear ardáin NFT leis an sainmhíniú reatha ar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní faoi Rialachán (AE) 2023/... [Rialachán MiCA] toisc nach soláthraíonn siad seirbhísí i gcriptea-shócmhainní atá idirmhalartach agus neamh-uathúil. Chun an bhearna sin a dhúnadh agus na rioscaí gaolmhara a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a mhaolú, ba cheart ardáin NFT a áireamh i gcreat cothrománach AML/CFT mar chatagóir ar leithligh d'eintitis faoi oibleagáid.**

**Leasú 8**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(6a) Ba cheart d'Eagraíochtaí Uathrialacha Díláraithe (DAO) agus socrúithe eile maidir le Maoiniú Díláraithe (DeFi) a bheith faoi réir rialacha AML/CFT an Aontais a mhéid a dhéanann siad seirbhísí criptea-shócmhainní a chomhlíonadh nó a chur ar fáil do dhuine eile nó a dhéantar thar a gceann, ar seirbhísí iad atá á rialú go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear trí chonarthaí cliste nó prótacail vótála, ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha insainaitheanta. I gcásanna den sórt sin, ba cheart socrúithe DAO nó DeFi a mheas**

*mar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/... [cuir isteach tagairt - togra le haghaidh Rialachán maidir le Margáí Criptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 - COM/2020/593 final] agus an Rialachán seo, gan beann ar an lipéad tráchtála nó ar a bhféinaithint mar DAO nó DeFi. Ba cheart d'fhorbróirí, d'úinéirí nó d'oibreoirí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta sula seolfaidh siad nó sula n-úsáidfí siad bogearraí nó ardán agus ba cheart dóibh bearta iomchuí a dhéanamh chun na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a mhaolú ar bhealach leanúnach agus fhorásach.*

**Leasú 9**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 6 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(6b) Cuireann an domhan fíorúil deiseanna nua ar fáil do choirpigh cistí aindleathacha a cheilt agus a chur ar aghaidh trína shaothrú chun earraí fíorúla a cheannach agus a athdhíol, amháil eastát réadach fíorúil, tailte fíorúla agus earraí ardéilimh eile. Cé nach bhfuil aon chreat rialála sonrath ann faoi láthair le haghaidh na meiteachruinne, agus an glacadh léi ag méadú agus ag forbairt i gcónaí, tá méadú suntasach tagtha ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus imghabháil smachtbhannaí. Ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid a bheith ar an eolas faoi na rioscaí sin agus ba cheart dóibh leanúint d'oibleagáidí AML/CFT a chomhlíonadh agus iad ag feidhmiú i ndomhan fíorúil, i ndáil leis na gníomhaíochtaí agus na*

*hoibríochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, amhail gairmithe dlíthiúla a bhfuil taithí acu ar eastát réadach, ar airgeadas agus ar mhaoin intleachtúil, a d'fhéadfadh páirt níos mó a ghlacadh in idirbhearta den sórt sin, lena n-áirítear agus cúnamh nó comhairle dlí á soláthar acu.*

**Leasú 10**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 9**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) Ba cheart **do ghairmithe dlíthiúla neamhspleácha** a bheith faoi réir an Rialacháin seo agus páirt á glacadh acu in idirbhearta airgeadais nó corparáideacha, lena n-áirítear agus comhairle chánach á soláthar, i gcás ina bhfuil riosca ann go mbainfear mí-úsáid as na seirbhísí atá á soláthar ag na gairmithe dlíthiúla sin chun fáltais gníomhaíochta choiriúla a sciúradh nó chun críche maoinithe sceimhlitheoireachta. Ba cheart, áfach, díolúintí a bheith ann ó aon oibleagáid a bhaineann le faisnéis a thuairisciú roimh imeachtaí breithiúnacha, lena linn nó ina ndiaidh, **nó le linn seasamh dlíthiúil cliaint a fhionnadh**, rud ba cheart a chumhdach leis an bpríbhleáid dlíodóra. Dá bhrí sin, ba cheart **go mbeadh** comhairle **dhlíthiúil** fós faoi réir oibleagáid rúndachta gairmiúla, ach amháin i gcás **go** bhfuil an gairmí dlíthiúil **rannpháirteach** i sciúradh airgid nó i maoiniú sceimhlitheoireachta, **go** soláthraítear an chomhairle **dhlíthiúil** chun críocha **sciúrtha** airgid nó **maoinithe** sceimhlitheoireachta, nó i gcás ina bhfuil a fhios ag an ngairmí dlíthiúil go bhfuil comhairle **dhlíthiúil** á lorg ag an gcliainnt chun **críocha sciúrtha** airgid nó **maoinithe** sceimhlitheoireachta.

*Leasú*

(9) *Níl sé d'aidhm ag an Rialachán seo rialáil a dhéanamh ar ghairmeacha neamhspleácha dlí agus cánach, ar gairmeacha iad a bhfuil cruthanna éagsúla acu ar fud na mBallstát, ná cur isteach ar bhunbhrí ról cosanta na ngairmithe sin i riaradh an cheartais agus an smachta reachta, atá mar bhonn faoi phríbhleáid ghairmiúil dhlíthiúil. Mar sin féin, gairmithe neamhspleácha dlí, iniúchóirí, cuntasóirí seachtracha agus comhairleoirí cánach, atá i dteideal, i roinnt Ballstát, cliant a chosaint nó ionadaíocht a dhéanamh ar chliant i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha nó chun seasamh cliaint a fhionnadh, déanann siad gníomhaíochtaí nach mbaineann le ról na cosanta freisin. Dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith faoi réir an Rialacháin seo agus páirt á glacadh acu in idirbhearta airgeadais nó corparáideacha, lena n-áirítear agus comhairle chánach **nó comhairle a bhaineann le saoránacht nó cónaí trí scéimeanna infheistíochta** á soláthar, i gcás ina bhfuil riosca ann go mbainfear mí-úsáid as na seirbhísí atá á soláthar ag na gairmithe dlíthiúla sin chun fáltais gníomhaíochta choiriúla a sciúradh nó chun críche maoinithe sceimhlitheoireachta. Ba cheart, áfach, díolúintí a bheith ann ó aon oibleagáid a bhaineann le faisnéis a thuairisciú roimh imeachtaí breithiúnacha, lena linn nó ina*

ndiaidh, rud ba cheart a chumhdach leis an bpríbhleáid dlíodóra. ***Ba cheart díolúintí a chur ar fáil freisin do ghníomhaíochtaí a dhéantar le linn seasamh dlíthiúil cliant a fhionnadh, ar cheart é a chumhdach freisin leis an bpríbhleáid dhlíthiúil a mhéid is atá na gníomhaíochtaí sin dírithe ar chearta agus oibleagáidí cliant a bhunú, i gcodarsnacht le comhairle neamhdhlíthiúil.*** Dá bhrí sin, ba cheart comhairle ***dlí a bheith*** fós faoi réir oibleagáid ***na*** rúndachta gairmiúla, ach amháin i gcás ***ina*** bhfuil an gairmí dlíthiúil ***ag glacadh páirte*** i sciúradh airgid nó i maoiniú sceimhlitheoireachta, ***i gcás ina*** soláthraítear an chomhairle ***dlí, lena n-áirítear i ndáil le cúrsaí cánach nó saoránacht nó cónaí trí scéimeanna infheistíochta,*** chun críocha ***sciúradh*** airgid nó ***maoiniú*** sceimhlitheoireachta, nó i gcás ina bhfuil a fhios ag an ngairmí dlíthiúil ***nó ina bhfuil amhras air, ar bhonn imthosca fíorasacha agus oibiachtúla,*** go bhfuil comhairle ***dlí*** á lorg ag an gcliant, chun ***sciúradh*** airgid nó ***maoiniú*** sceimhlitheoireachta ***a chosc nó chun iarratas a dhéanamh ar chearta cónaithe nó ar shaoránacht trí scéimeanna infheistíochta. Maidir le hidirbhearta sonracha lena mbaineann riosca an-ard a bheidh le húsáid chun airgead a sciúradh nó sceimhlitheoireacht a mhaoiniú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann oibleagáidí díchill chuí do chustaiméirí a ghlacadh nó a choinneáil ar bun do ghairmithe neamhspleácha dlí, d’iniúchóirí, do chuntasóirí seachtracha agus do chomhairleoirí cánach.***

**Leasú 11**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(10) Chun urraim a áirithiú do na cearta a ráthaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an ‘Chairt’), i gcás

*Leasú*

(10) Chun urraim a áirithiú do na cearta a ráthaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an ‘Chairt’), i gcás



iniúcháirí, cuntasóirí seachtracha agus comhairleoirí cánach, ar daoine iad, i mBallstáit áirithe, atá i dteideal cliant a chosaint nó ionadaíocht a dhéanamh ar chliant i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha nó chun seasamh cliant a fhionnadh, níor cheart an fhaisnéis a fhaigheann siad le linn fheidhmiú na gcúraimí sin a bheith faoi réir na n-oibleagáidí tuairiscithe.

iniúcháirí, cuntasóirí seachtracha agus comhairleoirí cánach, ar daoine iad, i mBallstáit áirithe, atá i dteideal cliant a chosaint nó ionadaíocht a dhéanamh ar chliant i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha nó chun seasamh cliant a fhionnadh, níor cheart an fhaisnéis a fhaigheann siad le linn fheidhmiú na gcúraimí sin a bheith faoi réir na n-oibleagáidí tuairiscithe, *ach amháin i gcás ina bhfuil na hiniúcháirí, cuntasóirí seachtracha nó comhairleoirí cánach ag glacadh páirte i sciúradh airgid nó i maoiniú sceimhlitheoireachta, cuirtear an chomhairle dlí ar fáil chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, nó i gcás ina bhfuil amhras le húdar maith ag an iniúcháir, cuntasóir seachtrach nó comhairleoir cánach, ar bhonn imthosca fíorasacha agus oibiachtúla, go bhfuil comhairle dlí á lorg ag an gcliant, lena n-áirítear i ndáil le cúrsaí cánach nó saoránacht nó cónaí trí scéimeanna infheistíochta, chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus nach bhfuil baint ag an gcomhairle dlí a iarrtar le himeachtaí breithiúnacha. Maidir le hidirbhearta sonracha lena mbaineann riosca an-ard go n-úsáidfead iad le haghaidh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann oibleagáidí tuairiscithe breise a ghlacadh nó a choinneáil ar bun nach bhfuil feidhm ag an díolúine ó na ceanglais maidir le faisnéis a tharchur ina leith. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann forálacha sonracha a thabhairt isteach sa dlí náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas is infheidhme maidir le gairmithe den sórt sin faoin Rialachán seo.*

**Leasú 12**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 12**

(12) Leochaileachtaí ardán sluachistiúcháin i leith rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, tá siad cothrománach agus déantar difear leo don mhargadh inmheánach ina iomláine. Go dtí seo, tháinig cineálacha cur chuige éagsúla chun cinn ar fud na mBallstát ó thaobh bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí sin. Le Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>28</sup> **comhchuibhítear** an cur chuige rialála le **haghaidh infheistíocht** ghnó agus ardáin sluachistiúcháin iasachtbhunaithe ar fud an Aontais agus **áiríthítear go bhfuil coimircí leordhóthanacha agus comhleanúnacha i bhfeidhm chun déileáil le rioscaí féideartha a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. I measc na nithe sin, is ann do cheanglais maidir le cistí agus íocaíochtaí a bhainistiú i ndáil leis na hidirbhearta airgeadais uile a dhéantar ar na hardáin sin. Ní mór do sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin ceadúnas nó comhpháirtí le soláthraí seirbhísí íocaíochta nó institiúid creidmheasa a lorg chun na hidirbhearta sin a dhéanamh. Leis an Rialachán leagtar amach coimircí sa nós imeachta um údarú freisin, agus measúnú á dhéanamh ar dhea-chlú na bainistíochta agus trí nósanna imeachta um dhícheall cuí le haghaidh úinéirí tionscadail. Ceanglaítear ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh faoin 10 Samhain 2023 ina thuarascáil ar an Rialachán sin ar cibé acu is féidir nó nach féidir go mbeidh gá le coimircí breise. Dá bhrí sin, tá údar le gan ardáin sluachistiúcháin a cheadúnaítear faoi Rialachán (AE) 2020/1503 a chur faoi réir reachtaíocht AML/CFT ón Aontas.**

(12) Leochaileachtaí ardán sluachistiúcháin i leith rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, tá siad cothrománach agus déantar difear leo don mhargadh inmheánach ina iomláine. Go dtí seo, tháinig cineálacha cur chuige éagsúla chun cinn ar fud na mBallstát ó thaobh bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí sin. **Cé go gcomhchuibhítear** le Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>28</sup> an cur chuige rialála **maidir le hinfheistíocht** ghnó agus ardáin sluachistiúcháin iasachtbhunaithe ar fud an Aontais agus **go gcuirtear ar bun leis roinnt ceanglas AML/CFT atá teoranta do dhícheall cuí na n-ardán sluachistiúcháin i leith úinéirí tionscadail agus laistigh de** nósanna imeachta **údarúcháin, toisc nach bhfuil creat dlíthiúil comhchuibhithe ann lena ngabhann oibleagáidí láidre AML/CFT d'ardáin sluachistiúcháin, cruthaítear bearnaí agus lagaítear coimircí AML/CFT an Aontais. Dá bhrí sin, is gá a áiríthiú go mbeidh gach ardán sluachistiúcháin, lena n-áirítear iad siúd atá ceadúnaithe cheana** faoi Rialachán (AE) 2020/1503, faoi réir reachtaíocht AML/CFT an Aontais.



<sup>28</sup> Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 347, 20.10.2020, lch. 1).

<sup>28</sup> Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 347, 20.10.2020, lch. 1).

**Leasú 13**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 13**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(13) Ardáin sluachistiúcháin nach gceadúnaítear faoi Rialachán (AE) 2020/1503 fágtar neamhrialáilte iad faoi láthair nó faoi chineálacha cur chuige rialála éagsúla, lena n-áirítear i ndáil le rialacha agus nósanna imeachta chun dul i ngleic le rioscaí a bhaineann le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Chun bheith comhsheasmhach agus chun a áirithiú nach ann d'aon riosca neamhrialaithe sa timpeallacht sin, maidir leis na hardáin sluachistiúcháin uile nach gceadúnaítear faoi Rialachán (AE) 2020/1503 agus, dá bhrí sin, nach bhfuil faoi réir a choimircí, is gá go mbeidh siad faoi réir rialacha AML/CFT ón Aontas chun maolú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta.**

**Leasú 14**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 15**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**(15) Tá catagóirí áirithe de thrádálaithe in earraí neamhchosanta go mór mór ar rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta de**

*Leasú*

**scriosta**

**(15) Tá daoine atá ag trádáil i miotail lómhara agus clocha lómhara chomh maith le só-earraí neamhchosanta go háirithe ar rioscaí an-suntasach sciúrtha**

*dheasca an ardluacha atá leis na hearraí beaga, iniompartha a ndéileálann siad leo.* Ar an gcúis sin, ba cheart do dhaoine a dhéileálann i miotail lómhara agus clocha lómhara a bheith faoi réir cheanglais AML/CFT.

*airgid, gan beann ar na modhanna íocaíochta. Tá úsáid bainte arís agus arís eile ag eagraíochtaí coiriúla as an modh sin, modh atá inrochtana go héasca agus nach bhfuil saineolas sonrath ag teastáil ina leith, chun fáltais ó choireacht a thiontú ina n-earraí a bhfuil éileamh mór orthu i margáí eachtracha.* Ar an gcúis sin, ba cheart do dhaoine a dhéileálann i miotail lómhara agus clocha lómhara **agus só-earraí** a bheith faoi réir cheanglais AML/CFT.

## Leasú 15

### Togra le haghaidh rialacháin

#### Aithris 16

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(16) Is éard atá i gceist le hoibreoírí imirce infheistíochta cuideachtaí príobháideacha, comhlachtaí nó daoine a ghníomhaíonn nó a idirghníomhaíonn le húdarais inniúla na mBallstát thar ceann náisiúnaigh tríú tír nó a sholáthraíonn seirbhísí idirghabhála do náisiúnaigh tríú tír a fhéachann le cearta cónaithe a fháil i mBallstát mar mhalairt ar aon chineál infheistíochtaí, lena n-áirítear aistriú caipitil, maoin a cheannach nó a fháil ar cíós, infheistíocht i mbannaí rialtais, infheistíocht in eintitis chorparáideacha, deonú nó dearlacadh gníomhaíochta lena rannchuidítear le leas an phobail agus ranníocaíochtaí le buiséad an stáit. Tá rioscaí agus leochaileachtaí ag baint le scéimeanna cónaithe infheisteora i ndáil le sciúradh airgid, éilliú agus imghabháil cánach. Téann na rioscaí sin in olcas de dheasca na gceart trasteorann atá bainteach le cónaí i mBallstát. Dá bhrí sin, is gá go mbeidh oibreoírí imirce infheistíochta faoi réir oibleagáidí AML/CFT. **Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le scéimeanna saoránachta** infheisteora, as a dtagann sealbhú náisiúntachta mar mhalairt ar na hinfeistíochtaí sin, **mar ní mór a mheas**

*Leasú*

(16) Is éard atá i gceist le hoibreoírí imirce infheistíochta cuideachtaí príobháideacha, comhlachtaí nó daoine a ghníomhaíonn nó a idirghníomhaíonn le húdarais inniúla na mBallstát thar ceann náisiúnaigh tríú tír nó a sholáthraíonn seirbhísí idirghabhála do náisiúnaigh tríú tír a fhéachann le cearta cónaithe a fháil i mBallstát mar mhalairt ar aon chineál infheistíochtaí, lena n-áirítear aistriú caipitil, maoin a cheannach nó a fháil ar cíós, infheistíocht i mbannaí rialtais, infheistíocht in eintitis chorparáideacha, deonú nó dearlacadh gníomhaíochta lena rannchuidítear le leas an phobail agus ranníocaíochtaí le buiséad an stáit. Tá rioscaí agus leochaileachtaí ag baint le scéimeanna cónaithe **agus saoránachta** infheisteora i ndáil le sciúradh airgid, éilliú agus imghabháil cánach. Téann na rioscaí sin in olcas de dheasca na gceart trasteorann atá bainteach le cónaí i mBallstát. Dá bhrí sin, is gá go mbeidh oibreoírí imirce infheistíochta faoi réir oibleagáidí AML/CFT. **I bhfianaise na rioscaí agus na leochaileachtaí a bhaineann** le scéimeanna infheisteora, as a dtagann sealbhú **ceart cónaithe nó** náisiúntachta mar mhalairt ar na

*go bhfuil an bonn á bhaint leis na scéimeanna sin de stádas bunúsach shaoránacht an Aontais agus comhar dílis i measc na mBallstát.*

*hinfheistíochtaí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le toirmeasc ar shaoránacht trí scéimeanna infheistíochta agus ceanglais íosta i measúnú na n-iarratasóirí ag údaráis phoiblí na mBallstát maidir le cónaí trí scéimeanna infheistíochta, lena áirithiú go gcuirfear bearta feabhsaithe díchill chuí i bhfeidhm maidir le hiarratasóirí agus a áirithiú nach dtabharfar aon stádas do náisiúnaigh ó thíortha áirithe a bhfuil rioscaí a bhaineann le AML/CFT acu agus a shainaithnítear i gcomhréir leis an Rialachán seo.*

**Leasú 16**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 18 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(18a) De réir tuarascála ó FATF i mí Iúil 2009 dar teideal ‘An Sciúradh Airgid tríd an Earnáil Sacair’, ‘tá fás méadaithe tagtha ar an margadh sacair ghairmiúil mar gheall ar phróiseas tráchtálaithe. Tháinig méadú ollmhór ar an airgead a infheistítear i sacar mar thoradh go príomha ar an méadú ar chearta teilifíse agus ar urraíocht chorparáideach. Ag an am céanna, tharla domhandú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i margadh an tsaothair d’imreoirí sacair gairmiúla – agus tá níos mó agus níos mó imreoirí sacair curtha ar conradh ag foirne lasmuigh dá dtír féin agus íocaíochtaí aistritheacha de mhéideanna dochreidte. D’fhéadfadh sreafaí airgid trasteorann atá i gceist a bheith lasmuigh de smacht eagraíochtaí sacair náisiúnta agus fornáisiúnta den chuid is mó, rud a thugann deiseanna chun bogadh agus airgead a sciúradh. Ag an am céanna, tá airgead ó infheisteoirí príobháideacha ag dul isteach i gclubanna sacair chun iad a choinneáil ag oibriú agus is féidir leis tuairisceáin fhadtéarmacha a thabhairt don infheisteoir i dtéarmaí chearta meán,*

*díolachán ticéad, fáltais ó dhíol imreoirí agus marsantú. Sa tuarascáil uaidh an 24 Iúil 2019 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an measúnú ar an riosca a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a mbíonn tionchar suntasach acu ar an margadh inmheánach agus a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann, rinne an Coimisiún measúnú ar an sacar gairmiúil agus dúirt sé ‘cé gur spórt é a bhfuil antóir air fós, gur tionscal domhanda é freisin a bhfuil tionchar suntasach eacnamaíoch aige. Mar thoradh ar eagraíocht chasta an sacair ghairmiúil agus an easpa trédhearcachta atá ann, tá baol ann go n-úsáidfí acmhainní mídhleathacha. Tá suimeanna amhrasacha airgid gan aon toradh nó gnóthachan airgeadais follasach nó inmhiníthe á n-infheistiú sa spórt.’ Dá bhrí sin, is earnáil nua í an sacar a mbaineann ardrioscaí léi agus ba cheart do chlubanna sacair ghairmiúil ardleibhéil, chomh maith le gníomhairí spóirt san earnáil sacair agus cumainn sacair sna Ballstáit ar baill iad d’Aontas Chumainn Sacair na hEorpa, a mheas mar eintitis faoi oibleagáid chun críocha an Rialacháin seo.*

**Leasú 17**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 19**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(19) Tá sé tábhachtach go mbeidh feidhm ag ceanglais AML/CFT ar bhealach comhréireach agus go mbeidh forchur aon cheanglais comhréireach leis an ról is féidir a bheith ag eintitis faoi oibleagáid chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe an Rialacháin seo, oibreoirí áirithe a dhíolmhú

*Leasú*

(19) Tá sé tábhachtach go mbeidh feidhm ag ceanglais AML/CFT ar bhealach comhréireach agus go mbeidh forchur aon cheanglais comhréireach leis an ról is féidir a bheith ag eintitis faoi oibleagáid chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe an Rialacháin seo, oibreoirí áirithe a dhíolmhú

ó cheanglais AML/CFT, i gcás ina bhfuil rioscaí ísle maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ag baint leis na gníomhaíochtaí a dhéanann siad agus i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí de chineál teoranta. Chun a áirithiú go gcuirfear na díolúintí sin i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus comhsheasmhach ar fud an Aontais, ba cheart sásra a chur i bhfeidhm lena gceadaítear don Choimisiún riachtanas na ndíolúintí atá le deonú a fhíorú. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún na díolúintí sin a fhoilsiú ar bhonn bliantúil in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

**Leasú 18**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 20**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(20) Le tacar rialacha comhsheasmhach maidir le córais agus rialuithe inmheánacha is infheidhme maidir leis na heintitis uile faoi oibleagáid a oibríonn sa mhargadh inmheánach, neartófar comhlíontacht AML/CFT agus cuirfear le héifeacht na maoirseachta. Chun maolú leordhóthanach ar rioscaí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a áirithiú, ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid creat rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm arb éard atá ann beartais, rialuithe agus nósanna imeachta rioscabhunaithe agus deighilt shoiléir ar fhreagrachtaí ar fud na heagraíochta. I gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe an Rialacháin seo, ba cheart na beartais, na rialuithe agus na nósanna imeachta sin a bheith comhréireach le cineál agus méid an eintitis faoi oibleagáid agus freagairt do na rioscaí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta atá roimh an eintiteas.

ó cheanglais AML/CFT, i gcás ina bhfuil rioscaí ísle maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ag baint leis na gníomhaíochtaí a dhéanann siad agus i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí de chineál teoranta. Chun a áirithiú go gcuirfear na díolúintí sin i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus comhsheasmhach ar fud an Aontais, ba cheart sásra a chur i bhfeidhm lena gceadaítear don Choimisiún riachtanas na ndíolúintí atá le deonú a fhíorú. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún na díolúintí sin a fhoilsiú ar bhonn bliantúil in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Leasú*

(20) Le tacar rialacha comhsheasmhach maidir le córais agus rialuithe inmheánacha is infheidhme maidir leis na heintitis uile faoi oibleagáid a oibríonn sa mhargadh inmheánach, neartófar comhlíontacht AML/CFT agus cuirfear le héifeacht na maoirseachta. Chun maolú leordhóthanach ar rioscaí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a áirithiú, ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid creat rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm arb éard atá ann beartais, rialuithe agus nósanna imeachta rioscabhunaithe agus deighilt shoiléir ar fhreagrachtaí ar fud na heagraíochta. I gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe an Rialacháin seo, ba cheart na beartais, na rialuithe agus na nósanna imeachta sin a bheith comhréireach le cineál, **gníomhaíocht** agus méid an eintitis faoi oibleagáid agus freagairt do na rioscaí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta atá roimh an eintiteas.

**Leasú 19**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 23**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(23) D'fhorbair FATF caighdeáin ionas go ndéanfaidh dlínsí na rioscaí a bhaineann le mainneachtain cur chun feidhme nó imghabháil fhéideartha na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a bhaineann le maoiniú leata a shainaithint agus a mheasúnú, agus chun beart a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú. Maidir leis na caighdeáin nua sin atá tugtha isteach ag FATF inniu, ní ghabhann siad ionad na gceanglas dian atá ann cheana na ní bhaineann siad an bonn díobh chun go gcuirfidh tíortha smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe chun feidhme leis na Rialacháin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bhaineann le leathadh arm ollscriosta a chosc, a chur faoi chois agus a shuaitheadh agus maoiniú an mhéid sin. Maidir leis na hoibleagáidí sin, mar a chuirtear chun feidhme iad ar leibhéal an Aontais le Cinntí 2010/413/CBES<sup>31</sup> agus (CBES) 2016/849<sup>32</sup> agus le Rialacháin (AE) Uimh. 267/2012<sup>33</sup> agus (AE) 2017/1509<sup>34</sup>, leanann siad de bheith ina n-oibleagáidí rioscabhunaithe diana atá ceangailteach ar na daoine nádúrtha agus dlítheanacha uile laistigh den Aontas.

---

<sup>31</sup> 2010/413/CBES: Cinneadh an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39).

<sup>32</sup> Cinneadh (CBES) 2016/849 ón

*Leasú*

(23) D'fhorbair FATF caighdeáin ionas go ndéanfaidh dlínsí na rioscaí a bhaineann le mainneachtain cur chun feidhme nó imghabháil fhéideartha na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a bhaineann le maoiniú leata a shainaithint agus a mheasúnú, agus chun beart a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú. Maidir leis na caighdeáin nua sin atá tugtha isteach ag FATF inniu, ní ghabhann siad ionad na gceanglas dian atá ann cheana na ní bhaineann siad an bonn díobh chun go gcuirfidh tíortha smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe chun feidhme leis na Rialacháin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bhaineann le leathadh arm ollscriosta a chosc, a chur faoi chois agus a shuaitheadh agus maoiniú an mhéid sin. Maidir leis na hoibleagáidí sin, mar a chuirtear chun feidhme iad ar leibhéal an Aontais le Cinntí 2010/413/CBES<sup>31</sup> agus (CBES) 2016/849<sup>32</sup> agus le Rialacháin (AE) Uimh. 267/2012<sup>33</sup> agus (AE) 2017/1509<sup>34</sup>, leanann siad de bheith ina n-oibleagáidí rioscabhunaithe diana atá ceangailteach ar na daoine nádúrtha agus dlítheanacha uile laistigh den Aontas. ***Ba cheart feidhm a bheith ag an gcur chuige céanna maidir le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe eile lena n-áirítear smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus le maoiniú na sceimhlitheoireachta.***

---

<sup>31</sup> 2010/413/CBES: Cinneadh an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39).

<sup>32</sup> Cinneadh (CBES) 2016/849 ón



gComhairle an 27 Bealtaine 2016 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/183/CBES (IO L 141, 28.5.2016, lch. 79).

<sup>33</sup> Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 (IO L 88, 24.3.2012, lch. 1).

<sup>34</sup> Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 (IO L 224, 31.8.2017, lch. 1).

gComhairle an 27 Bealtaine 2016 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/183/CBES (IO L 141, 28.5.2016, lch. 79).

<sup>33</sup> Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 maidir le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 (IO L 88, 24.3.2012, lch. 1).

<sup>34</sup> Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 (IO L 224, 31.8.2017, lch. 1).

**Leasú 20**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 23 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(23a) Níl forálacha i reachtaíocht an Aontais ina dtugtar tuairisc ar na córais agus na rialuithe ba cheart a bheith i bhfeidhm ag institiúidí creidmheasa agus airgeadais chun oibleagáidí spriocdhírithé smachtbhannaí airgeadais a chomhlíonadh. Ina thuarascáil ar chreat AML/CFT an Aontais a bheidh ann amach anseo, thug an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) (ÚBE), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, dá aire, i gcásanna ina ndéantar foráil sa reachtaíocht do dhíolúintí ó cheanglais áirithe AML/CFT, amháil i ndáil le hidirbhearta ócáideacha, gur léir go bhfuil coinbhleacht ann idir díolúintí rioscabhunaithe agus an dearbhcheanglas chun na córais smachtbhannaí is infheidhme a chomhlíonadh, ar oibleagáid toraidh é.***

*Chinn ÚBE freisin go bhfuil léirmhínte éagsúla ar fud na mBallstát ar na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta an t-íocóir nó an t-íocaí a scagadh ar liostaí smachtbhannaí. D'fhéadfadh an staid sin arbatráiste rialála a chruthú mar aon le bearnaí a d'fhéadfadh córas smachtbhannaí airgeadais spriocdhíríthe an Aontais a lagú. Is gá, dá bhrí sin, caighdeáin choiteanna a bhunú maidir leis na bearta ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus airgeadais a dhéanamh chun a n-oibleagáidí maidir le smachtbhannaí airgeadais a chomhlíonadh.*

**Leasú 21**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 24**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(24) Chun na forbairtí is déanaí a rinneadh ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú, tugadh ceanglas isteach leis an Rialachán seo chun rioscaí a ***bhaineann le mainneachtain cur chun feidhme nó imghabháil fhéideartha na smachtbhannaí airgeadais spriocdhíríthe a bhaineann le maoiniú leata ar leibhéal eintitis faoi oibleagáid*** a shaináithint, a thuiscint, a bhainistiú agus a mhaolú.

**Leasú 22**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 24 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(24) Chun na forbairtí is déanaí a rinneadh ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú, tugadh ceanglas isteach leis an Rialachán seo chun rioscaí a shaináithint, a thuiscint, a bhainistiú agus a mhaolú, ***ar rioscaí iad a bhaineann le mainneachtain cur chun feidhme, cur chun feidhme éagsúil nó imghabháil fhéideartha na smachtbhannaí airgeadais spriocdhíríthe uile, lena n-áirítear smachtbhannaí airgeadais spriocdhíríthe a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus le maoiniú sceimhlitheoireachta agus smachtbhannaí airgeadais spriocdhíríthe a bhaineann le maoiniú ar leibhéal eintitis faoi oibleagáid.***

***(24a) Is tosca riosca ábhartha iad na***



*smachtbhannaí arna nglacadh ag na Náisiúin Aontaithe maidir le sciúradh airgid, cionta preideacáide agus maoiniú sceimhlitheoireachta ós rud é go bhfuil sé mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sceimhlitheoireachta agus maoinithe sceimhlitheoireachta, ar chuireanna a bhaineann le sárúithe ar chearta an duine agus ar leathadh arm núicléach ollscriosta. Dá bhrí sin, ní mór bearta iomchuí maolaithe riosca a dhéanamh i gcásanna ardriosca ina leith sin, gan dochar do chur i bhfeidhm oibleagáidí riailbhunaithe arna bhforchur faoi chóras smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe an Aontais;*

**Leasú 23**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 25**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) Tá sé tábhachtach go ndéanfadh eintitis faoi oibleagáid na bearta uile ar leibhéal a mbainistíochta chun beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha a chur chun feidhme agus chun ceanglais AML/CFT a chur chun feidhme. Cé gur cheart duine ar an leibhéal bainistíochta a shainaithint mar dhuine atá freagrach as beartais, rialuithe agus nósanna imeachta an eintitis faoi oibleagáid a chur chun feidhme, ba cheart do chomhlacht **rialaithe** an eintitis a bheith go hiomlán freagrach as ceanglais AML/CFT a chomhlíonadh. Cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme laethúil bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta AML/CFT an eintitis faoi oibleagáid, ba cheart iad a thabhairt de chúram d'oifigeach um chomhlíonadh.

**Leasú 24**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 27 a (nua)**

*Leasú*

(25) Tá sé tábhachtach go ndéanfadh eintitis faoi oibleagáid na bearta uile ar leibhéal a mbainistíochta chun beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha a chur chun feidhme agus chun ceanglais AML/CFT a chur chun feidhme. Cé gur cheart duine ar an leibhéal bainistíochta a shainaithint mar dhuine atá freagrach as beartais, rialuithe agus nósanna imeachta an eintitis faoi oibleagáid a chur chun feidhme, ba cheart do chomhlacht **bainistíochta** an eintitis a bheith go hiomlán freagrach as ceanglais AML/CFT a chomhlíonadh. Cúraimí a bhaineann le cur chun feidhme laethúil bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta AML/CFT an eintitis faoi oibleagáid, ba cheart iad a thabhairt de chúram d'oifigeach um chomhlíonadh.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(27a) D'fhéadfadh eintitis faoi oibleagáid foireann a fhostú a d'fhéadfadh a bheith incháilithe mar eintitis faoi oibleagáid iad féin de bhua a ngníomhaíochtaí gairmiúla. Ós rud é go bhfuil creat AML/CFT bunaithe ar ról gnólachtaí nó cleachtóirí aonair mar gheatóirí an chórais airgeadais, níl sé d'aidhm aige díriú ar na fostaithe sin. Chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú, is iomchuí cás fostaithe amháil dlíodóirí inmheánacha a shoiléiriú, ar fostaithe iad nár cheart a bheith faoi réir cheanglais an Rialacháin seo agus a bhfeidhm mar fhostaithe eintiteas faoi oibleagáid á gcomhlíonadh acu.**

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 27 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(27b) Ós rud é go bhfuil ceanglais AML/CFT infheidhme maidir le raon leathan d'eintitis faoi oibleagáid ó thaobh cineáil agus méide de araon, ba cheart go mbeadh sé de chúram ar AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt i dtaca le ceanglais agus caighdeáin íosta ag eintitis faoi oibleagáid ar trádálaithe aonair, oibreoirí aonair nó micrifhiontair iad, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na comhréireachta agus ar mhaolú an ualaigh riaracháin agus airgeadais.**

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 28**

(28) Tá rithábhacht le cur chun feidhme comhsheasmhach beartais agus nósanna imeachta AML/CFT uile-ghrúpa chun bainistíocht láidir agus éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta laistigh den ghrúpa. Chuige sin, ba cheart don mháthairghnóthas beartais, rialuithe agus nósanna imeachta uile-ghrúpa a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Ba cheart a cheangal ar eintitis faoi oibleagáid laistigh den ghrúpa faisnéis a mhalartú nuair atá an chomhroinnt sin ábhartha chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Ba cheart comhroinnt faisnéise a bheith faoi réir ráthaíochtaí leordhóthanacha ó thaobh na rúndachta, cosaint sonraí agus úsáid faisnéise de. Ba cheart é a bheith de chúram ar AMLA dréachtchaighdeáin rialála a tharraingt suas lena sonraítear na híoscheanglais maidir le nósanna imeachta agus beartais uile-ghrúpa, lena n-áirítear íoscheanglais maidir le comhroinnt faisnéise laistigh den ghrúpa agus ról agus freagrachtaí máthairghnóthas nach eintitis faoi oibleagáid iad féin.

**Leasú 27**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 29**

(29) I dteannta grúpaí, is ann do struchtúir eile, amhail líonraí nó comhpháirtíochtaí, ina bhféadfadh sé go ndéanfadh eintitis faoi oibleagáid úinéireacht, bainistíocht agus rialuithe comhlíontachta coiteanna a chomhroinnt. Chun cothroime iomaíochta a áirithiú ar fud na n-earnálacha agus ró-ualú air á sheachaint, ba cheart do AMLA na staideanna sin a shainaithe inar cheart

(28) Tá rithábhacht le cur chun feidhme comhsheasmhach beartais agus nósanna imeachta AML/CFT uile-ghrúpa chun bainistíocht láidir agus éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta laistigh den ghrúpa. Chuige sin, ba cheart don mháthairghnóthas beartais, rialuithe agus nósanna imeachta uile-ghrúpa a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Ba cheart a cheangal ar eintitis faoi oibleagáid laistigh den ghrúpa faisnéis a mhalartú nuair atá an chomhroinnt sin ábhartha chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc. Ba cheart comhroinnt faisnéise a bheith faoi réir ráthaíochtaí leordhóthanacha ó thaobh na rúndachta, cosaint sonraí agus úsáid faisnéise de. Ba cheart é a bheith de chúram ar AMLA dréachtchaighdeáin rialála a tharraingt suas lena sonraítear na híoscheanglais maidir le nósanna imeachta agus beartais uile-ghrúpa, lena n-áirítear íoscheanglais maidir le comhroinnt faisnéise laistigh den ghrúpa agus ról agus freagrachtaí máthairghnóthas nach eintitis faoi oibleagáid iad féin, **agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh.**

(29) I dteannta grúpaí, is ann do struchtúir eile, amhail líonraí nó comhpháirtíochtaí, ina bhféadfadh sé go ndéanfadh eintitis faoi oibleagáid úinéireacht, bainistíocht agus rialuithe comhlíontachta coiteanna a chomhroinnt. Chun cothroime iomaíochta a áirithiú ar fud na n-earnálacha agus ró-ualú air á sheachaint, ba cheart do AMLA na staideanna sin a shainaithe inar cheart

feidhm a bheith ag beartais uile-ghrúpa chomhchosúla maidir leis na struchtúir sin.

feidhm a bheith ag beartais uile-ghrúpa chomhchosúla maidir leis na struchtúir sin, ***agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh.***

**Leasú 28**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 30**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(30) Is ann d'imthosca ina bhfuil brainsí agus fochuideachtaí eintiteas faoi oibleagáid lonnaithe i dtríú tíortha inarb amhlaidh nach bhfuil na híoscheanglais AML/CFT, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le cosaint sonraí, chomh dian céanna le creat AML/CFT an Aontais. Sna staideanna sin, agus chun cosc iomlán a chur le húsáid chóras airgeadais an Aontais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta agus chun a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta saoránach de chuid an Aontais a chosaint ar an gcaighdeán is airde, ba cheart do na brainsí agus do na fochuideachtaí sin ceanglais AML/CFT a leagtar síos ar leibhéal an Aontais a chomhlíonadh. I gcás nach gceadaítear comhlíontacht leis na ceanglais sin le dlí tríú tír, mar shampla de dheasca teorainneacha le cumas an ghrúpa faisnéis a rochtain, a phróiseáil nó a mhalartú de dheasca leibhéal neamh-leordhóthanach cosanta sonraí nó dlí maidir le rúndacht baincéireachta sa tríú tír, ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid bearta breise a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfaidh na brainsí agus na fochuideachtaí atá lonnaithe sa tír sin na rioscaí a láimhseáil go héifeachtach. Ba cheart é a chur de chúram ar AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla a fhorbairt lena sonraítear cineál na mbeart breise sin.

*Leasú*

(30) Is ann d'imthosca ina bhfuil brainsí agus fochuideachtaí eintiteas faoi oibleagáid lonnaithe i dtríú tíortha inarb amhlaidh nach bhfuil na híoscheanglais AML/CFT, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le cosaint sonraí, chomh dian céanna le creat AML/CFT an Aontais. Sna staideanna sin, agus chun cosc iomlán a chur le húsáid chóras airgeadais an Aontais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta agus chun a áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta saoránach de chuid an Aontais a chosaint ar an gcaighdeán is airde, ba cheart do na brainsí agus do na fochuideachtaí sin ceanglais AML/CFT a leagtar síos ar leibhéal an Aontais a chomhlíonadh. I gcás nach gceadaítear comhlíontacht leis na ceanglais sin le dlí tríú tír, mar shampla de dheasca teorainneacha le cumas an ghrúpa faisnéis a rochtain, a phróiseáil nó a mhalartú de dheasca leibhéal neamh-leordhóthanach cosanta sonraí nó dlí maidir le rúndacht baincéireachta sa tríú tír, ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid bearta breise a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfaidh na brainsí agus na fochuideachtaí atá lonnaithe sa tír sin na rioscaí a láimhseáil go héifeachtach. Ba cheart é a chur de chúram ar AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla a fhorbairt lena sonraítear cineál na mbeart breise sin, ***agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh.***

*(32a) Ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais a áirithiú go ndéanfar bearta díchill chuí a chur i bhfeidhm ar bhonn measúnú riosca aonair agus nach ndiúltóidh sé go míchuí do chustaiméirí dlisteanacha rochtain a fháil ar sheirbhísí airgeadais, go háirithe maidir le catagóirí sonracha custaiméirí aonair a bhfuil riosca níos airde ag baint leo, amhail dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn chomh maith le cosantóirí chearta an duine, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus a n-ionadaithe agus a gcomhpháirtithe. Chuige sin, ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais a áirithiú go bhfuil a mbeartais, a rialuithe agus a nósanna imeachta inmheánacha i gcomhréir leis na rioscaí a sainaithníodh agus nach mbaineann siad an bonn go míchuí ó chuimsiú airgeadais. Cuireann rochtain ar tháirgí agus seirbhísí bunúsacha airgeadais ar chumas dídeanaithe agus daoine atá ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta a bheith rannpháirteach i saol eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais, i gcomhréir leis an gceart chun cosanta a chumhdaítear in Airteagal 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Ag an am céanna, seachnaíonn cuimsiú airgeadais idirbhearta a bheith á dtiomáint faoi thalamh trí bhealaí neamhghoirmiúla, rud a fhágann gur deacra idirbhearta amhrasacha a bhrath agus a thuairisciú. Dá bhrí sin, cuireann cuimsiú airgeadais go mór leis an gcomhrac i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. Leis an Rialachán seo, tugtar dóthain solúbthachta d’institiúidí airgeadais chun cliaint ionchasacha atá ina ndídeanaithe nó atá ag lorg cosanta a shainaitheint agus a fhíorú agus chun bearta comhréireacha*

*agus éifeachtacha a ghlacadh, i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe, chun rioscaí a bhaineann leis na cliaint sin a bhainistiú agus a mhaolú. Chun a áirithiú go mbainfear leas iomlán as solúbthacht den sórt sin, ba cheart d’institiúidí creidmheasa agus airgeadais glacadh le doiciméid arna n-eisiúint ag na Ballstáit ina luaitear cónaí dlíthiúil mar mhodh bailí chun críocha céannacht custaiméara a fhíorú. Chun cur chun feidhme éifeachtach rialacha AML/CFT a áirithiú, ba cheart d’institiúidí airgeadais aghaidh a thabhairt ar staid na ndídeanaithe agus na ndaoine atá ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta laistigh dá mbeartais inmheánacha agus nósanna imeachta dídeanaithe agus daoine atá ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta laistigh dá mbeartais agus nósanna imeachta inmheánacha, ba cheart do ÚFA agus ÚBE treoirlínte comhpháirteacha a eisiúint chun a shonrú conas cothromaíocht a choinneáil idir cuimsiú airgeadais na gcatagóirí custaiméirí a ndéanann an dí-riosca agus ceanglais AML/CFT difear mór dóibh agus chun a shoiléiriú conas is féidir riosca a mhaolú i ndáil leis na custaiméirí sin agus chun próisis thrédhearcacha agus chothroma a áirithiú do chustaiméirí.*

**Leasú 30**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 32 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(32b) Ba cheart d’eintitis faoi oibleagáid bearta iomchuí a dhéanamh chun céannacht úinéirí tairbhiúla a gcustaiméirí a fhíorú ionas go mbeidh a fhios acu cé hé an t-úinéir tairbhiúil agus go dtuigfidh siad struchtúr úinéireachta agus rialaithe an chustaiméara. Agus céannacht úinéara thairbhiúil á fíorú, ba*

*cheart d'eintitis faoi oibleagáid méid agus minicíocht na faisnéise breise a ndeachthas i gcomhairle léi ar bhonn riosca a chinneadh. Chuige sin, ba cheart dóibh an fhaisnéis, na doiciméid agus na sonraí is gá ón gcustaiméir nó ó fhoinsí iontaofa agus neamhspleácha a cheadú, amhail cláir ghnó nó doiciméid chorparáideacha ábhartha eile, agus ba cheart dóibh cláir úinéirí tairbhiúla a cheadú freisin mar a fhoráiltear in Airteagal 10 de Threoir (AE) „/„, [cuir isteach tagairt - togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/423 final]. Agus céannacht duine á fhíorú, ní mór stóinseacht na fianaise a cuireadh ar fáil agus an riosca goid aitheantais a chur san áireamh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, nuair a bhíonn amhras ar eintitis faoi oibleagáid go bhfuil an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil a dhearbhaigh an custaiméir bréagach nó gur falsaíodh nó gur goideadh an cruthúnas céannachta a sholáthraítear, nó i gcás ina bhfuil aon bhaol gaolmhar ann nach bhféadfadh céannacht an úinéara thairbhiúil a bheith i gcomhthráth leis an doiciméadacht a cuireadh ar fáil, gur cheart dóibh bearta a dhéanamh chun a sheiceáil an mbaineann an chéannacht a mhaítear le réasún leis an duine a dhearbhaigh an custaiméir agus an bhfuil na daoine sin ina n-úinéirí tairbhiúla ar an eintiteas dlíthiúil nó ar an socrú dlíthiúil.*

**Leasú 31**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 33**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(33) Níor cheart a cheangal ar eintitis faoi oibleagáid bearta maidir le dícheall cuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm maidir le custaiméir a dhéanann idirbhearta ócáideacha nó nasctha faoi bhun luach

*Leasú*

(33) Níor cheart a cheangal ar eintitis faoi oibleagáid bearta maidir le dícheall cuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm maidir le custaiméir a dhéanann idirbhearta ócáideacha nó nasctha faoi bhun luach



áirithe, mura rud é go bhfuil amhras ann faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta. De bharr go bhfuil feidhm ag an tairseach EUR 10 000 maidir leis an gcuid is mó de na hidirbhearta ócáideacha, eintitis faoi oibleagáid a oibríonn in earnálacha nó a dhéanann idirbhearta lena mbaineann riosca níos airde sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta ag a bhfuil tairseacha níos ísle. Chun earnálacha nó idirbhearta a shainaithint chomh maith leis na tairseacha leordhóthanacha le haghaidh na n-earnálacha nó na n-idirbheart sin, ba cheart do AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála thiomnaithe a fhorbairt.

áirithe, mura rud é go bhfuil amhras ann faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta. De bharr go bhfuil feidhm ag an tairseach EUR 10 000 maidir leis an gcuid is mó de na hidirbhearta ócáideacha, eintitis faoi oibleagáid a oibríonn in earnálacha nó a dhéanann idirbhearta lena mbaineann riosca níos airde sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, ba cheart a cheangal orthu dícheall cuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta ag a bhfuil tairseacha níos ísle, **agus gur cheart dóibh, go háirithe, a fhíorú an gcomhlíontar na tairseacha sin laistigh d'idirbhearta nasctha a bhfuil méideanna níos ísle acu.** Chun earnálacha nó idirbhearta a shainaithint chomh maith leis na tairseacha leordhóthanacha le haghaidh na n-earnálacha nó na n-idirbheart sin, ba cheart do AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála thiomnaithe a fhorbairt.

**Leasú 32**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 33 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(33a) Sainmhínítear caidrimh ghnó sa Rialachán seo agus tagraíonn siad do chaidrimh ghnó, ghairmiúla nó tráchtála a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí gairmiúla eintitis faoi oibleagáid. Táthar ag súil, tráth a bhunófar an teagmháil, go mbeidh fad iontu. I gcás idirbheart eastáit réadaigh, d'eintitis seachas institiúidí creidmheasa agus airgeadais, ciallaíonn caidreamh gnó soláthar seirbhísí lena mbaineann díol nó bróicéireacht níos mó ná maoin amháin thar thréimhse ama. Áirítear seirbhísí nó tairí nó dlíodóirí i ndíolachán freisin i gcás ina gceanglaítear na seirbhísí sin faoin dlí náisiúnta chun na hidirbhearta a dhéanamh nó chun maoin dhochorraithe a aistriú.**



**Leasú 33**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 34**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(34) Tá samhlacha gnó áirithe bunaithe ar ghaolmhaireacht ghnó a bheith ag an eintiteas faoi oibleagáid le ceannaí chun seirbhísí tionscanta íocaíochta a thairiscint trína n-íoctar an ceannaí as earraí nó seirbhísí a sholáthar, agus seachas le custaiméir an cheannaí, a údaraíonn an tseirbhís tionscanta íocaíochta chun idirbheart aonair nó aonuaire chuig an gceannaí a thionscnamh. I samhail ghnó den sórt sin, is é an ceannaí custaiméir an eintitis faoi oibleagáid chun críche rialacha AML/CFT seachas custaiméir an cheannaí. Dá bhrí sin, ba cheart don eintiteas faoi oibleagáid oibleagáidí maidir le dícheall cuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm vis-à-vis an ceannaí.

**Leasú 34**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 40**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(40) Chun éifeachtacht chreat AML/CFT a áirithiú, ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhaightear óna gcustaiméirí, i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe. Ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid córas faireacháin a chur ar bun freisin chun go mbraithfear idirbhearta

*Leasú*

(34) Tá samhlacha gnó áirithe bunaithe ar ghaolmhaireacht ghnó a bheith ag an eintiteas faoi oibleagáid le ceannaí chun seirbhísí tionscanta íocaíochta a thairiscint trína n-íoctar an ceannaí as earraí nó seirbhísí a sholáthar, agus seachas le custaiméir an cheannaí, a údaraíonn an tseirbhís tionscanta íocaíochta chun idirbheart aonair nó aonuaire **nó roinnt idirbheart** chuig an gceannaí a thionscnamh. I samhail ghnó den sórt sin, is é an ceannaí custaiméir an eintitis faoi oibleagáid chun críche rialacha AML/CFT seachas custaiméir an cheannaí. Dá bhrí sin, ba cheart don eintiteas faoi oibleagáid oibleagáidí maidir le dícheall cuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm vis-à-vis an ceannaí **amháin. Má chuireann an t-eintiteas céanna faoi oibleagáid seirbhísí íocaíochta ar fáil don cheannaí freisin, a thugann i seilbh cistí é, is é custaiméir an eintitis faoi oibleagáid an ceannaí freisin maidir le comhthairiscint seirbhísí tionscanta íocaíochta, seirbhísí faisnéise cuntais agus seirbhísí íocaíochta.**

*Leasú*

(40) Chun éifeachtacht chreat AML/CFT a áirithiú, ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhaightear óna gcustaiméirí, i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe. **Ní chiallaíonn sé sin gur cheart don eintiteas faoi oibleagáid céannacht gach custaiméara a**

neamhthipiciúla a d'fhéadfadh amhras a tharraingt faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta. Chun éifeachtacht an fhaireacháin ar an idirbheart a áirithiú, le gníomhaíocht faireacháin eintiteas faoi oibleagáid ba cheart i bprionsabal na seirbhísí agus na táirgí uile a thairgtear do chustaiméirí agus na hidirbhearta uile a dhéantar thar ceann an chustaiméara nó atá tairgthe don chustaiméir ag an eintiteas faoi oibleagáid, ba cheart iad a chumhdach. Mar sin féin, ní gá grinnscrúdú a dhéanamh ar na hidirbhearta uile ina n-aonar. Le déine an fhaireacháin ba cheart an cur chuige rioscabhunaithe a urramú agus ba cheart é a bheith deartha timpeall critéir bheachta agus ábhartha agus, go háirithe, saintréithe na gcustaiméirí agus leibhéal an riosca atá bainteach leo, na táirgí agus na seirbhísí a thairgtear, agus na tíortha nó na limistéir gheografacha lena mbaineann á gcur san áireamh. Ba cheart do AMLA treoirlínte a fhorbairt chun a áirithiú go mbeidh déine an fhaireacháin ar ghaolmhaireachtaí gnó agus idirbhearta leordhóthanach agus comhréireach le leibhéal an riosca.

*shainaithint agus a fhíorú gach uair a dhéanann custaiméir idirbheart. Ba cheart d'eintiteas faoi oibleagáid a bheith in ann brath ar na céimeanna sainaitheantais agus fíoraithe atá déanta aige cheana féin i gcásanna ísealriosca, ar choinníoll nach bhfuil amhras ann faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, nó nach bhfuil aon amhras réasúnach ann nach bhfuil an fhaisnéis cruinn agus cothrom le dáta a thuilleadh agus ar choinníoll nach bhfuil aon athrú ábhartha ar an gcaoi a n-oibrítear cuntas an chustaiméara, rud nach bhfuil comhsheasmhach le próifíl ghnó an chustaiméara. Ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid córas faireacháin a chur ar bun freisin chun go mbraithfear idirbhearta neamhthipiciúla a d'fhéadfadh amhras a tharraingt faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta. Chun éifeachtacht an fhaireacháin ar an idirbheart a áirithiú, le gníomhaíocht faireacháin eintiteas faoi oibleagáid ba cheart i bprionsabal na seirbhísí agus na táirgí uile a thairgtear do chustaiméirí agus na hidirbhearta uile a dhéantar thar ceann an chustaiméara nó atá tairgthe don chustaiméir ag an eintiteas faoi oibleagáid, ba cheart iad a chumhdach. Mar sin féin, ní gá grinnscrúdú a dhéanamh ar na hidirbhearta uile ina n-aonar. Le déine an fhaireacháin ba cheart an cur chuige rioscabhunaithe a urramú agus ba cheart é a bheith deartha timpeall critéir bheachta agus ábhartha agus, go háirithe, saintréithe na gcustaiméirí agus leibhéal an riosca atá bainteach leo, na táirgí agus na seirbhísí a thairgtear, agus na tíortha nó na limistéir gheografacha lena mbaineann á gcur san áireamh. Ba cheart do AMLA treoirlínte a fhorbairt chun a áirithiú go mbeidh déine an fhaireacháin ar ghaolmhaireachtaí gnó agus idirbhearta leordhóthanach agus comhréireach le leibhéal an riosca.*

**Leasú 35**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 47**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(47) Is é a chineál leanúnach agus athdhéantach atá mar shaintréith ag na ceanglais a bhaineann leis na gaolmhaireachtaí comhfhreagracha thrasteorann le hinstitiúid is freagróir i dtríú tír. Thairis sin, ní bhíonn an leibhéal céanna riosca maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ag baint le gach seirbhís baincéireachta comhfhreagraí trasteorann. Dá bhrí sin, ba cheart déine na mbeart díchill chuí feabhsaithe a chinneadh trí phrionsabail an chur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm. Níor cheart áfach an cur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm nuair a bhítear ag idirghníomhú le hinstitiúidí freagróra tríú tíre nach bhfuil aon láithreachth fhisiceach acu san áit ina bhfuil siad ionchorpraithe. Ag glacadh leis an riosca ard maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta is dual do bhlaoscbhainc, ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus d'institiúidí airgeadais staonadh ó aon ghaolmhaireacht chomhfhreagrach le blaoscbhainc den sórt sin.

*Leasú*

(47) Is é a chineál leanúnach agus athdhéantach atá mar shaintréith ag na ceanglais a bhaineann leis na gaolmhaireachtaí comhfhreagracha thrasteorann le hinstitiúid is freagróir i dtríú tír. Thairis sin, ní bhíonn an leibhéal céanna riosca maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta ag baint le gach seirbhís baincéireachta comhfhreagraí trasteorann. Dá bhrí sin, ba cheart déine na mbeart díchill chuí feabhsaithe a chinneadh trí phrionsabail an chur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm. Níor cheart, áfach, an cur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm nuair a bhítear ag idirghníomhú le hinstitiúidí freagróra tríú tíre nach bhfuil aon láithreachth fhisiceach acu san áit ina bhfuil siad ionchorpraithe ***nó le heintitis neamhchláráithe agus neamhcheadúnaithe a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní***. Ag glacadh leis an riosca ard maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta is dual do bhlaoscbhainc ***agus d'eintitis neamhchláráithe agus neamhcheadúnaithe***, ba cheart d'institiúidí creidmheasa agus d'institiúidí airgeadais staonadh ó aon ghaolmhaireacht chomhfhreagrach le blaoscbhainc den sórt sin ***agus le heintitis neamhchláráithe agus neamhcheadúnaithe a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní***. ***Chun comhlíonadh eintiteas faoi oibleagáid a éascú, ba cheart go mbunódh agus go gcothabhálfadh AMLA clár poiblí neamh-uileghabhálach d'eintitis a shainaithnítear mar bhlaoscbhainc nó mar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní neamhchláráithe nó neamhcheadúnaithe ar bhonn faisnéise arna tíolacadh ag údaráis inniúla, maoirseoirí agus eintitis eile faoi***

*oibleagáid. Níl le háireamh eintitis shonraigh sa chlár poiblí ach léiriú amháin agus níor cheart go ngabhfadh sé ionad na hoibleagáide ar eintitis faoi oibleagáid bearta leordhóthanacha agus éifeachtacha a ghlacadh chun an toirmeasc ar chaidreamh comhfhreagrach leis na heintitis sin a chomhlíonadh.*

**Leasú 36**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 48 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(48a) Cuireann seoltaí féinóstáilte ar chumas a n-úsáideoirí criptea-shócmhainní a fháil, a sheoladh agus a mhalartú ar fud an domhain, gan a gcéannacht a nochtadh ná a bheith faoi réir aon bhearta díchill chuí do chustaiméirí. Cé gur féidir idirbhearta a thairfeadh ar an mórleabhar dáilte a rianú siar go dtí seoladh féinostáilte ar leith, d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair nó dodhéanta seoladh den sórt sin a nascadh le fíordhuine. Ar an gcúis sin, is féidir mí-úsáid a bhaint as seoltaí féinostáilte chun gníomhaíochtaí coiriúla a cheilt nó chun dul timpeall ar smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe. Chun na rioscaí sin a bhainistiú agus a mhaolú mar is iomchuí, ba cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní, a mhéid is féidir, céannacht tionscnóra nó tairbhí idirbhirt a dhéantar ó sheoladh féinostáilte nó chuig seoladh féinostáilte a shuíomh agus aon bhearta díchill chuí feabhsaithe breise a chur i bhfeidhm atá leordhóthanach don leibhéal riosca a shainaithnítear. Is féidir le soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a bheith ag brath ar mhodhanna slána iontaofa fíoraithe arna ndéanamh ag tríú páirtithe. Níor cheart go léireofaí leis an gceanglas fíorúcháin go dtabharfaí le tuiscint le bordáil an duine ar leis an seoladh*

*féinostáilte, nó a rialaíonn an seoladh féinostáilte, gur custaiméir é an duine sin. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do ÚFA dréachtchaighdeán theicniúla rialála a fhorbairt chun na critéir agus na modhanna chun tionscnóir nó tairbhí idirbhirt le seoladh féinostáilte a shainaithint agus a fhíorú, agus na forbairtí teicneolaíochta is déanaí a gcur san áireamh.*

**Leasú 37**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 49**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(49) Chun feidhmiú cuí chóras airgeadais an Aontais a chosaint ó sciúradh airgid agus ó mhaoiniú sceimhlitheoireachta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean don Choimisiún chun tríú tíortha, a léiríonn a n-easnaimh ina gcórais náisiúnta AML/CFT bagairt do shláine mhargadh inmheánach an Aontais, a shainaithint. Éilíonn cineál athraitheach bhagairtí an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta as lasmuigh den Aontas, arna éascú le forbairt leanúnach na teicneolaíochta agus na modhanna atá ar fáil ag na coirpigh, go ndéanfar oiriúnuithe tapa agus leanúnacha ar an gcreat dlíthiúil maidir le tríú tíortha chun aghaidh a thabhairt go héifeachtúil ar na rioscaí atá ann cheana agus cosc a chur le rioscaí nua teacht chun cinn. Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún i gcuntas faisnéis ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó cheannródaithe caighdeán i réimse AML/CFT amhail ráitis phoiblí FATF, meastóireacht fhrithpháirteach nó tuarascálacha measúnaithe mionsonraithe nó tuarascálacha leantacha foilsithe, agus a mheasúnuithe a oiriúnú do na hathruithe

*Leasú*

(49) Chun feidhmiú cuí chóras airgeadais an Aontais a chosaint ó sciúradh airgid agus ó mhaoiniú sceimhlitheoireachta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean don Choimisiún chun tríú tíortha, a léiríonn a n-easnaimh ina gcórais náisiúnta AML/CFT bagairt do shláine mhargadh inmheánach an Aontais, a shainaithint. Éilíonn cineál athraitheach bhagairtí an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta as lasmuigh den Aontas, arna éascú le forbairt leanúnach na teicneolaíochta agus na modhanna atá ar fáil ag na coirpigh, go ndéanfar oiriúnuithe tapa agus leanúnacha ar an gcreat dlíthiúil maidir le tríú tíortha chun aghaidh a thabhairt go héifeachtúil ar na rioscaí atá ann cheana agus cosc a chur le rioscaí nua teacht chun cinn. Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún i gcuntas faisnéis ó **instiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, ó údaráis inniúla, ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ón saol acadúil, agus ó eagraíochtaí** idirnáisiúnta agus ó cheannródaithe caighdeán i réimse AML/CFT amhail ráitis phoiblí FATF,

ann, i gcás inarb iomchuí.

meastóireacht fhrithpháirteach nó tuarascálacha measúnaithe mionsonraithe nó tuarascálacha leantacha foilsithe, agus a mheasúnuithe a oiriúnú do na hathruithe ann, i gcás inarb iomchuí.

**Leasú 38**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 52**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(52) Tíortha nach sainaithnítear go poiblí mar tíortha atá faoi réir glaonna chun gnímh nó faireacháin mhéadaithe ag bunaitheoirí caighdeán idirnáisiúnta, d'fhéadfadh na tíortha sin bagairt fós ar shláine chóras airgeadais an Aontais. Chun na rioscaí sin a mhaolú, ba cheart **don Choimisiún** a bheith **in ann beart** a dhéanamh **trína shainaitheint**, bunaithe ar thacar soiléir critéar agus le tacaíocht **AMLA**, cé na tríú tíortha **a chruthaíonn** bagairt shonrach thromchúiseach **do** chóras airgeadais an Aontais, a d'fhéadfadh a bheith **amhlaidh i ngeall** ar laigí **comhlíontachta** nó easnaimh straitéiseacha **nach beag** de chineál **marthanach** ina gcóras AML/CFT, agus na bearta **maolaitheacha** ábhartha. Ba cheart **don Choimisiún na tríú tíortha sin** a shainaithint. De réir an leibhéil riosca **do chóras** airgeadais an Aontais, ba cheart **don Choimisiún a cheangal go gcuirfí** gach beart díchill chuí **feabhsaithe agus frithbhearta tírshonracha i bhfeidhm, faoi mar atá i gcás tríú tíortha ardriosca**, nó dícheall cuí do chustaiméirí feabhsaithe tírshonrach, **amhail i gcás tríú tíortha ag a bhfuil laigí comhlíontachta**.

*Leasú*

(52) Tíortha nach sainaithnítear go poiblí mar tíortha atá faoi réir glaonna chun gnímh nó faireacháin mhéadaithe ag bunaitheoirí caighdeán idirnáisiúnta, d'fhéadfadh na tíortha sin bagairt fós ar shláine chóras airgeadais an Aontais **agus ar fheidhmiú ordúil an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart do ÚFA faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i dtríú tíortha agus measúnú a dhéanamh ar na bagairtí agus na rioscaí gaolmhara don Aontas**. Chun na rioscaí sin a mhaolú, ba cheart **é** a bheith **indéanta do ÚFA gníomhaíocht** a dhéanamh, bunaithe ar thacar soiléir critéar agus le tacaíocht **ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, agus ó údaráis inniúla, trí anailís a dhéanann eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an saol acadúil a thabhairt le fios, mar aon le measúnuithe nó tuarascálacha arna dtarraingt suas ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag lucht leagtha amach caighdeán a bhfuil inniúlacht acu maidir le sciúradh airgid a chosc agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac**, tríú tíortha **nó críoche ar bagairt shonrach thromchúiseach iad ar chóras airgeadais an Aontais**, a d'fhéadfadh a bheith **mar thoradh** ar laigí **comhlíonta** nó easnaimh straitéiseacha **shuntasacha** de chineál **seasmhach** ina gcóras AML/CFT, agus na bearta **maolaithe** ábhartha. **Chun na críche sin**, ba cheart **do ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun bearta**



*sonracha feabhsaithe díchill chuí a shainnaithe a bheidh le cur i bhfeidhm ag eintitis faoi oibleagáid chun rioscaí a mhaolú a bhaineann le caidrimh ghnó nó idirbhearta ócáideacha lena mbaineann daoine nádúrtha nó dlítheanacha ó thríú tír ard atá ina mbagairt shonrach thromchúiseach ar an Aontas. De réir an leibhéil riosca a bhaineann le córas airgeadais an Aontais, ba cheart go gceanglófaí le ÚFA gach beart feabhsaithe díchill chuí nó dícheall cuí do chustaiméirí feabhsaithe tírshonrach a chur i bhfeidhm. Má leantar den bhagairt ar chóras airgeadais an Aontais gan aon bhearta éifeachtacha a bheith á nglacadh ag an tríú tír chun na rioscaí arda a mhaolú, ba cheart don Choimisiún, tar éis dul i gcomhairle le ÚFA, a éileamh go gcuirfí frithbheart breise i bhfeidhm.*

**Leasú 39**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 53**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(53) Ag glacadh leis go bhféadfaí athruithe a dhéanamh ar chreataí AML/CFT na dtríú tíortha sin nó ar a gcur chun feidhme, mar shampla mar thoradh ar thiomantas na tíre aghaidh a thabhairt ar na laigí sainaitheanta nó mar gheall ar bhearta AML/CFT ábhartha a ghlacadh chun dul i ngleic leo, rud a d'fhéadfadh cineál agus leibhéal na rioscaí a thagann uathu a athrú, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar sainnithint na mbeart díchill chuí feabhsaithe sonracha sin chun a áirithiú go mbeidh siad comhréireach agus leordhóthanach i gcónaí.

*Leasú*

(53) Ag glacadh leis go bhféadfaí athruithe a dhéanamh ar chreataí AML/CFT na dtríú tíortha sin nó ar a gcur chun feidhme, mar shampla mar thoradh ar thiomantas na tíre aghaidh a thabhairt ar na laigí sainaitheanta nó mar gheall ar bhearta AML/CFT ábhartha a ghlacadh chun dul i ngleic leo, rud a d'fhéadfadh cineál agus leibhéal na rioscaí a thagann uathu a athrú, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar sainnithint na mbeart díchill chuí feabhsaithe sonracha sin chun a áirithiú go mbeidh siad comhréireach agus leordhóthanach i gcónaí. ***Ba cheart don Choimisiún athbhreithnithe den sórt sin a fhoilsiú.***

**Leasú 40**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 53 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(53a) D'fhéadfadh institiúidí áirithe creidmheasa nó airgeadais nach bhfuil bunaithe san Aontas a bheith ina mbagairt shonrach thromchúiseach ar chóras airgeadais an Aontais. Chun an bhagairt sin a mhaolú, ba cheart go mbeadh ÚFA in ann, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do na comhlachtaí sonracha a leagtar amach sa Rialachán seo, gníomhaíocht a dhéanamh trí institiúidí creidmheasa nó airgeadais nach bhfuil bunaithe san Aontas, ar bagairt shonrach thromchúiseach iad do chóras airgeadais an Aontais, a shainaithint. Ag brath ar an leibhéal riosca a bhaineann le córas airgeadais an Aontais, ba cheart do ÚFA a cheangal ar eintitis faoi oibleagáid roghnaithe bearta nithiúla a chur i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú agus ba cheart go mbeadh sé in ann cinntí a ghlacadh atá dírithe ar mhaoirseoirí airgeadais chun a áirithiú go gcuirfidh eintitis neamhroghnaithe faoi oibleagáid bearta maolaithe aonfhoirmeacha i bhfeidhm maidir leis na cinn arna sainaithint ag ÚFA.*

**Leasú 41**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 54**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(54) Ní ó thríú tíortha amháin a thagann na bagairtí seachtracha féideartha do chóras airgeadais an Aontais, ach is féidir leo teacht chun cinn freisin i ndáil le tosca riosca sonracha a bhaineann do chustaiméirí nó do tháirgí, seirbhísí, idirbhearta nó bealaí seachadta a fheictear i ndáil le limistéar geografach táirgeachta sonracha lasmuigh den Aontas. Is gá dá bhrí

(54) Ní ó thríú tíortha amháin a thagann na bagairtí seachtracha féideartha do chóras airgeadais an Aontais, ach is féidir leo teacht chun cinn freisin i ndáil le tosca riosca sonracha a bhaineann do chustaiméirí nó do tháirgí, seirbhísí, idirbhearta nó bealaí seachadta a fheictear i ndáil le limistéar geografach táirgeachta sonracha lasmuigh den Aontas. Is gá dá bhrí



sin treochtaí, rioscaí agus modhanna sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaitint, a bhféadfadh neamhchosaint a bheith ag eintitis faoi oibleagáid an Aontais orthu. Is é *AMLA* is fearr a bheidh in ann aon tíopeolaíocht ML/TF a thagann chun cinn ó lasmuigh den Aontas a bhrath, chun a bhforbairt a fhaire d'fhonn treoraíocht a sholáthar d'eintitis faoi oibleagáid an Aontais maidir leis an ngá bearta díchill chuí feabhsaithe a chur i bhfeidhm atá dírithe ar rioscaí den sórt sin a mhaolú.

sin treochtaí, rioscaí agus modhanna sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaitint, a bhféadfadh neamhchosaint a bheith ag eintitis faoi oibleagáid an Aontais orthu. *Le tacaíocht ó chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Europol, a bhfuil baint aige cheana féin i gcreat AML/CFT, agus údaráis inniúla*, is é *ÚFA* is fearr a bheidh in ann aon tíopeolaíocht ML/TF a thagann chun cinn ó lasmuigh den Aontas a bhrath, chun a bhforbairt a fhaire d'fhonn treoraíocht a sholáthar d'eintitis faoi oibleagáid an Aontais maidir leis an ngá bearta díchill chuí feabhsaithe a chur i bhfeidhm atá dírithe ar rioscaí den sórt sin a mhaolú.

**Leasú 42**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 57**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(57) Nuair nach gcuirfear feidhm phoiblí shuntasach ar iontaoibh custaiméirí a thuilleadh, féadfaidh siad riosca níos airde a chruthú fós, mar shampla mar gheall ar an tionchar neamhfhoirmiúil a d'fhéadfaidís a fheidhmiú fós, nó toisc go bhfuil a bhfeidhmeanna roimhe seo agus a bhfeidhmeanna reatha nasctha. Tá sé fíorriachtanach go gcuirfeadh eintitis faoi oibleagáid na rioscaí leanúnacha sin san áireamh agus go gcuirfidís beart díchill chuí feabhsaithe amháin nó níos mó i bhfeidhm go dtí go meastar nach bhfuil aon riosca eile ag baint leis na daoine aonair, agus in aon chás nach lú ná **12** mhí tar éis an ama nach bhfuil cúram orthu a thuilleadh maidir le feidhm phoiblí shuntasach.

*Leasú*

(57) Nuair nach gcuirfear feidhm phoiblí shuntasach ar iontaoibh custaiméirí a thuilleadh, féadfaidh siad riosca níos airde a chruthú fós, mar shampla mar gheall ar an tionchar neamhfhoirmiúil a d'fhéadfaidís a fheidhmiú fós, nó toisc go bhfuil a bhfeidhmeanna roimhe seo agus a bhfeidhmeanna reatha nasctha. Tá sé fíorriachtanach go gcuirfeadh eintitis faoi oibleagáid na rioscaí leanúnacha sin san áireamh agus go gcuirfidís beart díchill chuí feabhsaithe amháin nó níos mó i bhfeidhm go dtí go meastar nach bhfuil aon riosca eile ag baint leis na daoine aonair, agus in aon chás nach lú ná **24** mhí tar éis an ama nach bhfuil cúram orthu a thuilleadh maidir le feidhm phoiblí shuntasach.

**Leasú 43**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 60 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(60a) D'fhéadfadh caidreamh gnó agus idirbhearta ócáideacha a bhaineann le custaiméirí a bhfuil glanfhiúchas ard acu agus a mbaineann toisc amháin nó roinnt tosca riosca níos airde leo dochar tromchúiseach a dhéanamh do shláine chóras airgeadais an Aontais agus d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le leochaileachtaí tromchúiseacha sa mhargadh inmheánach. Dá bhrí sin, ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid a chinneadh ar bhonn riosca-íogair cibé an bhfuil an custaiméir nó úinéir tairbhiúil an chustaiméara ina dhuine aonair ar ródhócha go bhfuil glanfhiúchas ard aige le linn nósanna imeachta díchill chuí. I gcás ina sainaithníonn eintiteas faoi oibleagáid gur duine aonair ar ródhócha go bhfuil glanfhiúchas ard aige é custaiméir nó úinéir tairbhiúil custaiméara, ba cheart dó bearta díchill chuí feabhsaithe sonracha do chustaiméirí a chur i bhfeidhm mar a leagtar síos sa Rialachán seo maidir leis na custaiméirí sin.*

**Leasú 44**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 62**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(62) Féadfaidh eintitis faoi oibleagáid cúraimí a bhaineann le feidhmiú díchill chuí do chustaiméirí a sheachfhoinsiú chuig gníomhaire nó chuig soláthraí seirbhíse seachtrach, mura bhfuil siad bunaithe i dtríú tíortha atá ainmnithe mar thíortha ardriosca, a bhfuil laigí comhlíontachta acu nó a bhagraíonn ar chóras airgeadais an Aontais. Maidir le gaolmhaireachtaí gníomhaireachta nó

(62) Féadfaidh eintitis faoi oibleagáid cúraimí a bhaineann le feidhmiú díchill chuí do chustaiméirí a sheachfhoinsiú chuig gníomhaire nó chuig soláthraí seirbhíse seachtrach, mura bhfuil siad bunaithe i dtríú tíortha atá ainmnithe mar thíortha ardriosca, a bhfuil laigí comhlíontachta acu nó a bhagraíonn ar chóras airgeadais an Aontais. **Ba cheart go dtacódh na gníomhaíochtaí**

seachfhoinsithe ar bhonn conartha idir eintitis faoi oibleagáid agus soláthraithe seirbhíse seachtracha nach gcumhdaítear le ceanglais AML/CFT, ní fhéadfadh aon oibleagáid AML/CFT ar na gníomhairí sin nó ar na soláthraithe seirbhísí seachfhoinsithe sin teacht chun cinn ach amháin ón gconradh idir na páirtithe agus ní ón Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart go bhfanfadh an fhreagracht maidir leis na ceanglais AML/CFT a chomhlíonadh go hiomlán leis an eintiteas faoi oibleagáid féin. Ba cheart don eintiteas faoi oibleagáid go háirithe a áirithiú, i gcás ina mbeidh an soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe rannpháirteach chun críocha sainaitheint chianda custaiméara, go n-urramófar an cur chuige rioscabhunaithe.

***seachfhoinsithe sin le heintitis faoi oibleagáid chun faisnéis iomlán, thráthúil agus chruinn a fháil trí úsáid a bhaint as uirlisí cinnteoireachta, amhail nuacht dhomhanda, gnó, bunachair sonraí rialála agus dhlíthiúla.*** Maidir le gaolmhaireachtaí gníomhaireachta nó seachfhoinsithe ar bhonn conartha idir eintitis faoi oibleagáid agus soláthraithe seirbhíse seachtracha nach gcumhdaítear le ceanglais AML/CFT, ní fhéadfadh aon oibleagáid AML/CFT ar na gníomhairí sin nó ar na soláthraithe seirbhísí seachfhoinsithe sin teacht chun cinn ach amháin ón gconradh idir na páirtithe agus ní ón Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart go bhfanfadh an fhreagracht maidir leis na ceanglais AML/CFT a chomhlíonadh go hiomlán leis an eintiteas faoi oibleagáid féin. Ba cheart don eintiteas faoi oibleagáid go háirithe a áirithiú, i gcás ina mbeidh an soláthraí seirbhíse seachfhoinsithe rannpháirteach chun críocha sainaitheint chianda custaiméara, go n-urramófar an cur chuige rioscabhunaithe. ***Níor cheart go ndéanfaidh seachfhoinsiú cúraimí a eascraíonn as ceanglais faoin Rialachán seo chun dícheall cuí custaiméara a dhéanamh chuig gníomhaire nó soláthraí seirbhíse seachtrach an t-eintiteas faoi oibleagáid a dhiolmhú ó aon oibleagáid faoi Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear faoi Airteagal 28 de.***

## **Leasú 45**

### **Togra le haghaidh rialacháin**

#### **Aithris 63**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(63) Ionas go bhfeidhmeoidh gaolmhaireachtaí spleáchais agus seachfhoinsithe tríú páirtí go héifeachtúil, tá gá le soiléireacht bhreise maidir leis na coinníollacha ar dá réir a tharlóidh an spleáchas. Ba cheart é a bheith de chúram ar AMLA treoirilínte a fhorbairt maidir leis na coinníollacha faoinar féidir le spleáchas

*Leasú*

(63) Ionas go bhfeidhmeoidh gaolmhaireachtaí spleáchais agus seachfhoinsithe tríú páirtí go héifeachtúil, tá gá le soiléireacht bhreise maidir leis na coinníollacha ar dá réir a tharlóidh an spleáchas. Ba cheart é a bheith de chúram ar AMLA treoirilínte a fhorbairt maidir leis na coinníollacha faoinar féidir le spleáchas

agus le seachfhoinsiú tríú páirtí tarlú, chomh maith le róil agus freagrachtaí na bpáirtithe faoi seach. Chun a áirithiú go ndéanfar formhaoirseacht chomhsheasmhach ar chleachtais spleáchais agus seachfhoinsithe a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart do na treoirlínte soiléireacht a sholáthar freisin ar conas ba cheart do mhaoirseoirí cleachtais den sórt sin a chur san áireamh agus comhlíontacht le ceanglais AML/CFT a fhíorú nuair a ghabhann eintitis faoi oibleagáid i dtuilleamaí na gcleachtas sin.

## **Leasú 46** **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 65**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(65) Ba cheart rialacha mionsonraithe a leagan síos chun úinéirí tairbhiúla eintiteas corparáideach agus eintiteas dlítheanach eile a shainnithint agus chun na sainmhínte ar úinéireacht thairbhiúil a chomhchuíbhiú. Cé nach gcinneann céatadán sonrach leasa scairshealbhóireachta nó úinéireachta na húinéirí tairbhiúla go huathoibríoch, ba cheart dó a bheith mar thoisic amháin, i measc tosca eile, a chuirfear san áireamh. Ba cheart **do na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh, áfach, go bhféadfaidh céatadán níos ísle ná 25 % a bheith ina léiriú ar úinéireacht nó ar rialú. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar rialú trí leas úinéireachta 25 % móide ceann de na scaireanna nó de na cearta vótála nó trí leas úinéireachta eile** ar gach leibhéal úinéireachta, rud a chiallaíonn gur cheart feidhm a bheith ag an tairseach **sin** maidir le gach **nasc** sa struchtúr úinéireachta agus gur cheart gach **nasc** sa struchtúr úinéireachta agus an **meascán** díobh a scrúdú i **gceart**.

agus le seachfhoinsiú tríú páirtí tarlú, chomh maith le róil agus freagrachtaí na bpáirtithe faoi seach. Chun a áirithiú go ndéanfar formhaoirseacht chomhsheasmhach ar chleachtais spleáchais agus seachfhoinsithe a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart do na treoirlínte soiléireacht a sholáthar freisin ar conas ba cheart do mhaoirseoirí cleachtais den sórt sin a chur san áireamh agus comhlíontacht le ceanglais AML/CFT a fhíorú nuair a ghabhann eintitis faoi oibleagáid i dtuilleamaí na gcleachtas sin.

*Leasú*

(65) Ba cheart rialacha mionsonraithe a leagan síos chun úinéirí tairbhiúla eintiteas corparáideach agus eintiteas dlítheanach eile a shainnithint agus chun na sainmhínte ar úinéireacht thairbhiúil a chomhchuíbhiú. Cé nach gcinneann céatadán sonrach leasa scairshealbhóireachta nó úinéireachta na húinéirí tairbhiúla go huathoibríoch, ba cheart dó a bheith mar thoisic amháin, i measc tosca eile, a chuirfear san áireamh. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar rialú trí leas úinéireachta ar gach leibhéal úinéireachta, rud a chiallaíonn gur cheart feidhm a bheith ag an tairseach **shonrach** maidir le gach **leibhéal naisc** sa struchtúr úinéireachta agus gur cheart gach **leibhéal** sa struchtúr úinéireachta agus an **teaghlaim** díobh a scrúdú **mar is ceart**. I **gcás scairsheilbh indíreach, ba cheart na húinéirí tairbhiúla a shainnithint trí na scaireanna sa slabhra úinéireachta a iolrú. Chuige sin, ba cheart gach scair atá faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach an duine nádúrtha chéanna a chur le chéile**.

**Leasú 47**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 66**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(66) Má táthar chun na húinéirí tairbhiúla a shainaithint go bríoch éilítear cinneadh maidir le cibé an ndéantar rialú a fheidhmiú trí mheáin eile. Is gá rialú a chinneadh trí leas úinéireachta ach ní leor é agus ní mó é ná na seiceálacha is gá chun na húinéirí tairbhiúla a chinneadh. An tástáil ar cibé a fheidhmíonn nó nach bhfeidhmíonn aon duine nádúrtha rialú trí mheáin eile, ní tástáil iardain é sin nach ndéanfar ach amháin nuair nach féidir leas úinéireachta a chinneadh. Ba cheart an dá thástáil, eadhon an tástáil ar rialú trí leas úinéireachta agus é sin ar rialú trí mheáin eile, a dhéanamh i gcomhthreo. D'fhéadfaí a áireamh le rialú trí mheáin eile an ceart níos mó ná leath de chomhaltaí an bhoird nó an eintitis chorparáidigh a cheapadh nó a bhaint; an cumas tionchar suntasach a imirt ar na cinntí arna nglacadh ag an eintiteas corparáideach; rialú trí chomhaontuithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla le húinéirí, comhaltaí nó na heintitis chorparáideacha, chomh maith le socruithe vótála; naisc le baill teaghlaigh bainisteoirí nó stiúrthóirí nó iad sin ar leo an t-eintiteas corparáideach nó atá á rialú; úsáid *a bhaint as* socruithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla *i gcás ainmnitheach*.

**Leasú 48**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 72**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(72) Is gá a áirithiú go mbeidh cothroime iomaíochta i measc na gcineálacha difriúla foirmeacha dlíthiúla agus ionas nach mbainfear mí-úsáid as iontaobhais agus as socruithe dlíthiúla,

*Leasú*

(66) Má táthar chun na húinéirí tairbhiúla a shainaithint go bríoch éilítear cinneadh maidir le cibé an ndéantar rialú a fheidhmiú trí mheáin eile. Is gá rialú a chinneadh trí leas úinéireachta ach ní leor é agus ní mó é ná na seiceálacha is gá chun na húinéirí tairbhiúla a chinneadh. An tástáil ar cibé a fheidhmíonn nó nach bhfeidhmíonn aon duine nádúrtha rialú trí mheáin eile, ní tástáil iardain é sin nach ndéanfar ach amháin nuair nach féidir leas úinéireachta a chinneadh. Ba cheart an dá thástáil, eadhon an tástáil ar rialú trí leas úinéireachta agus é sin ar rialú trí mheáin eile, a dhéanamh i gcomhthreo. D'fhéadfaí a áireamh le rialú trí mheáin eile an ceart níos mó ná leath de chomhaltaí an bhoird nó an eintitis chorparáidigh a cheapadh nó a bhaint; an cumas tionchar suntasach a imirt ar na cinntí arna nglacadh ag an eintiteas corparáideach; rialú trí chomhaontuithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla le húinéirí, comhaltaí nó na heintitis chorparáideacha, chomh maith le socruithe vótála; naisc le baill teaghlaigh bainisteoirí nó stiúrthóirí nó iad sin ar leo an t-eintiteas corparáideach nó atá á rialú; úsáid socruithe *ainmnitheacha* foirmiúla nó neamhfhoirmiúla *nó rialú trí ionstraimí fiachais nó trí shocruithe maoinithe eile*.

*Leasú*

(72) Is gá a áirithiú go mbeidh cothroime iomaíochta i measc na gcineálacha difriúla foirmeacha dlíthiúla agus ionas nach mbainfear mí-úsáid as iontaobhais agus as socruithe dlíthiúla,

rudáí a bhíonn srathaithe i struchtúir chasta go minic chun úinéireacht thairbhiúil a chur faoi cheilt tuilleadh. Ba cheart dá bhrí sin d'iontaobhaithe aon iontaobhais shainráite arna riar i mBallstát a bheith freagrach as faisnéis úinéireachta tairbhiúla atá leormhaith, chruinn agus reatha maidir leis an iontaobhas a fháil agus a shealbhú, agus as a stádas a nochtadh agus an fhaisnéis sin a sholáthar d'eintitis faoi oibleagáid atá ag tabhairt faoi dhícheall cuí custaiméara. Ba cheart d'aon úinéir tairbhiúil eile de chuid an iontaobhais cúnamh a thabhairt don iontaobhaí chun faisnéis den sórt sin a fháil.

rudáí a bhíonn srathaithe i struchtúir chasta go minic chun úinéireacht thairbhiúil a chur faoi cheilt tuilleadh. Ba cheart dá bhrí sin d'iontaobhaithe aon iontaobhais shainráite arna riar i mBallstát a bheith freagrach as faisnéis úinéireachta tairbhiúla atá leormhaith, chruinn agus reatha maidir leis an iontaobhas a fháil agus a shealbhú, agus as a stádas a nochtadh agus an fhaisnéis sin a sholáthar d'eintitis faoi oibleagáid atá ag tabhairt faoi dhícheall cuí custaiméara, **agus sainiúlachtaí agus rioscaí na gcóras dlí éagsúil á gcur san áireamh, lena n-áirítear dlínsí an dlí choitinn.** Ba cheart d'aon úinéir tairbhiúil eile de chuid an iontaobhais cúnamh a thabhairt don iontaobhaí chun faisnéis den sórt sin a fháil.

**Leasú 49**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 73**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(73) I bhfianaise struchtúr sonrath eintiteas dlítheanach ar leith amhail fondúireachtaí, agus an gá atá ann a áirithiú go mbeidh trédhearcacht leordhóthanach ann maidir lena n-úinéireacht thairbhiúil, ba cheart d'eintitis agus do shocruithe dlíthiúla cosúil le hiontaobhais a bheith faoi réir ceanglais úinéireachta tairbhiúla choibhéiseacha cosúil leo sin a bhfuil feidhm acu maidir le hiontaobhais shainráite.

**Leasú 50**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 77**

*Leasú*

(73) I bhfianaise struchtúr sonrath eintiteas dlítheanach ar leith amhail fondúireachtaí, agus an gá atá ann a áirithiú go mbeidh trédhearcacht leordhóthanach ann maidir lena n-úinéireacht thairbhiúil, ba cheart d'eintitis agus do shocruithe dlíthiúla cosúil le hiontaobhais a bheith faoi réir ceanglais úinéireachta tairbhiúla choibhéiseacha cosúil leo sin a bhfuil feidhm acu maidir le hiontaobhais shainráite, **agus aird chuí á tabhairt ar na sainiúlachtaí a bhaineann go dlúth leis na heintitis dhlíthiúla éagsúla, go háirithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta.**

(77) Ba cheart idirbhearta amhrasacha, lena n-áirítear iarrachtaí ar idirbhearta, agus faisnéis eile **atá ábhartha don** sciúradh airgid, cionta preideacáide bainteacha agus maoiniú sceimhlitheoireachta a thuairisciú do AFA, ar cheart dó feidhmiú mar aonad náisiúnta lárnach aonair chun amhrais a tuairiscíodh a fháil agus, a anailísiú agus chun torthaí a anailís a scaipeadh ar na húdaráis inniúla. Ba cheart gach idirbheart amhrasach, lena n-áirítear iarrachtaí ar idirbhearta a thuairisciú, gan beann ar mhéid an idirbhirt. D'fhéadfadh faisnéis thairseachbhunaithe a bheith ar áireamh freisin san fhaisnéis thuairiscithe. Maidir leis an nochtadh faisnéise a dhéanfaidh eintiteas faoi oibleagáid nó fostaí nó stiúirthóir d'eintiteas faoi oibleagáid den sórt sin chuig AFA de mheon macánta, níor cheart go gcuimseofaí leis sárú ar aon srian ar nochtadh faisnéise agus ní bheidh an t-eintiteas faoi oibleagáid, a stiúirthóirí nó a fhostaithe faoi dhliteanas ar bith maidir leis.

## **Leasú 51**

### **Togra le haghaidh rialacháin**

#### **Aithris 78**

(78) D'fhéadfadh difríochtaí in oibleagáidí maidir le tuairisciú ar idirbhearta amhrasacha idir Ballstáit dlús a chur faoi na deacrachtaí i gcomhlíontacht AML/CFT a bhí ag eintitis faoi oibleagáid a bhfuil láithreachtaí nó oibríochtaí trasteorann acu. Thairis sin, bíonn tionchar ag struchtúr agus ag inneachar na dtuairiscí

(77) Ba cheart **amhrais**, idirbhearta amhrasacha, lena n-áirítear iarrachtaí ar idirbhearta, agus faisnéis eile **a bhaineann leis an** sciúradh airgid, cionta preideacáide bainteacha agus maoiniú sceimhlitheoireachta a thuairisciú do AFA, ar cheart dó feidhmiú mar aonad náisiúnta lárnach aonair chun amhrais a tuairiscíodh a fháil agus, a anailísiú agus chun torthaí a anailís a scaipeadh ar na húdaráis inniúla. **Neartóidh AFAnna an comhar le húdaráis inniúla eile chun a úirithiú go ndéanfar faisnéis fhóna a mhalartú ar bhealach tráthúil agus cuiditheach i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme.** Ba cheart gach idirbheart amhrasach, lena n-áirítear iarrachtaí ar idirbhearta a thuairisciú, gan beann ar mhéid an idirbhirt. D'fhéadfadh faisnéis thairseachbhunaithe a bheith ar áireamh freisin san fhaisnéis thuairiscithe. Maidir leis an nochtadh faisnéise a dhéanfaidh eintiteas faoi oibleagáid nó fostaí nó stiúirthóir d'eintiteas faoi oibleagáid den sórt sin chuig AFA de mheon macánta, níor cheart go gcuimseofaí leis sárú ar aon srian ar nochtadh faisnéise agus ní bheidh an t-eintiteas faoi oibleagáid, a stiúirthóirí nó a fhostaithe faoi dhliteanas ar bith maidir leis.

(78) D'fhéadfadh difríochtaí in oibleagáidí maidir le tuairisciú ar idirbhearta amhrasacha idir Ballstáit dlús a chur faoi na deacrachtaí i gcomhlíontacht AML/CFT a bhí ag eintitis faoi oibleagáid a bhfuil láithreachtaí nó oibríochtaí trasteorann acu. Thairis sin, bíonn tionchar ag struchtúr agus ag inneachar na dtuairiscí



ar idirbhearta amhrasacha ar chumas AFA anailís a dhéanamh agus ar chineál na hanailíse sin, agus déanann sé difear freisin do chumais AFAnna dul i gcomhar agus faisnéis a mhalartú. Chun éascaíocht a dhéanamh do chomhlíontacht eintiteas faoi oibleagáid lena n-oibleagáidí um thuairisciú agus foráil a dhéanamh maidir le feidhmiú níos éifeachtaí a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí anailíseacha agus comhar AFAnna, ba cheart do AMLA dréachtchaighdeáin rialála a fhorbairt lena sonraítear teimpléad coiteann le haghaidh tuairisciú **idirbheart amhrasach** atá le húsáid mar bhunús aonfhoirmeach ar fud an Aontais.

ar idirbhearta amhrasacha ar chumas AFA anailís a dhéanamh agus ar chineál na hanailíse sin, agus déanann sé difear freisin do chumais AFAnna dul i gcomhar agus faisnéis a mhalartú. Chun éascaíocht a dhéanamh do chomhlíontacht eintiteas faoi oibleagáid lena n-oibleagáidí um thuairisciú agus foráil a dhéanamh maidir le feidhmiú níos éifeachtaí a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí anailíseacha agus comhar AFAnna, ba cheart do AMLA dréachtchaighdeáin rialála a fhorbairt lena sonraítear teimpléad coiteann le haghaidh tuairisciú **ar amhrais** atá le húsáid mar bhunús aonfhoirmeach ar fud an Aontais. **Chun tuairisciú ar amhrais ag eintitis faoi oibleagáid agus cumarsáid agus malartú faisnéise idir AFAnna a shimpliú agus a luathú, ba cheart do ÚFA córas leictreonach comhdúcháin atá slán agus iontaofa a bhunú ('ionad ilfhreastail FIU.net') chun amhras faoi sciúradh airgid, cionta preideacáide agus maoiniú sceimhlitheoireachta a thuairisciú, lena n-áirítear maidir le hiarracht ar idirbhearta trí fhoirm chaighdeánaithe chuig AFA an Bhallstáit a bhfuil an t-eintiteas faoi oibleagáid a tharchuireann an fhaisnéis bunaithe ar a chríoch. Leis an gcomhéadan sin, ba cheart go bhféadfaí an fhaisnéis seo a tharchur láithreach chuig aon AFA eile a mbaineann tuarascáil ar idirbheart amhrasach leis. Ba cheart go gcumasódh ionad ilfhreastail FIU.net cumarsáid idir na AFAnna inniúla agus eintitis faoi oibleagáid, agus le haghaidh comhroinnt faisnéise agus faisnéise idir AFAnna maidir le tuairiscí ar amhras arna dtíolacadh. Ba cheart ionad ilfhreastail FIU.net a bhunú laistigh de thrí bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart ionad ilfhreastail FIU.net a thabhairt isteach de réir a chéile le himeacht ama chun tuairisciú rianúil gan bhriseadh ar thuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha a cheadú agus chun dóthain ama a fhágáil do AFAnna agus d'eintitis faoi oibleagáid na**

*hathruithe teicniúla is gá a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go gcinnfeadh AFAnna treoir a thabhairt d'eintitis faoi oibleagáid faisnéis a thuairisciú trí ionad ilfhreastail FIU.net amhail ón... [cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Ba cheart úsáid ionad ilfhreastail FIU.net a bheith éigeantach d'eintitis faoi oibleagáid amhail ón... [sé bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*

**Leasú 52**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 79**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(79) Ba cheart go mbeadh AFAnna ábalta an fhaisnéis uile is gá a bhaineann lena bhfeidhmeanna a fháil go tapa ó aon eintiteas faoi oibleagáid. Tá a rochtain gan srian agus tapa ar fhaisnéis riachtanach lena áirithiú gur féidir sreafaí airgid a rianú go cuí agus líonraí aindleathacha agus sreafaí a bhrath go luath. Maidir leis na ngá atá ag AFAnna faisnéis bhreise a fháil ó eintitis faoi oibleagáid bunaithe ar amhras sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, d'fhéadfaí an ghníomhaíocht sin a spreagadh trí thuairisc roimh ré ar idirbheart amhrasach a thuairisciú chuig AFA, ach freisin trí mhodhanna eile amhail anailís AFA féin, faisnéis a sholáthair údaráis inniúla nó faisnéis atá i seilbh AFA eile. Dá bhrí sin, ba cheart do na AFAnna, i gcomhthéacs a gcuid feidhmeanna, a bheith ábalta faisnéis a fháil ó aon eintiteas faoi oibleagáid, fiú gan tuairisc roimh ré a bheith déanta. Ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid freagra a thabhairt ar iarraidh ar fhaisnéis ó AFA a luaithe is féidir agus in aon chás, laistigh de **5 lá ó fhaightear an iarraidh**. I gcásanna a bhfuil údar **cuí leo agus atá práinneach**, ba cheart don eintiteas faoi oibleagáid a bheith in ann **freagra a thabhairt ar** iarraidh AFA laistigh de **24**

*Leasú*

(79) Ba cheart go mbeadh AFAnna ábalta an fhaisnéis uile is gá a bhaineann lena bhfeidhmeanna a fháil go tapa ó aon eintiteas faoi oibleagáid. Tá a rochtain gan srian agus tapa ar fhaisnéis riachtanach lena áirithiú gur féidir sreafaí airgid a rianú go cuí agus líonraí aindleathacha agus sreafaí a bhrath go luath. Maidir leis na ngá atá ag AFAnna faisnéis bhreise a fháil ó eintitis faoi oibleagáid bunaithe ar amhras sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, d'fhéadfaí an ghníomhaíocht sin a spreagadh trí thuairisc roimh ré ar idirbheart amhrasach a thuairisciú chuig AFA, ach freisin trí mhodhanna eile amhail anailís AFA féin, faisnéis a sholáthair údaráis inniúla nó faisnéis atá i seilbh AFA eile. Dá bhrí sin, ba cheart do na AFAnna, i gcomhthéacs a gcuid feidhmeanna, a bheith ábalta faisnéis a fháil ó aon eintiteas faoi oibleagáid, fiú gan tuairisc roimh ré a bheith déanta. Ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid freagra a thabhairt ar iarraidh ar fhaisnéis ó AFA a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de **chúig lá oibre, mura gcinnfidh AFA spriocdháta difriúil**. I gcásanna **práinneacha** a bhfuil údar **leo**, ba cheart don eintiteas faoi oibleagáid a bheith in ann **freagairt d'**iarraidh AFA **a luaithe is**

**uair an chloig.** Ní áirítear leis seo iarrataí as éadan ar fhaisnéis a chur chuig eintitis faoi oibleagáid i gcomhthéacs anailís AFAnna, ach is iarrataí ar fhaisnéis bunaithe ar dhálaí atá sainithe go leordhóthanach atá i gceist. Ba cheart go mbeadh AFA ábalta an fhaisnéis sin a fháil ar iarraidh arna déanamh ag AFA eile den Aontas agus an fhaisnéis a mhalartú leis an AFA iarrthach.

**Leasú 53**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 81**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(81) I gcás ina **gcinnfidh Ballstát comhlacht féinrialála den sórt sin a ainmniú, féadfaidh sé lamháil don chomhlacht sin** nó a **cheangal ar an gcomhlacht sin gan aon fhaisnéis a fhaightear ó dhaoine a ionadaíonn an comhlacht sin a tharchur chuig an AFA** más rud é go bhfuarthas an fhaisnéis sin ó dhuine de na cliaint, nó go bhfuarthas air é, le linn dóibh **staid dlíthiúil** a gcliant a **fhionnadh nó an cúram a dhéanamh a gcliant a chosaint** nó a **ionadú**, in imeachtaí breithiúnacha, nó maidir **le himeachtaí breithiúnacha**, lena n-áirítear comhairle a **thabhairt chun na himeachtaí sin a thionscnamh** nó a sheachaint, **is cuma má** fhaightear an fhaisnéis sin roimh na himeachtaí sin, lena linn nó ina ndiaidh.

**féidir, agus** laistigh de **sprioc-am nár cheart a bheith níos faide ná lá oibre amháin.** Ní áirítear leis seo iarrataí as éadan ar fhaisnéis a chur chuig eintitis faoi oibleagáid i gcomhthéacs anailís AFAnna, ach is iarrataí ar fhaisnéis bunaithe ar dhálaí atá sainithe go leordhóthanach atá i gceist. Ba cheart go mbeadh AFA ábalta an fhaisnéis sin a fháil ar iarraidh arna déanamh ag AFA eile den Aontas agus an fhaisnéis a mhalartú leis an AFA iarrthach.

*Leasú*

(81) **Nótairí, dlíodóirí agus gairmithe dlíthiúla neamhspleácha eile, iniúchóirí, cuntasóirí seachtracha agus comhairleoirí cánach, ba cheart cead a bheith acu gan faisnéis a tharchur chuig AFA nó chuig comhlacht féinrialáilte eile, más faisnéis é a fuarthas ó dhaoine a fuair óna gcliant é, nó mar gheall ar a gcliant, le linn seasamh dlíthiúil a gcliant a fháil amach, ach amháin** i gcás ina **gcuirtear an chomhairle dlí ar fáil chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc** nó i gcás ina **bhfuil a fhios ag na daoine sin nó ina bhfuil amhras orthu, ar bhonn imthosca fíorasacha agus oibiachtúla, go bhfuil an cliant ag lorg comhairle dlí, lena n-áirítear i ndáil le cúrsaí cánach nó saoránacht nó cónaí trí scéimeanna infheistíochta, chun sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí a chosc agus nach n-iarrtar an chomhairle i ndáil le himeachtaí breithiúnacha**, nó le linn dóibh a **gcúram a chomhlíonadh maidir leis an gcliant sin** a chosaint nó **ionadaíocht a dhéanamh air** in imeachtaí breithiúnacha, nó maidir **leo**, lena n-áirítear comhairle a **chur ar fáil maidir le himeachtaí den sórt sin a thionscnamh** nó a sheachaint, **cibé acu a fhaightear nó a fhaightear** an fhaisnéis sin roimh na

himeachtaí sin, lena linn nó ina ndiaidh. **Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann oibleagáidí tuairiscithe breise a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le hidirbhearta sonracha lena mbaineann riosca an-ard atá le húsáid le haghaidh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta nach bhfuil feidhm ag an díolúine ó na ceanglais maidir le faisnéis a tharchur ina leith.**

**Leasú 54**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 82**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(82) Ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid d'eisceacht a bheith in ann idirbhearta amhrasacha a dhéanamh sula gcuirfidh siad na húdaráis inniúla ar an eolas más rud é go bhfuil sé dodhéanta an staonadh sin a dhéanamh nó gur dócha go gcuirfeadh sé bac ar iarrachtaí chun dul sa tóir ar na tairbhithe in oibríocht amhrasta sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta. Níor cheart an eisceacht sin a agairt i ndáil le hidirbhearta lena mbaineann na hoibleagáidí idirnáisiúnta arna nglacadh ag na Ballstáit chun cistí nó sócmhainní eile sceimhlitheoirí, eagraíochtaí sceimhlitheoireachta nó cistí agus sócmhainní iad siúd a mhaoiníonn sceimhlitheoireacht a chalcadh gan mhoill, i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

**Leasú 55**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 86**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(86) Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar

*Leasú*

(82) Ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid d'eisceacht a bheith in ann idirbhearta amhrasacha a dhéanamh sula gcuirfidh siad na húdaráis inniúla ar an eolas más rud é go bhfuil sé dodhéanta an staonadh sin a dhéanamh nó gur dócha go gcuirfeadh sé bac ar iarrachtaí chun dul sa tóir ar na tairbhithe in oibríocht amhrasta sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, **lena n-áirítear i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, i gcás ina bhforáiltear dó sin sa dlí náisiúnta.** Níor cheart an eisceacht sin a agairt i ndáil le hidirbhearta lena mbaineann na hoibleagáidí idirnáisiúnta arna nglacadh ag na Ballstáit chun cistí nó sócmhainní eile sceimhlitheoirí, eagraíochtaí sceimhlitheoireachta nó cistí agus sócmhainní iad siúd a mhaoiníonn sceimhlitheoireacht a chalcadh gan mhoill, i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(86) Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar

ailíniú an chreata AML/CFT le Moltaí FATF athbhreithnithe i lánchomhlíonadh dhlí an Aontais, agus go háirithe maidir le dlí an Aontais i leith cosaint sonraí agus cosaint ceart bunúsach mar a chumhdaítear sa Chairt. Baineann gnéithe áirithe de chur chun feidhme an chreata AML/CFT seo le bailiú, anailísiú, stóráil agus roinnt sonraí. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta den sórt sin a cheadú, agus lánurraim á tabhairt ag an am céanna do chearta bunúsacha, chun na geríoch amháin a leagtar síos sa Rialachán seo, agus chun dícheall cuí do chustaiméirí, faireachán leanúnach, anailís agus tuairisciú ar idirbhearta neamhghnácha agus amhrasacha a dhéanamh, úinéir tairbhiúil duine dhlítheanaigh nó socraithe dhlíthiúil a shainnithint, duine atá faoi riteacht pholaitiúil a shainnithint agus faisnéis arna comhroinnt ag institiúidí creidmheasa agus ag institiúidí airgeadais agus ag eintitis faoi oibleagáid eile. Ba cheart bailiú agus próiseáil sonraí pearsanta ina dhiaidh sin ag eintitis faoi oibleagáid a bheith teoranta dá bhfuil riachtanach chun ceanglais AML/CFT a chomhlíonadh agus níor cheart próiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí pearsanta ar bhealach nach bhfuil comhoiriúnach leis an gcuspóir sin. Ba cheart, go háirithe, diantoirmeasc a chur ar phróiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí pearsanta chun críocha tráchtála.

ailíniú an chreata AML/CFT le Moltaí FATF athbhreithnithe i lánchomhlíonadh dhlí an Aontais, agus go háirithe maidir le dlí an Aontais i leith cosaint sonraí agus cosaint ceart bunúsach mar a chumhdaítear sa Chairt. Baineann gnéithe áirithe de chur chun feidhme an chreata AML/CFT seo le bailiú, anailísiú, stóráil agus roinnt sonraí. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta den sórt sin a cheadú, agus lánurraim á tabhairt ag an am céanna do chearta bunúsacha, chun na geríoch amháin a leagtar síos sa Rialachán seo, agus chun dícheall cuí do chustaiméirí, faireachán leanúnach, anailís agus tuairisciú ar idirbhearta neamhghnácha agus amhrasacha a dhéanamh, úinéir tairbhiúil duine dhlítheanaigh nó socraithe dhlíthiúil a shainnithint, duine atá faoi riteacht pholaitiúil a shainnithint agus faisnéis arna comhroinnt ag institiúidí creidmheasa agus ag institiúidí airgeadais agus ag eintitis faoi oibleagáid eile. Ba cheart bailiú agus próiseáil sonraí pearsanta ina dhiaidh sin ag eintitis faoi oibleagáid a bheith teoranta dá bhfuil riachtanach chun ceanglais AML/CFT a chomhlíonadh agus níor cheart próiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí pearsanta ar bhealach nach bhfuil comhoiriúnach leis an gcuspóir sin. Ba cheart, go háirithe, ***an phróiseáil a dhéantar ar chatagóirí speisialta de shonraí pearsanta agus ar shonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithé coiriúla agus cionta a bheith faoi réir coimircí iomchuí a leagtar síos sa Rialachán seo.*** Ba cheart diantoirmeasc a chur ar phróiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí pearsanta chun críocha tráchtála.

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 93**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(93) Fágann anaithnideacht criptea-shócmhainní go bhfuil siad neamhchosanta

PE719.945v02-00

*Leasú*

(93) Fágann anaithnideacht criptea-shócmhainní go bhfuil siad neamhchosanta

52/199

RR\1276769GA.docx

ar rioscaí mí-úsáide chun críoch coiriúil. Ní cheadaítear aistrithe criptea-shócmhainní a rianú le **tiachóga criptea-shócmhainní** anaithnide, agus dá réir sin bíonn sé deacair freisin idirbhearta nasctha a shainnithint, rud a d'fhéadfadh amhras a ardú nó leibhéal leordhóthanach de dhícheall cuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm. Chun a áirithiú go gcuirfear ceanglais AML/CFT i bhfeidhm go héifeachtach maidir le criptea-shócmhainní, is gá **tiachóga** criptea-shócmhainní **anaithnid arna soláthar agus arna gcoimeád ag soláthraithe** seirbhísí criptea-shócmhainní a **thoirmeasc**.

ar rioscaí mí-úsáide chun críoch coiriúil. Ní cheadaítear aistrithe criptea-shócmhainní a rianú le **cuntais chriptea-shócmhainní** anaithnide **ná ionstraimí anaithnidithe eile**, agus dá réir sin bíonn sé deacair freisin idirbhearta nasctha a shainnithint, rud a d'fhéadfadh amhras a ardú nó leibhéal leordhóthanach de dhícheall cuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm. Chun a áirithiú go gcuirfear ceanglais AML/CFT i bhfeidhm go héifeachtach maidir le criptea-shócmhainní, is gá **toirmeasc a chur ar sholáthar agus cumhdach cuntas** criptea-shócmhainní **anaithnide lena gceadaítear anaithnidíú shealbhóir an chuntais custaiméara nó cealú méadaithe idirbheart. Ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid ionstraimí nó seirbhísí anaithnidithe a láimhseáil mar thosca a bhfuil riosca níos airde ag baint leo. I bhfianaise na mí-úsáide a d'fhéadfaí a bhaint astu chun idirbhearta a cheilt chun críocha aindleathacha, ba cheart don Choimisiún a mheas ar cheart do soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní soláthar ionstraimí agus seirbhísí anaithnidithe, amhail meascthóirí agus timbléir, a bheith faoi réir toirmisc freisin. Níor cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin maidir le soláthraithe crua-earraí agus bogearraí ná maidir le soláthraithe tiachóg féinostáilte a mhéid nach bhfuil rochtain ná smacht acu ar chriptea-shócmhainní duine eile.**

**Leasú 57**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 94**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(94) Tá úsáid móriocaíochtaí in airgead tirim go mór i mbaol sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta; níor maolaíodh é sin go leordhóthanach leis an gceanglas atá ar thrádálaithe earraí a bheith faoi réir rialacha frithsciúradh airgid le linn

*Leasú*

(94) Tá úsáid móriocaíochtaí in airgead tirim go mór i mbaol sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta; níor maolaíodh é sin go leordhóthanach leis an gceanglas atá ar thrádálaithe earraí a bheith faoi réir rialacha frithsciúradh airgid le linn



íocaíochtaí in airgead tirim de EUR 10 000 nó níos mó a bheith á ndéanamh nó á bhfáil. An tráth céanna, bhain difríochtaí i gcuir chuige i measc Ballstát an bonn den chothroime iomaíochta laistigh den mhargadh inmheánach agus is iad na gnóthaí atá lonnaithe i mBallstáit a bheidh siar leis sin agus na rialuithe níos déine. Is gá dá bhrí sin teorainn a thabhairt isteach ar fud an Aontais ar íocaíochtaí móra de **EUR 10 000** in airgead tirim. Ba cheart do Bhallstáit a bheith in ann tairseacha níos ísle agus forálacha breise níos déine a ghlacadh.

íocaíochtaí in airgead tirim de EUR 10 000 nó níos mó a bheith á ndéanamh nó á bhfáil. An tráth céanna, bhain difríochtaí i gcuir chuige i measc Ballstát an bonn den chothroime iomaíochta laistigh den mhargadh inmheánach agus is iad na gnóthaí atá lonnaithe i mBallstáit a bheidh siar leis sin agus na rialuithe níos déine. Is gá dá bhrí sin teorainn a thabhairt isteach ar fud an Aontais ar íocaíochtaí móra de **EUR 7000** in airgead tirim. Ba cheart do Bhallstáit a bheith in ann tairseacha níos ísle agus forálacha breise níos déine a ghlacadh. *Níor cheart feidhm a bheith ag an teorainn ar fud an Aontais maidir le híocaíochtaí idir dhaoine nádúrtha nach bhfuil ag gníomhú i bhfeidhm ghairmiúil, cé is moite d'idirbhearta a bhaineann le talamh agus réadmhaoín, miotail lómhara agus clocha lómhara agus só-earraí eile, agus maidir le híocaíochtaí nó taiscí a dhéantar in áitreabh institiúidí creidmheasa. I gcás íocaíochtaí nó taiscí arna ndéanamh ag áitreabh institiúidí creidmheasa, áfach, ba cheart don institiúid creidmheasa an íocaíocht nó an taisce a thuairisciú do AFA os cionn na teorann. Níor cheart tuairisciú den sórt sin a chur in ionad an tuairiscithe i gcás gníomhaíochtaí agus idirbhearta amhrasacha. Ba cheart idirbhearta móra in airgead tirim fiú faoi bhun na tairsí, lena n-áirítear an tarraingt siar, a bheith faoi réir bearta feabhsaithe díchill chuí do chustaiméirí i gcásanna riosca níos airde agus, más gá, faoi réir an tuairiscithe ar amhrais.*

**Leasú 58**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 94 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(94a) Cuireann forbairtí teicneolaíochta ar chumas ceannaithe glacadh le híocaíochtaí i gcriptea-shócmhainní chun earraí agus seirbhísí a sholáthar i siopaí*



*nó ar líne. I gcás nach trí bhíthin soláthraithe rialáilte seirbhíse a dhéantar na híocaíochtaí sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh leibhéal na hinrianaítheachta maidir le céannacht fíoraithe leordhóthanach chun cosc a chur ar mhí-úsáid na n-íocaíochtaí sin le haghaidh sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta nó cionta preideacáide. D'fhéadfadh úsáid na modhanna íocaíochta sin, i gcomhthéacs an digitithe mhéadaithe, lúb ar lár a chruthú agus an bonn a bhaint d'éifeachtacht na teorann airgid. Agus an deis á coinneáil acu íocaíochtaí a dhéanamh i gcriptea-shócmhainní le haghaidh earraí agus seirbhísí, is gá, dá bhrí sin, a cheangal ar cheannaithe brath ar sholáthraí seirbhísí criptea-shócmhainní a údaraítear faoi MiCA, agus íocaíochtaí i gcriptea-shócmhainní á nglacadh. Ba cheart feidhm a bheith ag teorannú den sórt sin maidir le daoine a bhíonn ag trádáil in earraí nó ag soláthar seirbhísí agus níor cheart é a léirmhíniú mar shrian ar idirbhearta príobháideacha trí bhíthin tiachóga féinostáilte ná mar shrian ar thiachóga féinostáilte a úsáid i gcomhthéacs idirbheart tráchtála, fad a bheidh baint ag soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní leis.*

**Leasú 59**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 97**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(97) Chun a áirithiú go gcuirfear na ceanglais AML/CFT i bhfeidhm go comhsheasmhach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe ina sainaitheáil tríú tíortha ardriosca a ghlacadh, tríú tíortha

*Leasú*

(97) Chun a áirithiú go gcuirfear na ceanglais AML/CFT i bhfeidhm go comhsheasmhach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe ina sainaitheáil tríú tíortha ardriosca a ghlacadh, tríú tíortha

a bhfuil laigí comhlíontachta acu agus tíortha a bhagraíonn ar chóras airgeadais an Aontais agus ina sainítear bearta díchill chuí feabhsaithe atá comhchuibhithe agus comhréireach chomh maith le, i gcás inarb ábhartha, bearta maolaitheacha chomh maith leis na caighdeáin theicniúla rialála ina leagtar amach na híoscheanglais i mbeartais, rialuithe agus nósanna imeachta uile-ghrúpa agus na coinníollacha faoin gceanglaítear ar struchtúir a chomhroinneann úinéireacht choiteann, rialuithe bainistíochta nó comhlíontachta beartais, rialuithe agus nósanna imeachta uile-ghrúpa a chur i bhfeidhm, na gníomhaíochtaí a thógfaidh grúpaí nuair nach gceadaítear le dlíthe tríú tíortha beartais, rialuithe agus nósanna imeachta agus bearta maoirseachta a chur i bhfeidhm ar fud grúpaí, na hearnálacha agus na hidirbhearta atá faoi réir tairseacha níos ísle ar mhaithe le dícheall cuí do chustaiméirí a fheidhmiú agus an fhaisnéis is gá chun dícheall cuí do chustaiméirí a fheidhmiú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr<sup>39</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

a bhfuil laigí comhlíontachta acu agus tíortha a bhagraíonn ar chóras airgeadais an Aontais agus ina sainítear bearta díchill chuí feabhsaithe atá comhchuibhithe agus comhréireach chomh maith le, i gcás inarb ábhartha, bearta maolaitheacha chomh maith leis na caighdeáin theicniúla rialála ina leagtar amach na híoscheanglais i mbeartais, rialuithe agus nósanna imeachta uile-ghrúpa agus na coinníollacha faoin gceanglaítear ar struchtúir a chomhroinneann úinéireacht choiteann, rialuithe bainistíochta nó comhlíontachta beartais, rialuithe agus nósanna imeachta uile-ghrúpa a chur i bhfeidhm, na gníomhaíochtaí a thógfaidh grúpaí nuair nach gceadaítear le dlíthe tríú tíortha beartais, rialuithe agus nósanna imeachta agus bearta maoirseachta a chur i bhfeidhm ar fud grúpaí, na hearnálacha agus na hidirbhearta atá faoi réir tairseacha níos ísle ar mhaithe le dícheall cuí do chustaiméirí a fheidhmiú agus an fhaisnéis is gá chun dícheall cuí do chustaiméirí a fheidhmiú, **chomh maith le rialacha agus critéir shonracha chun úinéir tairbhiúil nó úinéirí tairbhiúla eintiteas dlíthiúil seachas eintitis chorparáideacha a shainaithint**. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr<sup>39</sup>. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

**Leasú 60**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(aa) na bearta atá le cur i bhfeidhm ag eintitis faoi oibleagáid chun maolú agus bainistiú a dhéanamh ar riosca mainneachtain cur chun feidhme agus seachaint na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe.*

**Leasú 61**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ab) na bearta chun cosc a chur ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta sna Ballstáit a cheadaíonn cearta saoránachta nó cónaithe mar mhalartú ar aon chineál infheistíochta, lena n-áirítear aistrithe caipitil, maoin a cheannach nó a ligean ar cíos, infheistíocht a dhéanamh i mbannaí rialtais, infheistíocht a dhéanamh in eintitis chorparáideacha, deonú nó dearlacadh gníomhaíochta lena rannchuidítear le leas an phobail agus ranníocaíochtaí le buiséad an stáit;*

**Leasú 62**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) bearta chun **teorainn a chur le** mí-úsáid ionstraimí iompróra.

(c) bearta chun **rioscaí a eascraíonn as ionstraimí anaithnide a mhaolú agus chun** mí-úsáid ionstraimí iompróra a

*theorannú.*

**Leasú 63**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) ciallaíonn ‘maoin’ maoin mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Threoir (AE) 2018/1673;

**Leasú 64**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) gnóthas seachas institiúid creidmheasa nó gnólacht infheistíochta, a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointí (2) go (12), (14) agus (15) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>43</sup>, lena n-áirítear gníomhaíochtaí oifigí malairte airgeadra (bureaux de change); **nó arb é a bpríomhghníomhaíocht** sealúchais a fháil, lena n-áirítear cuideachta shealbhaíochta airgeadais agus cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha;

*Leasú*

(4) ciallaíonn ‘**cistí**’ nó ‘maoin’ maoin mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Threoir (AE) 2018/1673;

*Leasú*

(a) gnóthas seachas institiúid creidmheasa nó gnólacht infheistíochta, a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointí (2) go (12), (14) agus (15) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>43</sup>, lena n-áirítear gníomhaíochtaí oifigí malairte airgeadra (bureaux de change) **agus gníomhaíochtaí creidiúnaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (2), de Threoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus in Airteagal 3, pointe (b), de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nó gnóthas a bhfuil a phríomhghníomhaíocht chun** sealúchais a fháil, lena n-áirítear cuideachta shealbhaíochta airgeadais agus cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha, **ach lena n-eisiatar na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointe (8) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;**

---

<sup>43</sup> Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

---

<sup>43</sup> Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

**Leasú 65**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(aa) taisclann lárnach urrús mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;*

**Leasú 66**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe f a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(fa) soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní;*

**Leasú 67**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(6a) ciallaíonn ‘soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní’ soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (15), de Rialachán (AE) 2023/... [cuir*

*isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Margat i gCritea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 - COM/2020/593 final] i gcás ina bhfeidhmítear seirbhís criptea-shócmhainní amháin nó níos mó mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (16) den Rialachán sin, cé is moite de chomhairle a sholáthar maidir le criptea-shócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (16) (h) den Rialachán sin;*

**Leasú 68**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(6b) ciallaíonn ‘scair iompróra’ ionstraim shoshannta a thugann úinéireacht i nduine dlítheanach don duine ag a bhfuil deimhniú scaire iompróra, nó aon ionstraim chomhchosúil eile nach féidir úinéireacht na scaire a shainaithint ná a rianú léi; ní thagraíonn sé, áfach, d’fhoirmeacha dí-ábharaithe nó cláraithe de dheimhnithe scaire a bhfuil a n-úinéirí inrianaithe agus inaitheanta;*

**Leasú 69**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(6c) ciallaíonn ‘barántas scaire iompróra’ ionstraim shoshannta lena dtugtar teidlíocht úinéireachta i nduine dlítheanach a bhfuil barántas scaire iompróra aige, nó aon bharántas nó ionstraim chomhchosúil eile nach féidir úinéireacht na scaire a shainaithint ná a rianú léi; ní thagraíonn sé, áfach, do bharántais ná d’ionstraimí eile atá dí-ábharaithe nó cláraithe agus a bhfuil a n-*

*úinéirí inrianaithe agus inaitheanta, ná d'aon ionstraim eile nach dtugann ceart ach amháin chun suibscríobh le haghaidh úinéireachta i nduine dlítheanach ar choinníollacha sonrúithe, ach ní thagraíonn sé d'úinéireacht ná do theidlíocht ar úinéireacht, mura bhfeidhmítear agus go dtí go bhfeidhmítear na hionstraimí;*

**Leasú 70**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) *ag* gníomhú mar, nó *ag* socrú *do dhuine* eile *gníomhú mar*, stiúrthóir nó rúnaí cuideachta, *comhpháirtí de chomhpháirtíocht*, nó *seasamh comhchosúil* i ndáil le daoine dlítheanacha eile;

*Leasú*

(b) gníomhú mar *stiúrthóir nó rúnaí ar chuideachta*, nó socrú *a dhéanamh go ngníomhóidh duine* eile *mar* stiúrthóir nó rúnaí cuideachta, *eadhon mar ainmnitheach, mar chomhpháirtí comhpháirtíochta, mar uachtarán boird bainistíochta* nó *mar phost dá samhail* i ndáil le daoine dlítheanacha eile;

**Leasú 71**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(7a) *Ciallaíonn ‘bainisteoir rachmais nó sócmhainní’ duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn seirbhísí agus a thairgeann táirgí, trí bhíthin ghnó an duine sin, atá ceaptha fás, cosaint, úsáid agus scaipeadh a dhéanamh ar shaibhreas tríú páirtithe;*

*Leasú*

**Leasú 72**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) ciallaíonn ‘seirbhísí cearrbhachais’ seirbhís ina bhfuil geall a chur le luach airgeadaíochta i gcluichí seans, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil scil acu cosúil le crannchuir, cluichí casóige, cluichí pócair agus idirbhearta gealltóireachta a chuirtear ar fáil ag suíomh fisiceach, nó ar mhodh ar bith **ar shiúl**, trí mheáin leictreonacha nó aon teicneolaíocht eile chun cumarsáid a éascú, agus ar iarraidh aonair ó fhaighteoir seirbhísí;

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní’ soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (8) de Rialachán [cuir isteach an tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le Margáí Criptea-Shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 - COM/2020/593 final] i gcás ina bhfeidhmítear seirbhís criptea-shócmhainní amháin nó níos mó mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (9) den Rialachán sin;

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(8) ciallaíonn ‘seirbhísí cearrbhachais’ seirbhís ina bhfuil geall a chur le luach airgeadaíochta i gcluichí seans, **inter alia i bhfoirm cumarsáidí inmhuirearaithe**,

lena n-áirítear iad siúd a bhfuil scil acu cosúil le crannchuir, cluichí casóige, cluichí pócair agus idirbhearta gealltóireachta a chuirtear ar fáil ag suíomh fisiceach, nó ar mhodh ar bith **go cianda**, trí mheáin leictreonacha nó aon teicneolaíocht eile chun cumarsáid a éascú, agus ar iarraidh aonair ó fhaighteoir seirbhísí;

*Leasú*

*scriosta*

*Leasú*

(14a) ciallaíonn ‘club sacair ghairmiúil ardleibhéil’ eintiteas dlíthiúil atá bunaithe

*i mBallstát ar leis club sacair ghairmiúil nó a bhainistíonn club peile gairmiúil a bhfuil foireann amháin de ar a laghad ag imirt sa chraobh nó i gcrabhacha an dá leibhéal iomaíochta is airde sa Bhallstát sin agus a bhfuil láimhdeachas bliantúil EUR 7 000 000 ar a laghad aige;*

**Leasú 75**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(14b) ciallaíonn ‘gníomhaire spóirt san earnáil sacair’ duine a chuireann socrúcháin fostaíochta phríobháideacha ar fáil san earnáil sacair d’imreoirí sacair íochta ionchasacha nó d’fhostóirí d’fhonn Conradh fostaíochta a shíniú d’imreoirí sacair íochta;*

**Leasú 76**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(15a) ciallaíonn ‘miotail lómhara’ ór, airgead, platiniam, iridiam, osmiam, pallaidiam, róidiam agus rútainiam;*

**Leasú 77**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(15b) ciallaíonn ‘clocha lómhara’ diamaint, rúibíní, saifíirí agus smaragaidí;*

**Leasú 78**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(16) ciallaíonn ‘gaolmhaireacht ghnó’ gaolmhaireacht ghnó, ghairmiúil nó thráchtála atá nasctha le gníomhaíochtaí gairmiúla eintitis faoi oibleagáid agus a bhfuiltear ag súil leis, nuair a chuirfear an Conradh ar bun, go mbeidh eilimint ré ann, lena n-áirítear gaolmhaireacht ina n-iarrtar ar eintiteas faoi oibleagáid cuideachta a bhunú nó iontaobhas a bhunú dá chustaiméir, cibé **arb** é nó nach é foirmiú na cuideachta nó bunú an iontaobhais sin an t-aon idirbheart a dhéantar don chustaiméir sin;

**Leasú 79**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 80**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(16) ciallaíonn ‘gaolmhaireacht ghnó’ gaolmhaireacht ghnó, ghairmiúil nó thráchtála atá nasctha **go díreach** le gníomhaíochtaí gairmiúla eintitis faoi oibleagáid agus a bhfuiltear ag súil leis, nuair a chuirfear an Conradh ar bun, go mbeidh eilimint ré ann, lena n-áirítear gaolmhaireacht ina n-iarrtar ar eintiteas faoi oibleagáid cuideachta a bhunú nó iontaobhas a bhunú dá chustaiméir, cibé **acu an** é nó nach é foirmiú na cuideachta nó bunú an iontaobhais sin an t-aon idirbheart a dhéantar don chustaiméir sin; **nó i gcás idirbhearta eastáit réadaigh, gaolmhaireacht i gcás ina soláthraítear seirbhísí d’eintiteas faoi oibleagáid seachas institiúid chreidmheasa nó airgeadais lena mbaineann díol nó bróicéireacht níos mó ná maoin amháin thar thréimhse ama;**

*Leasú*

**(16a) ciallaíonn ‘idirbheart ócáideach’ idirbheart nach ndéantar mar chuid de ghaolmhaireacht ghnó;**

*Leasú*

**(16b) ciallaíonn ‘idirbheart nó fíoras neamhghnách’ idirbheart nó fíoras nach ndealraíonn sé a bheith comhsheasmhach**

*le saintréithe an chustaiméara agus le cuspóir agus cineál beartaithe na gaolmhaireachta gnó nó an idirbhirt bheartaithe;*

**Leasú 81**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) *an caidreamh* idir institiúidí creidmheasa agus institiúidí *creidmheasa agus ina measc* lena n-áirítear *mar a gcuireann* institiúid *comhfhreagraí* seirbhísí comhchosúla *ar fáil* d’institiúid *freagróra*, agus lena n-áirítear *caidreamh a bunáodh d’*idirbhearta urrús nó *d’*aistrithe cistí;

**Leasú 82**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 83**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 22**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) ciallaíonn ‘úinéir tairbhiúil’ aon duine nádúrtha ag a bhfuil eintiteas

*Leasú*

(b) *na gaolmhaireachtaí* idir agus *i measc* institiúidí creidmheasa agus institiúidí *airgeadais*, lena n-áirítear *i gcás ina soláthraíonn* institiúid *chomhfhreagrach* seirbhísí comhchosúla d’institiúid *is freagróir*, agus lena n-áirítear *gaolmhaireachtaí arna mbunú le haghaidh* idirbhearta urrús nó aistrithe cistí *nó gaolmhaireachtaí arna mbunú le haghaidh idirbhearta cripteashócmhainní* nó *aistrithe cripteashócmhainní*;

*Leasú*

(20a) *ciallaíonn ‘idirbheart nó fíoras neamhghnách’ idirbheart nó fíoras nach ndealraíonn sé a bheith comhsheasmhach le saintréithe an chustaiméara agus le cuspóir agus cineál beartaithe na gaolmhaireachta gnó nó an idirbhirt bheartaithe;*

*Leasú*

(22) ciallaíonn ‘úinéir tairbhiúil’ aon duine nádúrtha ag a bhfuil eintiteas

dlíthiúil nó iontaobhas sainráite nó socrú dlíthiúil comhchosúil ar úinéireacht nó faoina rialú deiridh, chomh maith le haon duine nádúrtha ar a shon nó ar mhaithe leis atá idirbheart nó gníomhaíocht á déanamh;

dlíthiúil nó iontaobhas sainráite nó socrú dlíthiúil comhchosúil ar úinéireacht nó faoina rialú deiridh, **nó eagraíocht a bhfuil inniúlacht dhlíthiúil aici faoin dlí náisiúnta**, chomh maith le haon duine nádúrtha ar a shon nó ar mhaithe leis atá idirbheart nó gníomhaíocht **nó gaolmhaireacht ghnó** á déanamh;

**Leasú 84**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 24**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(24) ciallaíonn ‘socrú foirmiúil ainmnitheach’ conradh nó socrú foirmiúil lena ngabhann stádas dlí atá coibhéiseach le conradh, idir an t-ainmnitheach agus an t-ainmneoir, i gcás inarb eintiteas dlítheanach nó duine nádúrtha é an t-ainmneoir a eisíonn treoracha d’ainmnitheach chun gníomhú ar a son i gcáil ar leith, lena n-áirítear mar stiúthóir nó mar scairshealbhóir, agus i gcás inarb eintiteas dlítheanach nó duine nádúrtha é an t-ainmnitheach a fhaigheann ordú ón ainmneoir gníomhú ar a son;

*Leasú*

(24) ciallaíonn ‘socrú foirmiúil ainmnitheach’ conradh nó socrú **coibhéiseach** foirmiúil lena ngabhann stádas dlí atá coibhéiseach le conradh, idir an t-ainmnitheach agus an t-ainmneoir, i gcás inarb eintiteas dlítheanach nó duine nádúrtha é an t-ainmneoir a eisíonn treoracha d’ainmnitheach chun gníomhú ar a son i gcáil ar leith, lena n-áirítear mar stiúthóir nó mar scairshealbhóir, agus i gcás inarb eintiteas dlítheanach nó duine nádúrtha é an t-ainmnitheach a fhaigheann ordú ón ainmneoir gníomhú ar a son;

**Leasú 85**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 25 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) ciallaíonn ‘duine atá faoi riteacht pholaitiúil’ duine nádúrtha a chuirtear nó a cuireadh **na** feidhmeanna poiblí suntasacha **seo a leanas** de chúram air:

*Leasú*

(25) ciallaíonn ‘duine atá faoi riteacht pholaitiúil’ duine nádúrtha a chuirtear nó a cuireadh feidhmeanna poiblí suntasacha de chúram air, **lena n-áirítear**:

**Leasú 86**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 25 – pointe a – pointe iii a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(viii) cinn údarás réigiúnach agus áitiúil lena n-áirítear grúpálacha bardas agus réigiún cathrach ina bhfuil 30.000 áitritheoir ar a laghad;**

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 25 – pointe d – pointe i a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ia) feidhmeanna poiblí tábhachtacha eile arna sainiú ag na Ballstáit;**

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 26 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) na tuismitheoirí;

(c) na tuismitheoirí **agus na siblí**

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 27 – pointe e a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(a) ciallaíonn ‘custaiméir ardluacha’ custaiméir ar duine nádúrtha é nó ar úinéir tairbhiúil eintitis dhlítheanaigh é ag a bhfuil íosmhéid de EUR 1 000 000 ar a laghad i rachmas nó sócmhainní airgeadais nó infheistithe, cé is moite de phríomháit chónaithe phríobháideach an duine sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo;**

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 29 – pointe a (nua)**

**a) máthairghnóthas grúpa, seachas an ceann a luaitear i bpointe a), atá faoi réir maoirseacht stuamachta ar bhonn comhdhlúite, ar an leibhéal comhdhlúthaithe stuamachta is airde san Aontas, lena n-áirítear ‘cuideachta shealbhaíochta airgeadais’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (20), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ‘cuideachta shealbhaíochta árachais’ mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1), pointe (f) de Threoir 2009/138/CE;**

**Leasú 91  
Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 29 a (nua)**

**(29a) ciallaíonn ‘máthairghnóthas’ :**

**(a) máthairghnóthas ilchuideachta airgeadais, lena n-áirítear ‘cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (15), de Threoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;**

**(b) máthairghnóthas grúpa atá faoi réir maoirseacht stuamachta ar bhonn comhdhlúite, ar an leibhéal comhdhlúthaithe stuamachta is airde san Aontas, lena n-áirítear ‘cuideachta shealbhaíochta airgeadais’ mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (20), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ‘cuideachta shealbhaíochta árachais’ mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1), pointe (f) de Threoir 2009/138/CE;**

**(c) máthairghnóthas ilchuideachta**



*airgeadais, lena n-áirítear ‘cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (15), de Threoir 2002/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;*

*i gcás ina saináithnítear roinnt máthairghnóthas laistigh den ghrúpa céanna, i gcomhréir le pointí (a), (b) agus (c), áfach, is é an máthairghnóthas an t-eintiteas laistigh den ghrúpa nach fochuideachta de chuid gnóthais eile san Aontas é.*

**Leasú 92**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 31 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) údarás poiblí ag a bhfuil freagrachtaí ainmnithe as an sciúradh airgid nó an maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac;

*Leasú*

(d) údarás poiblí ag a bhfuil freagrachtaí ainmnithe as an sciúradh airgid nó an maoiniú sceimhlitheoireachta a **chosc agus a** chomhrac;

**Leasú 93**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) iniúchóirí, cuntasóirí seachtracha agus comhairleoirí cánach, agus aon duine eile nádúrtha nó dlítheanach a ghabhann air féin, go díreach nó trí bhíthin daoine eile a bhfuil gaol ag an duine eile sin leo, cabhair ábhartha, cúnamh nó comhairle maidir le cúrsaí cánach mar phríomhghnó nó mar ghníomhaíocht ghairmiúil a sholáthar;

*Leasú*

(a) iniúchóirí, cuntasóirí seachtracha, **bainisteoirí rachmais nó sócmhainne** agus comhairleoirí cánach, agus aon duine eile nádúrtha nó dlítheanach a ghabhann air féin, go díreach nó trí bhíthin daoine eile a bhfuil gaol ag an duine eile sin leo, cabhair ábhartha, cúnamh nó comhairle maidir le cúrsaí cánach, **infheistíochta nó airgeadais phearsanta** mar phríomhghnó nó mar ghníomhaíocht ghairmiúil a sholáthar;

**Leasú 94**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(aa) bailitheoirí fiachais deimhnithe,  
bainisteoirí rachmais nó sócmhainní;**

**Leasú 95**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) nótaireí agus gairmithe dlí neamhspleácha eile, i gcás ina nglacann siad páirt, bíodh sé trí ghníomhú thar ceann a gcliaint nó dá gcliant in aon idirbheart airgeadais nó réadmhaoine, nó trí chúnamh a thabhairt i bpleanáil nó i ndéanamh idirbheart dá gcliant maidir le ceann ar bith de na nithe seo a leanas:

(b) nótaireí, **dlíodóirí** agus gairmithe dlí neamhspleácha eile, i gcás ina nglacann siad páirt, bíodh sé trí ghníomhú thar ceann a gcliaint nó dá gcliant in aon idirbheart airgeadais nó réadmhaoine, nó trí chúnamh a thabhairt i bpleanáil nó i ndéanamh idirbheart dá gcliant maidir le ceann ar bith de na nithe seo a leanas:

**Leasú 96**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(i) ceannach nó díol réadmhaoine nó eintiteas gnó;

(i) ceannach nó díol réadmhaoine nó **maoine fíorúla** nó eintiteas gnó;

**Leasú 97**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe b – pointe iii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(iii) **cuntas bainc, coigiltis nó urrúis** a oscailt nó a bhainistiú;

(iii) **cuntais bhainc, choigiltis, urrús nó criptea-shócmhainní** a oscailt nó a bhainistiú;

**Leasú 98**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) gníomhairí eastáit, lena n-áirítear agus iad ag gníomhú mar idirghabhálaithe i ndáil le maoin dhochorraithe a ligean, maidir le hidirbhearta ina bhfuil an cíos míosúil cothrom le **EUR 10 000** nó **níos mó, nó** a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

*Leasú*

(d) gníomhairí eastáit, lena n-áirítear agus iad ag gníomhú mar idirghabhálaithe i ndáil le maoin dhochorraithe a ligean, maidir le hidirbhearta ina bhfuil an cíos míosúil cothrom le **EUR 5 000** nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta **nó aon chineál eile íocaíochta a nglactar léi;**

**Leasú 99**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(da) forbróirí maoin**

**Leasú 100**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe e a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ea) daoine a bhíonn ag trádáil só-earraí seachas miotail agus clocha, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III a;**

**Leasú 101**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe h**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(h) soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin **seachas iad siúd arna rialú le Rialachán (AE) 2020/1503;**

(h) soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin;

**Leasú 102**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(i) daoine atá ag trádáil nó ag gníomhú mar idirghabhálaithe i dtrádáil saothair ealaíne, lena n-áirítear nuair is dánlanna agus comhlachtaí ceantála a dhéanann í seo, i gcás ina bhfuil luach an idirbhirt nó na n-idirbheart nasctha cothrom le **EUR 10 000** ar a laghad nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

**Leasú 103**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe i a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 104**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe j**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(j) daoine atá ag trádáil nó ag gníomhú mar idirghabhálaithe i dtrádáil saothair ealaíne, nuair a dhéantar í seo laistigh de shaorlimistéir agus trádstórais chustam, i gcás ina bhfuil luach an idirbhirt nó na n-idirbheart nasctha cothrom le **EUR 10 000** ar a laghad nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

**Leasú 105**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe j a (nua)**

*Leasú*

(i) daoine atá ag trádáil nó ag gníomhú mar idirghabhálaithe i dtrádáil saothair ealaíne, lena n-áirítear nuair is dánlanna agus comhlachtaí ceantála a dhéanann í seo, i gcás ina bhfuil luach an idirbhirt nó na n-idirbheart nasctha cothrom le **EUR 5 000** ar a laghad nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

*Leasú*

**(ia) daoine a sholáthraíonn seirbhísí chun criptea-shócmhainní uathúla nach bhfuil idirmhalartach a dhíol agus a cheannach;**

*Leasú*

(j) daoine atá ag trádáil nó ag gníomhú mar idirghabhálaithe i dtrádáil saothair ealaíne **agus só-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn III a**, nuair a dhéantar í seo laistigh de shaorlimistéir agus trádstórais chustam, i gcás ina bhfuil luach an idirbhirt nó na n-idirbheart nasctha cothrom le **EUR 5 000** ar a laghad nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta;

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ja) ardáin ar líne de réir bhri Rialachán (AE) .../... [Togra le haghaidh Rialachán maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE] lenar féidir le tomhaltóirí agus trádálaithe cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le haghaidh earraí fisiceacha a mhéid a dhéantar nó a fhaightear íocaíochtaí dar luach EUR 10 000 nó níos mó, gan beann ar an idirbheart a dhéanamh in aon oibríocht amháin nó i roinnt oibríochtaí a bhfuil an chuma air go bhfuil siad nasctha;**

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe l a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(la) gníomhairí spóirt san earnáil sacair;**

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe l b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(lb) clubanna sacair ghairmiúil ardleibhéil;**

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 – pointe l c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(lc) cumainn sacair sna Ballstáit ar baill iad d'Aontas Chumainn Sacair na**

**Leasú 109**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Cé is moite de na casainí, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh soláthraithe seirbhísí cearrbhachais a dhíolmhú, go hiomlán nó go páirteach, ó na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ar bhonn riosca íseal cruthaithe **de chineál agus, i gcás inarb iomchuí, scála na n-oibríochtaí de na** seirbhísí sin.

**Leasú 110**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Bunóidh na Ballstáit gníomhaíochtaí faireacháin riosca-bhunaithe nó déanfaidh siad bearta leormhaithe eile chun a áirithiú nach ndéanfar mí-úsáid ar na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

**Leasú 111**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Cé is moite de na casainí, **ardáin chearrbhachais ar líne, seirbhísí cearrbhachais a thairgtear ar bhonn trasteorann agus soláthraithe gealltóireachta spóirt**, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh soláthraithe seirbhísí cearrbhachais **amhail soláthraithe stáit nó crannchuir faoi úinéireacht an stáit agus crannchuir phríobháideacha** a dhíolmhú, go hiomlán nó go páirteach, ó na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ar bhonn riosca íseal cruthaithe **a bhaineann le cineál, prionsabal na comhréireachta** agus, i gcás inarb iomchuí, scála **oibríochtaí** na seirbhísí sin, **tar éis dul i gcomhairle le AMLA.**

*Leasú*

3. Bunóidh na Ballstáit, **i gcomhar le AMLA**, gníomhaíochtaí faireacháin riosca-bhunaithe nó déanfaidh siad bearta leormhaithe eile chun a áirithiú nach ndéanfar mí-úsáid ar na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

*Leasú*

**Airteagal 4a**

***Díolúintí do sholáthraithe áirithe seirbhísí  
sluachistiúcháin***

***1. Cé is moite de sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2020/1503, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh soláthraithe áirithe seirbhísí sluachistiúcháin a dhíolmhú ó na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo ar bhonn measúnú riosca aonair a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil riosca íseal ag baint leis mar gheall ar chineál na seirbhísí sin agus, i gcás inarb iomchuí, ar scála oibríochta na seirbhísí sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:***

***a) go ndéanann an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin tionscadail a bhfuil cuspóir leasa phoiblí leo a chur chun cinn go heisiach, nach bhfuil sé mar phríomhaidhm aige brabúis a ghiniúint agus, i gcás ina ngintear brabús, go n-infheistíonn an soláthraí é chun cuspóirí na seirbhíse a shaothrú agus nach ndáiltear é i measc comhaltaí, bhunaitheoirí ná aon pháirtithe príobháideacha eile;***

***b) go gcuireann an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin íoscheanglais díchill chuí chun feidhme i ndáil le húinéirí tionscadail a mholann a dtionscadail atá le cistiú tríd an ardán sluachistiúcháin ar bhealach atá comhsheasmhach le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2020/1503 agus go gcomhlíonann na daoine nádúrtha go léir a bhfuil baint acu leis an mbainistíocht shinsearach na critéir a leagtar amach in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2023/... [Togra AMLD VI];***

***c) go n-urramaíonn na daoine nádúrtha go léir atá bainteach le bainistiú an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin ceanglais oiriúnacha chuí atá comhsheasmhach leis na ceanglais a leagtar síos le hAirteagal 12(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2020/1503;***



d) go ndéanann an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin socruithe a bhunú agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú nach nglacfaidh úinéirí tionscadail le cistiú tionscadal sluachistiúcháin, ná le haon íocaíocht eile, ach amháin trí bhíthin soláthraí seirbhísí íocaíochta i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/2366;

e) go bhfuil an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin bunaithe san Aontas.

2. Bunóidh na Ballstáit, i gcomhar le ÚFA, gníomhaíochtaí faireacháin rioscabhunaithe nó déanfaidh siad bearta leormhaithe eile chun a áirithiú nach mbainfear mí-úsáid as na díolúintí a dheonaítear de bhun an Airteagail seo.

**Leasú 112**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1a. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(11) de Threoir (AE) 2015/2366 a áirithiú nach ndéanann siad idirbhearta le haghaidh soláthraithe seirbhíse cearrbhachais nach bhfuil ceadúnas acu san Aontas.

**Leasú 113**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 6 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Fógróidh na Ballstáit don Choimisiún faoi dhíolúine ar bith a bhfuil sé i gceist acu a dheonú i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5 gan mhoill. Áireofar leis an bhfógra réasúnú a bheidh bunaithe ar an measúnú riosca ábhartha *i leith* na

1. Fógróidh na Ballstáit don Choimisiún faoi dhíolúine ar bith a bhfuil sé i gceist acu a dheonú i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5 gan mhoill. Áireofar san fhógra réasúnú *mionsonraithe* bunaithe ar an measúnú riosca ábhartha

díolúine.

*arna dhéanamh ag an mBallstát chun an díolúine a choinneáil ar bun. Má mheastar é a bheith iomchuí, cuirfidh na Ballstáit tuilleadh fianaise ar fáil chun tacú leis an díolúine.*

**Leasú 114**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 6 – mír 2 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) *deimhniú gur féidir* an díolúine a dheonú;

*Leasú*

(a) *a dheimhniú go bhféadfar* an díolúine a dheonú *ar bhonn an réasúnaithe a thug an Ballstát;*

**Leasú 115**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 6 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Ar fháil cinnidh ón gCoimisiún de bhun mhír 2(a), féadfaidh na Ballstáit glacadh leis an gcinneadh chun an díolúine a dheonú. Luafar sa chinneadh sin na príomhchúiseanna ar a mbeidh sé bunaithe. Athbhreithneoidh na Ballstáit cinntí *mar* sin ar bhonn rialta, agus i gcás ar bith ina nuashonraíonn siad a measúnú riosca náisiúnta de bhun Airteagal 8 de Threoir [ionsáigh tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/423 final] .

*Leasú*

3. Ar fháil cinnidh ón gCoimisiún de bhun mhír 2(a), féadfaidh na Ballstáit glacadh leis an gcinneadh chun an díolúine a dheonú. Luafar sa chinneadh sin na príomhchúiseanna ar a mbeidh sé bunaithe. Athbhreithneoidh na Ballstáit *na* cinntí sin ar bhonn rialta, *ach tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis an díolúine a dheonú den chéad uair* agus i gcás ar bith ina nuashonraíonn siad a measúnú riosca náisiúnta de bhun Airteagal 8 de Threoir [ionsáigh tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/423 final] .

**Leasú 116**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 6 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Foilseoidh an Coimisiún gach bliain in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh liosta na ndíolúintí arna ndeonú de bhun an Airteagail seo.

**Leasú 117**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

5. Foilseoidh an Coimisiún gach bliain in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh liosta na ndíolúintí arna ndeonú **agus forléargas anailíseach agus fíorasach ar na díolúintí arna ndeonú** de bhun an Airteagail seo.

*Leasú*

***Airteagal 6a***

***Toirmeasc ar shaoránacht trí infheistíocht agus ceanglais íosta maidir le saoránacht agus cónaí trí scéimeanna infheistíochta***

***1. Ní chuirfidh na Ballstáit scéimeanna i bhfeidhm faoin dlí náisiúnta lena gceadaítear cearta saoránachta mar mhalairt ar aon chineál infheistíochta, lena n-áirítear aistrithe caipítíl, maoin a cheannach nó a fháil ar cíos, infheistíocht i mbannaí rialtais, infheistíocht in eintitis chorparáideacha, deonú nó dearlaic gníomhaíochta a rannchuidíonn le leas an phobail agus ranníocaíochtaí le buiséad an stáit, agus gan fiornasc leis na Ballstáit lena mbaineann.***

***2. Ballstát a ndeonaíonn a dhlí náisiúnta cearta saoránachta nó cónaithe mar mhalairt ar aon chineál infheistíochta, amhail aistrithe caipítíl, ceannach nó ligean ar cíos maoin, infheistíocht i mbannaí rialtais, infheistíocht in eintitis chorparáideacha, deonú nó dearlaic gníomhaíochta a rannchuidíonn le leas an phobail agus ranníocaíochtaí le buiséad an stáit, áirítheoidh sé go ndéanfaidh na húdaráis phoiblí a phróiseálann iarratais ar chearta cónaithe den sórt sin na bearta***

*seo a leanas ar a laghad sula ndéanfar cinneadh:*

*(a) a cheangal go ndéanfar idirbhearta trí bhíthin gaolmhaireacht ghnó le heintiteas faoi oibleagáid a bheidh bunaithe sa Bhallstát sin;*

*(b) faisnéis a iarraidh agus a mheasúnú ó eintitis faoi oibleagáid lena mbaineann maidir leis na bearta díchill chuí custaiméara a rinneadh;*

*(c) faisnéis mhionsonraithe a fháil agus a thaifeadadh, agus í réasúnaithe le doiciméid fhíoraithe, faoi chéannacht an iarratasóra, faoi aon cheann de leasanna gnó agus gníomhaíochtaí fostaíochta an iarratasóra sna 10 mbliana roimhe sin agus faoi fhoinse cistí agus foinse rachmais an iarratasóra;*

*(d) a cheangal go ndéanfar imréiteach a fháil ó na húdaráis forghníomhaithe dlí ábhartha, arna fhíorú le fianaise nach bhfuil aon ghníomhaíocht choiriúil déanta ag an iarratasóir.*

*(e) a cheangal go mbeidh na hiarratasóirí faoi réir na gceanglas maidir le láithreacht fhisiciúil íosta agus rannpháirtíocht ghníomhach íosta san infheistíocht, i gcáilíocht na hinfeistíochta, sa bhreisluach agus i rannchuidiú leis an ngeilleagar*

*(f) sásra faireacháin a bheith i bhfeidhm acu chun rialú ex post a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach cheanglais dhlíthiúla na scéimeanna ag iarratasóirí rathúla.*

*Déanfaidh na húdaráis ábhartha faireachán rialta ar láithreacht fhisiciúil an iarratasóra amhail dá dtagraítear i bpointe (e) den chéad fhomhír agus ní dheonófar nó tarraingeofar siar cearta saoránachta nó cearta cónaithe mar thoradh ar neamhchomhlíonadh an cheanglais sin.*

3. *Ní dheonófar cearta cónaithe faoi scéimeanna den sórt sin d'iarratasóirí a bhfuil naisc dhoiciméadaithe acu le gníomhaíochtaí amhrasacha, lena n-áirítear dlúthchaidreamh gnó le daoine a bhfuil taifead coiriúil acu a bhaineann le sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta nó cionta preideacáide, nó dlúthchaidreamh pearsanta nó gnó le daoine aonair atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé.*

4. *Ní dheonófar ceart cónaitheachta faoi scéimeanna den sórt sin d'iarratasóirí ar náisiúnaigh iad de chuid na dtíortha dá dtagraítear in Airteagal 23, in Airteagal 24 nó in Airteagal 25.*

**Leasú 118**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) i dteannta *leis an oibleagáid* smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a chur i bhfeidhm, maolú agus bainistiú a dhéanamh ar riosca mainneachtain cur chun feidhme agus *seachaint* na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a bhaineann le maoiniú leata.

**Leasú 119**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**

*Leasú*

(b) i dteannta *na hoibleagáide* smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a chur i bhfeidhm, maolú agus bainistiú a dhéanamh ar riosca mainneachtain cur chun feidhme *cur chun feidhme éagsúil* agus *imghabháil* na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé *uile, lena n-áirítear smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé* a bhaineann *leis an sceimhlitheoireacht agus maoiniú na sceimhlitheoireachta agus smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a bhaineann* le maoiniú leata.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Beidh na beartais, rialuithe agus nósanna imeachta sin comhréireach le cineál agus méid an eintitis faoi oibleagáid.

*Leasú*

Beidh na beartais, rialuithe agus nósanna imeachta sin comhréireach le cineál, **gníomhaíocht** agus méid an eintitis faoi oibleagáid. **Cuirfear san i gcuntas sna beartais, sna rialuithe agus sna nósanna imeachta sin measúnuithe riosca fornáisiúnta agus náisiúnta agus treoirlínte na n-aonad um fhaisnéis airgeadais (AFAnna) agus na maoirseoirí, lena n-áirítear torthaí rialuithe na n-údarás inniúil.**

#### **Leasú 120**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) feidhm iniúchóireachta neamhspleách chun na beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha dá dtagraítear i **bpointe (a) a thástáil**;

*Leasú*

(c) feidhm iniúchóireachta neamhspleách chun **a mheas an bhfuil** na beartais, **na** rialuithe agus **na** nósanna imeachta inmheánacha dá dtagraítear i **bpointe (a) ag oibriú go héifeachtach**;

#### **Leasú 121**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) an fíorú, nuair a earcaítear agus nuair a shanntar baill foirne do thascanna agus feidhmeanna áirithe agus nuair a cheaptar a ghníomhairí agus a dháileoírí, go mbíonn dea-chlú ar na daoine sin, go mbeidh **siad** comhréireach leis na rioscaí a bhaineann leis na tascanna agus feidhmeanna le cur i gcrích;

*Leasú*

(d) an fíorú, nuair a earcaítear agus nuair a shanntar baill foirne do thascanna agus feidhmeanna áirithe agus nuair a cheaptar a ghníomhairí agus a dháileoírí, go mbíonn dea-chlú ar na daoine sin, go mbeidh **scileanna agus eolas acu atá** comhréireach leis na rioscaí a bhaineann leis na tascanna agus feidhmeanna le cur i gcrích;

**Leasú 122**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 7 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Faoi [2 bhliain i ndiaidh don Rialacháin seo teacht i bhfeidhm], eiseoidh AMLA treoirlínte ar na gnéithe ar cheart d'eintitis faoi oibleagáid a thabhairt san áireamh nuair a dhéantar cinneadh ar mhéid a mbeartas, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha.

*Leasú*

4. Faoi [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh ÚFA, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) (ÚBE), arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, forbróidh sé dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin iad lena nglacadh. Sonrófar sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin na heilimintí ar cheart d'eintitis faoi oibleagáid iad a chur i gcuntas agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le méid a mbeartas, a rialuithe agus a nósanna imeachta inmheánacha bunaithe ar an leibhéal measúnaithe riosca a bhaineann leo.

*Áireofar iontu freisin treoir maidir le conas líon na mball foirne a chinneadh a gcuirfear feidhmeanna comhlíontacha de chúram orthu mar a leagtar amach in Airteagal 9, agus cineál, gníomhaíocht agus méid na n-eintiteas faoi oibleagáid agus na rioscaí bunúsacha a bhaineann leis an earnáil ina n-oibríonn siad á gcur i gcuntas.*

**Leasú 123**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 7 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 38 go 41 de Rialachán (AE)



2023/... [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final].

**Leasú 124**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 8 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Glacfaidh eintitis faoi oibleagáid bearta iomchuí, comhréireach dá gcineál agus dá méid, chun rioscaí an sciúrtha airgid agus do mhaoiniú na sceimhlitheoireachta dá nochtar iad a aithint agus a mheasúnú, chomh maith le rioscaí mainneachtain cur chun feidhme agus seachaint na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a bhaineann le maoiniú leata.

**Leasú 125**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Glacfaidh eintitis faoi oibleagáid bearta iomchuí, comhréireach dá gcineál, **dá ngníomhaíocht** agus dá méid, chun rioscaí an sciúrtha airgid agus do mhaoiniú na sceimhlitheoireachta dá nochtar iad a aithint agus a mheasúnú, chomh maith le rioscaí mainneachtain cur chun feidhme agus seachaint na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé **uile lena n-áirítear smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé** a bhaineann **leis an sceimhlitheoireacht agus le maoiniú na sceimhlitheoireachta agus na smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a bhaineann le maoiniú leata agus an méid seo a leanas ar a laghad á chur i gcuntas.**

*Leasú*

**(ca) treoirlínte, moltaí agus tuairimí ábhartha arna n-eisiúint ag ÚFA i gcomhréir le hAirteagail 43 agus 44 de Rialachán (AE) 2023/... [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final].**

**Leasú 126**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe c b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(cb) na conclúidí a baineadh as sárúithe roimhe seo ar rialacha AML/CFT ag an eintiteas faoi oibleagáid atá i gceist nó as aon nasc idir an t-eintiteas faoi oibleagáid atá i gceist agus cás sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta;**

**Leasú 127**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe c c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(cc) faisnéis ó AFAnna agus ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí;**

**Leasú 128**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 8 – mír 1 – pointe c d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(cd) faisnéis a fhaightear mar chuid den phróiseas díchill chuí tosaigh do chustaiméirí agus den fhaireachán leanúnach;**

**Leasú 129**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe c e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ce) a chuid eolais agus taitheí ghairmiúil féin.**

**Leasú 130**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 8 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1a. Féadfaidh eintitis faoi oibleagáid, ag brath ar an leibhéal riosca a shainaithnítear agus ar phrionsabal na comhréireachta, foinsí breise faisnéise a mheas dá lánrogha féin, lena n-áirítear:**

**(a) faisnéis ó eagraíochtaí eintiteas faoi oibleagáid maidir le típeolaíochtaí agus maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn;**

**(b) faisnéis ó eagraíochtaí na sochái sibhialta, lena n-áirítear innéacsanna braistinte éillithe agus tuarascálacha eile tíre;**

**(c) faisnéis ó chomhlachtaí idirnáisiúnta a leagann síos caighdeáin amháil tuarascálacha meastóireachta frithpháirtí nó tuarascálacha agus athbhreithnithe eile;**

**(d) faisnéis ó fhoinsí oscailte inchreidte iontaofa agus ó na meáin chumarsáide;**

**(e) faisnéis ó eagraíochtaí tráchtála inchreidte iontaofa, amháil tuarascálacha riosca;**

**(f) eolas ó eagraíochtaí staidrimh agus ón saol acadúil.**

**Leasú 131**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 9 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Ceapfaidh na heintitis faoi oibleagáid comhalta feidhmiúcháin amháin

1. Ceapfaidh na heintitis faoi oibleagáid comhalta feidhmiúcháin amháin

*chuig a mbord stiúrthóirí, nó mura bhfuil bord ann, chuig a chomhlacht rialaithe coibhéiseach a bheidh freagrach as cur chun feidhme na mbeart chun comhlíontacht leis an **Rialachán** seo a áirithiú ('bainisteoir comhlíontachta'). Mura bhfuil comhlacht **rialaithe** ag an eintiteas, **is é ball** dá lucht bainistíochta sinsearach **a dhéanfaidh** an fheidhm.*

*dá gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta a bheidh freagrach as cur chun feidhme na mbeart **agus as faireachán a dhéanamh orthu** chun comhlíontacht leis an **Rialacháin** seo a áirithiú ('bainisteoir comhlíontachta'). Mura bhfuil comhlacht **bainistíochta** ag an eintiteas, **ba cheart do comhalta** dá lucht bainistíochta sinsearach an fheidhm **a dhéanamh. Tá an mhír seo gan dochar d'fhorálacha náisiúnta maidir le comhdhliteanas sibhialta nó dliteanas coiriúil comhlachtaí rialaithe.***

**Leasú 132**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 9 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. **Beidh** an bainisteoir comhlíontachta **freagrach as** beartais, rialuithe agus nósanna imeachta an eintitis faoi oibleagáid **a chur** chun feidhme agus **as** faisnéis **a fháil faoi** laigi suntasacha nó ábhartha sna beartais, rialuithe agus nósanna imeachta sin. Tuairisceoidh an bainisteoir comhlíontachta **ar na cúrsaí sin chuig an mbord stiúrthóirí nó ag an gcomhlacht rialaithe coibhéiseach**. I gcás máthairghnóthas, beidh an duine sin freagrach freisin as maoirsiú ar bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta ar fud an ghrúpa.

**Leasú 133**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 9 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Beidh oifigeach comhlíontachta ag eintitis faoi oibleagáid, le ceapadh ag an **mbord stiúrthóirí nó ag an gcomhlacht rialaithe**, a bheidh i gceannas ar oibriú

*Leasú*

2. **Áiritheoidh** an bainisteoir comhlíontachta **go gcuirfear** beartais, rialuithe agus nósanna imeachta an eintitis faoi oibleagáid chun feidhme **go hiomlán** agus **gheobhaidh sé** faisnéis **maidir le** laigi suntasacha nó ábhartha sna beartais, rialuithe agus nósanna imeachta sin.

Tuairisceoidh an bainisteoir comhlíontachta **go rialta maidir leis na hábhair sin don chomhlacht bainistíochta**. I gcás máthairghnóthas, beidh an duine sin freagrach freisin as maoirsiú ar bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta ar fud an ghrúpa.

*Leasú*

3. Beidh oifigeach comhlíontachta ag eintitis faoi oibleagáid, le ceapadh ag an gcomhlacht **bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta**, a bheidh i gceannas ar

laethúil bheartais an eintitis faoi oibleagáid maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT). Beidh an duine sin freagrach freisin as idirbhearta amhrasacha a thuairisciú chuig an *Aonad Faisnéise Airgeadais (AFA)* i gcomhréir le hAirteagal 50(6).

oibriú laethúil bheartais an eintitis faoi oibleagáid maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (AML/CFT) *lena n-áirítear a bheith ina phointe teagmhála d'údaráis inniúla*. Beidh an duine sin freagrach freisin as idirbhearta amhrasacha a thuairisciú chuig an *AFA* i gcomhréir le hAirteagal 50(6). *Beidh an t-oifigeach comhlíontachta neamhspleách ina fheidhm agus ina fhreagrachtaí.*

**Leasú 134**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Féadfaidh eintiteas faoi oibleagáid atá mar chuid de ghrúpa duine a cheapadh mar a oifigeach comhlíontachta a dhéanfaidh an fheidhm sin in eintiteas eile laistigh den ghrúpa sin.

*Leasú*

Féadfaidh eintiteas faoi oibleagáid atá mar chuid de ghrúpa duine a cheapadh mar a oifigeach comhlíontachta a dhéanfaidh an fheidhm sin in eintiteas eile laistigh den ghrúpa sin, *ar choinníoll go bhfuil an t-eintiteas eile bunaithe sa Bhallstát céanna leis an eintiteas faoi oibleagáid.*

**Leasú 135**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 9 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*3a. Ní ghearrfar pionós ar oifigeach comhlíontachta ar bhealach ar bith i gcomhthéacs fostaíochta as dualgais a chomhlíonadh. Ní dhéanfar oifigeach comhlíontachta a bhriseadh as a phost roimh dheireadh théarma an cheapacháin mura rud é go dtagann fíorais chun cinn a fhágann go bhfuil sé míréasúnta don eintiteas faoi oibleagáid lena mbaineann an duine a choinneáil. Tabharfaidh eintitis faoi oibleagáid fógra do mhaoirseoirí faoi oifigigh*

*chomhlíontachta a bhriseadh as a bpost agus faoin gcúis atá leis sin.*

**Leasú 136**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 3 – mír 3 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3b. I gcás ina ndéanfaidh údarás neamh-AML/CFT oiriúnacht bainisteora comhlíontachta nó oifigigh comhlíontachta a fhíorú, cuirfidh an t-údarás sin in iúl, gan moill mhíchuí, don mhaoirseoir sa Bhallstát ina bhfuil an t-eintiteas faoi oibleagáid bunaithe go bhfuarthas an t-iarratas ar fhíorú oiriúnachta agus faoin dáta faoinar gá an cinneadh maidir leis an oiriúnacht a dhéanamh. Déanfaidh an maoirseoir, i gcomhar le húdaráis inniúla eile de réir mar is iomchuí, aon ionchur is gá laistigh dá inniúlacht mhaoirseachta a sholáthar don údarás neamh-AML/CFT, laistigh de sprioc-am iomchuí agus an dáta faoinar gá an cinneadh maidir leis an oiriúnacht a dhéanamh á chur i gcuntas.**

**Is éard a bheidh san ionchur dá dtagraítear sa chéad fhomhír measúnú i dtaobh an leor an t-eolas, na scileanna agus an taithí atá ag an gceapaí chun feidhm an bhainisteora comhlíontachta nó an oifigigh um chomhlíonadh ar ainmníodh an ceapaí ina leith a chomhlíonadh agus beidh an measúnú sin ina chuid de chinneadh an údaráis a fhíoraíonn an oiriúnacht.**

**I gcás ina gcinnfidh an maoirseoir nach bhfuil eolas, scileanna agus taithí leormhaith ag an gceapaí chun na cúraimí a leagtar amach sa chéad fhomhír agus sa dara fhomhír a chomhlíonadh maidir le feidhm bainisteora comhlíontachta, nó sa tríú fhomhír i ndáil le feidhm oifigigh comhlíontachta, ní dhéanfaidh an t-údarás a fhíoraíonn an oiriúnacht**

*cinneadh a chuirfeadh ar chumas an cheapaí na cúraimí sin a dhéanamh.*

*An nós imeachta chun an maoirseoir ábhartha a shainaithint, spriocdhátaí sonracha chun an t-ionchur dá dtagraítear sa mhír seo a sholáthar agus sonraí teicniúla eile maidir leis an gcomhar idir maoirseoirí agus na húdaráis a fhíoróidh an oiriúnacht, lena n-áirítear BCE, ag gníomhú dó i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus údaráis eile faoin Rialachán sin, leagfar amach iad sna treoirlínte atá in Airteagal 52 de Threoir (AE) 2023/... [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac - COM/2021/423 final].*

**Leasú 137**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 9 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Cuirfidh eintitis faoi oibleagáid acmhainní **leordhóthanacha** ar fáil do na feidhmeanna comhlíontachta, lena n-áirítear baill foirne agus teicneolaíocht, i gcomhréir le méid, cineál agus rioscaí an eintitis faoi oibleagáid do chur chun feidhme na bhfeidhmeanna comhlíontachta, agus áiritheoidh **siad go ndeonaítear** na cumhachtaí chun aon bhearta a mholadh is gá chun éifeachtacht bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha an eintitis faoi oibleagáid a áirithiú **ar** na daoine **le freagracht** as na feidhmeanna sin.

*Leasú*

4. Cuirfidh eintitis faoi oibleagáid acmhainní **leormhaithe** ar fáil do na feidhmeanna comhlíontachta, lena n-áirítear baill foirne agus teicneolaíocht, i gcomhréir le méid, cineál, **gníomhaíocht** agus rioscaí an eintitis faoi oibleagáid do chur chun feidhme na bhfeidhmeanna comhlíontachta, agus áiritheoidh **sé go ndeonófar rochtain ar an bhfaisnéis, ar na sonraí, ar na taifid agus ar na córais uile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i ndáil le comhlíonadh a ndualgas agus ar na cumhachtaí chun aon bhearta a mholadh is gá chun éifeachtacht bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha an eintitis faoi oibleagáid a áirithiú do** na daoine **atá freagrach** as na feidhmeanna sin.



**Leasú 138**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 9 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Cuirfidh an bainisteoir comhlíontachta tuarascáil faoi bhráid an chomhlachta **rialaithe** uair amháin in aghaidh na bliana nó níos minice de réir mar is cuí, maidir le cur chun feidhme bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha an eintitis faoi oibleagáid, agus coinneoidh sé/sí an comhlacht bainistíochta ar an eolas faoi thoradh aon athbhreithnithe. Glacfaidh an **comhlacht rialaithe** na gníomhaíochtaí is gá chun aon easnaimh a aithnítear ar bhealach tráthúil.

**Leasú 139**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 9 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. I gcás ina mbíonn údar leis i bhfianaise mhéid an eintitis faoi oibleagáid, is féidir leis an duine nádúrtha céanna na feidhmeanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 a dhéanamh.

**Leasú 140**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 11 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Na fostaithe a gcuirtear tascanna ar a n-iontaoibh a bhaineann le comhlíontacht an eintitis faoi oibleagáid leis an Rialachán seo; cuirfidh siad an t-oifigeach comhlíontachta ar an eolas faoi aon

*Leasú*

5. Cuirfidh an bainisteoir comhlíontachta tuarascáil faoi bhráid an chomhlachta **bainsistíochta** uair amháin in aghaidh na bliana nó níos minice de réir mar is cuí, maidir le cur chun feidhme bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha an eintitis faoi oibleagáid, agus coinneoidh sé/sí an comhlacht bainistíochta ar an eolas faoi thoradh aon athbhreithnithe. Glacfaidh an **comhlachtbainsistíochta** na gníomhaíochtaí is gá chun aon easnaimh a aithnítear ar bhealach tráthúil.

*Leasú*

6. I gcás ina mbíonn údar leis i bhfianaise mhéid an eintitis faoi oibleagáid, is féidir leis an duine nádúrtha céanna na feidhmeanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 a dhéanamh. **Féadfaidh an t-oifigeach comhlíontachta na feidhmeanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 a charnadh le feidhmeanna eile.**

*Leasú*

2. Na fostaithe a gcuirtear tascanna ar a n-iontaoibh a bhaineann le comhlíontacht an eintitis faoi oibleagáid leis an Rialachán seo; cuirfidh siad an t-oifigeach comhlíontachta ar an eolas faoi aon

ghaolmhaireacht phríobháideach nó ghairmiúil atá bunaithe le custaiméirí nó custaiméirí ionchasacha an eintitis faoi oibleagáid, agus cuirfear cosc orthu ó thabhairt faoi thascanna ar bith a bhaineann le comhlíontacht an eintitis faoi oibleagáid i ndáil leis na custaiméirí sin.

ghaolmhaireacht phríobháideach nó ghairmiúil atá bunaithe le custaiméirí nó custaiméirí ionchasacha an eintitis faoi oibleagáid, ***a bhfuil curtha in iúl acu go bhfuil sé ar intinn acu a bheith faoi cheangal dlí ag Conradh ina ráitis nó ina n-iompar de réir mar a thuig an páirtí eile go réasúnta iad***, agus cuirfear cosc orthu ó thabhairt faoi thascanna ar bith a bhaineann le comhlíontacht an eintitis faoi oibleagáid i ndáil leis na custaiméirí sin..

**Leasú 141**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 11 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. *Beidh nósanna imeachta leormhaithe i bhfeidhm ag eintitis faoi oibleagáid chun a áirithiú go n-athróidh an fhreagracht as gaolmhaireacht ghnó ó fhostaí amháin go fostaí eile ag eatraimh iomchuí. I gcás nach féidir nós imeachta den sórt sin a bhunú de bharr mhéid an eintitis faoi oibleagáid nó de bharr an ghá atá le cáilíochtaí speisialta, déanfaidh an t-oifigeach comhlíontachta scrúdú speisialta, ar bhealach rioscabhunaithe, ar na gaolmhaireachtaí gnó lena mbaineann ag eatraimh iomchuí.***

**Leasú 142**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 11 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Beidh nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm ag eintitis faoi oibleagáid dá gcuid fostaíthe, nó do dhaoine i bpost inchomparáide, chun sárúithe an Rialacháin seo a thuairisciú go himmheánach trí chainéal sonrath,

3. Beidh nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm ag eintitis faoi oibleagáid dá gcuid fostaíthe, nó do dhaoine i bpost inchomparáide, chun sárúithe an Rialacháin seo a thuairisciú go himmheánach trí chainéal sonrath,

neamhspleách agus anaithnid, a bheidh comhréireacht le cineál agus le méid an eintitis faoi oibleagáid i gceist.

**Leasú 143**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Glacfaidh** eintitis faoi oibleagáid bearta chun a áirithiú go **dtugtar cosaint d'fhostaithe**, bainisteoirí **nó** gníomhairí a thuairiscíonn sárúithe de bhun an **chéad fhomhír i gcoinne frithbheartaíochta, idirdhealú** agus **aon éagóir** eile.

**Leasú 144**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 12 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

neamhspleách agus anaithnid, a bheidh comhréireacht le cineál, **gníomhaíocht** agus le méid an eintitis faoi oibleagáid i gceist.

*Leasú*

**Déanfaidh** eintitis faoi oibleagáid bearta chun a áirithiú go **ndéanfar fostaithe**, bainisteoirí, gníomhairí **agus daoine eile dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>5a</sup>** a thuairiscíonn sárúithe de bhun **na chéad fhomhíre a chosaint i gcomhréir leis an Treoir sin** agus **le gníomhartha dlí eile is infheidhme**.

---

<sup>5a</sup> **Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (IO L 26, 2.2.2016, lch. 19).**

*Leasú*

**Airteagal 12a**

**Ceanglais íosta do thrádálaithe aonair, oibreoirí aonair nó micrifhiontair**

**1. Faoin... [2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt agus iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena nglacadh maidir le híoscheanglais agus caighdeáin íosta chun an Chaibidil seo a chomhlíonadh ag eintitis faoi oibleagáid ar thrádálaithe aonair, oibreoirí aonair nó**

*micrifhiontair iad. Go háirithe, forbróidh ÚFA ceanglais agus caighdeáin i ndáil le feidhmeanna comhlíontachta a fhorghníomhú. Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír á bhforbairt, tabharfaidh ÚFA aird chuí ar leibhéil bhunúsacha na rioscaí a bhaineann le samhlacha gnó na gcineálacha éagsúla eintiteas faoi oibleagáid chun a áirithiú go bhfuil na ceanglais agus na caighdeáin maidir le comhlíonadh comhréireach leis na rioscaí a shaináithnítear.*

*2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 38 go 41 de Rialachán (AE) .../... [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final].*

**Leasú 145**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 13 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh **máthairghnóthas** go mbeidh feidhm ag na ceanglais i leith nósanna imeachta inmheánacha, measúnú riosca agus foirne dá dtagraítear i Roinn 1 den Chaibidil seo i ngach brainse agus fochuideachta den ghrúpa sna Ballstáit, agus i dtríú tíortha **i gcás grúpaí a bhfuil a máthairghnóthas bunaithe san Aontas**. Ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis faoi oibleagáid ar cuid de ghrúpa iad beartais agus nósanna imeachta uile-ghrúpa a chur chun feidhme, lena n-áirítear beartais chun sonraí a chosaint agus beartais agus nósanna imeachta chun faisnéis a chomhroinnt laistigh den ghrúpa chun críocha AML/CFT.

*Leasú*

1. **Déanfaidh gach máthairghnóthas a bhunaítear san Aontas beartais, rialuithe agus nósanna imeachta uile-ghrúpa a chur i bhfeidhm chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus áiritheoidh sé go mbeidh feidhm ag na ceanglais i leith nósanna imeachta inmheánacha, measúnú riosca agus foirne dá dtagraítear i Roinn 1 den Chaibidil seo i ngach brainse agus fochuideachta den ghrúpa sna Ballstáit agus i dtríú tíortha. **Chuirge sin, déanfaidh máthairghnóthas measúnú riosca uile-ghrúpa, agus na rioscaí arna saináithint ag brainsí agus fochuideachtaí uile an ghrúpa á gcur san áireamh, agus ar bhonn an mheasúnaithe****

*sin, déanfaidh sé beartais, rialuithe agus nósanna imeachta uile-ghrúpa a bhunú agus a chur chun feidhme. Ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis faoi oibleagáid ar cuid de ghrúpa iad beartais agus nósanna imeachta uile-ghrúpa a chur chun feidhme, lena n-áirítear beartais chun sonraí a chosaint agus beartais agus nósanna imeachta chun faisnéis a chomhroinnt laistigh den ghrúpa chun críocha AML/CFT. **Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid ar cuid de ghrúpa iad na beartais, na rialuithe agus na nósanna imeachta uile-ghrúpa a chur chun feidhme, agus a sainiúlachtaí agus na rioscaí a bhfuil siad neamhchosanta orthu á gcur i gcuntas.***

**Leasú 146**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 13 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Éileoidh na beartais, rialuithe agus nósanna imeachta i ndáil le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i mír 1 ar eintitis faoi oibleagáid laistigh den ghrúpa faisnéis a mhalartú nuair a bhaineann ábharthacht leis an gcomhroinnt sin do chosc an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta. Clúdófar go sonrath le comhroinnt faisnéise laistigh den ghrúpa aitheantas agus saintréithe an chustaiméara, a úinéirí tairbhiúla nó an duine a ngníomhaíonn an custaiméir thar a c(h)eann, cineál agus cuspóir na gaolmhaireachta gnó agus na hamhrais gur fáltais ón ngníomhaíocht choiriúil atá sna cistí nó go mbaineann siad **leis an** maoiniú sceimhlitheoireachta **a tuairiscíodh** chuig an AFA de bhun **Airteagal 50**, mura dtugann **an** AFA treoir **éigin eile ina leith**.

*Leasú*

2. Éileoidh na beartais, rialuithe agus nósanna imeachta i ndáil le comhroinnt faisnéise dá dtagraítear i mír 1 ar eintitis faoi oibleagáid laistigh den ghrúpa faisnéis a mhalartú nuair a bhaineann ábharthacht leis an gcomhroinnt sin do chosc an sciúrtha airgid agus an mhaoinithe sceimhlitheoireachta, **lena n-áirítear dícheall cuí custaiméara agus bainistíocht riosca**. Clúdófar go sonrath le comhroinnt faisnéise laistigh den ghrúpa aitheantas agus saintréithe an chustaiméara, a úinéirí tairbhiúla nó an duine a ngníomhaíonn an custaiméir thar a c(h)eann, cineál agus cuspóir na gaolmhaireachta gnó agus na **n-idirbheart, chomh maith le, i gcás inarb infheidhme, anailís ar na hidirbhearta neamhthipiciúla agus na** hamhrais gur fáltais ón ngníomhaíocht choiriúil atá sna cistí nó go mbaineann siad **le** maoiniú sceimhlitheoireachta **arna thuairisciú** chuig an AFA de bhun **Airteagal 50**, mura dtugann AFA treoir **dá mhalairt**

**Leasú 147**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 13 – mír 2 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfidh grúpaí beartais, rialuithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm ar fud an ghrúpa chun a áirithiú go gcuirtear an fhaisnéis a mhalartaítear de bhun an **chéad fhomhír** faoi réir ráthaíochtaí leordhóthanacha i dtéarmaí rúndachta, cosanta sonraí agus úsáid na faisnéise, lena n-áirítear lena nochtadh a chosc.

**Leasú 148**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 13 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Ceanglófar leis na beartais, na nósanna imeachta agus na rialuithe uile-ghrúpa go ndéanfaidh eintitis laistigh de ghrúpa nach eintitis faoi oibleagáid iad de bhun Airteagal 3 den Rialachán seo faisnéis ábhartha a sholáthar d'eintitis faoi oibleagáid laistigh den ghrúpa céanna chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh.** Cuirfidh grúpaí beartais, rialuithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm ar fud an ghrúpa chun a áirithiú go gcuirtear an fhaisnéis a mhalartaítear de bhun **na chéad fhomhíre agus an dara fómhír** faoi réir ráthaíochtaí leordhóthanacha i dtéarmaí rúndachta, cosanta sonraí agus úsáid na faisnéise, lena n-áirítear lena nochtadh a chosc.

*Leasú*

**2a. Beidh eintitis laistigh den ghrúpa céanna i dteideal an fhaisnéis a fhaightear a úsáid mar fhaisnéis atá cothrom le dáta don chaidreamh gnó inghrúpa, ar choinnioll:**

**(a) gur eintiteas eile laistigh den ghrúpa céanna a chuireann an fhaisnéis nó na doiciméid ar fáil;**

**(b) nach bhfuil a fhios ag an eintiteas glactha laistigh den ghrúpa céanna agus ag an eintiteas a sholáthraíonn laistigh den ghrúpa céanna nach bhfuil an fhaisnéis cothrom le dáta a thuilleadh**

**Leasú 149**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 13 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Faoi [2 bhliain ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Is sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a shonrófar na híoscheanglais le beartais ar fud an ghrúpa, lena n-áirítear íoschaighdeáin don chomhroinnt faisnéise laistigh den ghrúpa, an ról agus na freagrachtaí le máthairghnóthais nach eintitis faoi oibleagáid atá iontu féin i ndáil le comhlíontacht ar fud an ghrúpa a áirithiú le ceanglais AML/CFT agus leis na coinníollacha faoina bhfuil feidhm ag forálacha an Airteagail seo ar eintitis atá mar chuid de struchtúir faoi chomhúinéireacht, comhbhainistíocht nó comhrialú comhlíontachta, lena n-áirítear líonraí nó comhpháirtíochtaí.

**Leasú 150**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 14 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. I gcás ina bhfuil brainsí nó fochuideachtaí de chuid eintitis faoi oibleagáid lonnaithe i dtríú tíortha nach mbíonn na ceanglais AML/CFT chomh dian céanna iontu ná na cinn atá leagtha amach sa Rialachán seo, áiritheoidh an **t-eintiteas faoi oibleagáid i gceist** go gcomhlíonfaidh na brainsí nó fochuideachtaí sin leis na ceanglais atá leagtha síos sa Rialachán seo, lena n-áirítear ceanglais maidir le cosaint sonraí nó a gcoibhéis.

*Leasú*

3. Faoi [2 bhliain ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh AMLA, **tar éis dul i gcomhairle le ÚBE**, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Is sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a shonrófar na híoscheanglais le beartais ar fud an ghrúpa, lena n-áirítear íoschaighdeáin don chomhroinnt faisnéise laistigh den ghrúpa, an ról agus na freagrachtaí le máthairghnóthais nach eintitis faoi oibleagáid atá iontu féin i ndáil le comhlíontacht ar fud an ghrúpa a áirithiú le ceanglais AML/CFT agus leis na coinníollacha faoina bhfuil feidhm ag forálacha an Airteagail seo ar eintitis atá mar chuid de struchtúir faoi chomhúinéireacht, comhbhainistíocht nó comhrialú comhlíontachta, lena n-áirítear líonraí nó comhpháirtíochtaí.

*Leasú*

1. I gcás ina bhfuil brainsí nó fochuideachtaí de chuid eintitis faoi oibleagáid lonnaithe i dtríú tíortha nach mbíonn na ceanglais AML/CFT chomh dian céanna iontu ná na cinn atá leagtha amach sa Rialachán seo, áiritheoidh an **máthairghnóthas** go gcomhlíonfaidh na brainsí nó fochuideachtaí sin leis na ceanglais atá leagtha síos sa Rialachán seo, lena n-áirítear ceanglais maidir le cosaint sonraí nó a gcoibhéis.



**Leasú 151**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 14 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás nach féidir de réir dlí an tríú tír na ceanglais **atá leagtha** síos sa Rialachán a chomhlíonadh, glacfaidh **eintitis faoi oibleagáid** bearta breise lena áirithiú go bpléann brainsí agus fochuideachtaí sa tríú tír sin go héifeachtach le riosca an sciúrtha airgid nó an mhaoinithe sceimhlitheoireachta, agus cuirfidh an cheannoifig na maoirseoirí óna mBallstát dúchais ar an eolas faoi. I gcás ina measann maoirseoirí an Bhallstáit dúchais nach leor iad na bearta breise, feidhmeoidh siad gníomhaíochtaí maoirseachta breise, lena n-áirítear a cheangal nach mbunóidh an grúpa aon ghaolmhaireacht ghnó, cinn atá ann a fhoirceannadh nó gan idirbhearta a dhéanamh, nó a chuid oibríochtaí sa tríú tír a dhúnadh.

**Leasú 152**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 14 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. **Faoi** [2 bhliain tar éis dáta teachta i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Is sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a shonrófar an cineál beart breise dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear an gníomhaíocht íosta le glacadh ag eintitis faoi oibleagáid i gcás nach féidir de réir dlí tríú tíre na bearta is gá faoi Airteagal 13 a chur chun feidhme agus na gníomhaíochtaí maoirseacha breise is gá sna cásanna sin.

*Leasú*

2. I gcás nach féidir de réir dlí an tríú tír na ceanglais **a leagtar** síos sa Rialachán a chomhlíonadh, glacfaidh **an máthairghnóthas** bearta breise lena áirithiú go bpléann brainsí agus fochuideachtaí sa tríú tír sin go héifeachtach le riosca an sciúrtha airgid nó an mhaoinithe sceimhlitheoireachta, agus cuirfidh an cheannoifig na maoirseoirí óna mBallstát dúchais ar an eolas faoi **na bearta breise sin**. I gcás ina measann maoirseoirí an Bhallstáit dúchais nach leor iad na bearta breise, feidhmeoidh siad gníomhaíochtaí maoirseachta breise, lena n-áirítear a cheangal nach mbunóidh an grúpa aon ghaolmhaireacht ghnó, cinn atá ann a fhoirceannadh nó gan idirbhearta a dhéanamh, nó a chuid oibríochtaí sa tríú tír a dhúnadh.

*Leasú*

3. **Faoi ...** [2 bhliain tar éis dáta teachta i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Is sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a shonrófar an cineál beart breise dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear an gníomhaíocht íosta le glacadh ag eintitis faoi oibleagáid i gcás nach féidir de réir dlí tríú tíre na bearta is gá faoi Airteagal 13 a chur chun feidhme agus na gníomhaíochtaí maoirseacha breise is gá sna cásanna sin. **Áireofar sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála liosta de thríú tíortha ina meastar go bhfuil an t-íoscheanglas**

*AML/CFT coibhéiseach leis na cinn a leagtar síos sa Rialachán seo. Tabharfar an liosta cothrom le dáta go rialta.*

**Leasú 153**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 15 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I dteannta leis na himthosca dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh institiúid creidmheasa agus airgeadais **agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní** dícheall cuí do chustaiméirí i bhfeidhm nuair a bhítear ag tionscnamh nó ag rith idirbhirt ócáidigh arb ionann é agus aistriú cistí mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (9) de Rialachán **[ionsáigh** tagairt – togra le haghaidh athmhúnlú Rialacháin 2015/847 - COM/2021/422 críochnaithe], **nó aistriú criptea-shócmhainní mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (10) den Rialachán sin, os cionn** EUR 1 000 nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta.

*Leasú*

2. I dteannta leis na himthosca dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh institiúid creidmheasa agus airgeadais dícheall cuí do chustaiméirí i bhfeidhm nuair a bhítear ag tionscnamh nó ag rith idirbhirt ócáidigh arb ionann é agus aistriú cistí mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (9) de Rialachán **[cuir isteach** tagairt – togra le haghaidh athmhúnlú Rialacháin 2015/847 - COM/2021/422 críochnaithe] **arb ionann iad agus** EUR 1 000 nó **níos mó** a choibhéis san airgeadra náisiúnta.

*Déanfaidh institiúidí creidmheasa agus airgeadais ar eintitis faoi oibleagáid iad bearta díchill chuí custaiméara a chur i bhfeidhm freisin nuair atá baint acu le hidirbhearta ócáideacha lena mbaineann criptea-shócmhainní arb ionann iad agus EUR 1 000 nó níos mó, nó a choibhéis san airgeadra náisiúnta, cibé acu a dhéantar an t-idirbheart in aon oibríocht amháin nó trí idirbhearta nasctha.*

**Leasú 154**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 15 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cearrbhachais dícheall cuí do chustaiméirí **i bhfeidhm** nuair a bhaileofar airgead buaite,

*Leasú*

3. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cearrbhachais dícheall cuí **i bhfeidhm** do chustaiméirí nuair a bhaileofar airgead

nuair chuirfear geall, nó an dá rud, **nuair a dhéantar** idirbhearta arb ionann iad agus **EUR 2 000** ar a laghad nó a choibhéis **san** airgeadra náisiúnta, **bíodh** an t-idirbheart **á chur i gcrích** in oibríocht **amháin** nó in idirbhearta **comhnascha**.

buaite, nuair **a** chuirfear geall, nó an dá rud, **agus** idirbhearta arb ionann iad agus **EUR 2 000** ar a laghad nó a choibhéis **in** airgeadra náisiúnta, **nó, i gcás seirbhísí cearrbhachais ar líne, idirbhearta arb ionann iad agus EUR 1 000 ar a laghad** nó a choibhéis **in** airgeadra náisiúnta, **cibé acu a dhéantar** an t-idirbheart in oibríocht **aonair** nó in idirbhearta **nascha**.

**Leasú 155**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 15 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. De mhaolú ar mhír 1, bunaithe ar mheasúnú riosca iomchuí lena léirítear riosca íseal, féadfaidh maoirseoir a cheadú d'eintitis faoi oibleagáid gan bearta díchill chuí custaiméara áirithe a chur i bhfeidhm maidir le ríomh-airgead nach féidir a úsáid ach ar bhealach teoranta, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha maolaithe riosca seo a leanas go léir:**

**a) nach mó an t-uasmhéid a stóráiltear ná EUR 150;**

**b) is féidir na hionstraimí íocaíochta a úsáid go heisiach chun earraí nó seirbhísí a cheannach, i stór nó ar líne, in aon Bhallstát amháin, ón eisiitheoir, nó laistigh de líonra soláthraithe seirbhíse faoi chomhaontú tráchtála díreach le heisiitheoir gairmiúil;**

**Na hionstraimí íocaíochta dá dtagraítear i bpointe b)**

**den chéad fhomhír, ní bheidh siad nascha le cuntas bainc, ní lamhálfar leo breisiú iarmhéid agus ní bheidh siad inmhalartaithe ar airgead tirim.**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 15 – mír 4**

4. I gcás institiúidí creidmheasa, cuirfeadh i gcrích feidhmiú an díchill chuí do chustaiméirí freisin, faoi mhaoirseacht na maoirseoirí, ag an tráth a cinneadh an institiúid a bheith i mbéal cliseadh nó ar dóigh di cliseadh de bhun Airteagal 32(1) de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>52</sup> nó nuair nach mbeidh na taiscí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 2(1)(8) de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>53</sup> Is iad na maoirseoirí a chinnfidh déine agus raon feidhme na mbeart díchill chuí do chustaiméirí sin ag féachaint do na himthosca sonracha ag an institiúid creidmheasa.

---

<sup>52</sup> Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

<sup>53</sup> Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí. Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

4. I gcás institiúidí creidmheasa, cuirfeadh i gcrích feidhmiú an díchill chuí do chustaiméirí freisin, **i gcás inar gá** faoi mhaoirseacht na maoirseoirí, ag an tráth a cinneadh an institiúid a bheith i mbéal cliseadh nó ar dóigh di cliseadh de bhun Airteagal 32(1) de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>52</sup> nó nuair nach mbeidh na taiscí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 2(1)(8) de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>53</sup>. Is iad na maoirseoirí a chinnfidh déine agus raon feidhme na mbeart díchill chuí do chustaiméirí sin ag féachaint do na himthosca sonracha ag an institiúid creidmheasa.

---

<sup>52</sup> Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

<sup>53</sup> Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí. Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

**Leasú 156**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 15 – mír 5 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ba) na critéir atá le cur i gcuntas chun idirbhearta ócáideacha a shainaithint, lena n-áirítear idirbhearta lena mbaineann criptea-shócmhainní;***

**Leasú 157**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 15 – mír 5 – pointe b b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(bb) na critéir atá le cur i gcuntas chun gaolmhaireachtaí gnó a shainaithint;***

**Leasú 158**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 16 – mír 1 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ba) Céannacht scairsealbhóirí ainmnitheacha agus stiúrthóirí ainmnitheacha d'eintitis chorparáideacha nó d'eintitis dhlítheanacha eile a shainaithint agus a thaifeadadh agus a stádas a shainaithint mar sin, i gcás inarb iomchuí;***

**Leasú 159**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 16 – mír 1 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ca) fíoróidh siad an bhfuil an custaiméir nó an t-úinéir tairbhiúil faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus maoiniú na sceimhlitheoireachta agus maoiniú leata,***

*agus le smachtbhannaí airgeadais  
spríodhírithe eile is infheidhme de chuid  
an Aontais;*

**Leasú 160**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 16 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*2a. Gan dochar d’aon bhearta eile is gá chun an oibleagáid maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí airgeadais spríodhírithe a chomhlíonadh, áireofar leis na bearta a leagtar síos i mír 1, pointe (ca), scagadh rialta ar chéannacht an chustaiméara chomh maith le céannacht an úinéara thairbhiúil i gcoinne liostaí smachtbhannaí ábhartha na ndaoine ainmnithe chun a fhíorú nach duine aonair, eintiteas ná grúpa ainmnithe é an custaiméir atá faoi réir smachtbhannaí spríodhírithe.*

**Leasú 161**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 16 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*3. Faoi [2 bhliain i ndiaidh dáta teachta i bhfeidhm an Rialacháin seo], eiseoidh AMLA treoirlínte maidir leis na hathróa riosca agus fachtóirí riosca le tabhairt san áireamh ag eintitis faoi oibleagáid nuair a dhéantar gaolmhaireachtaí gnó nó nuair a dhéantar idirbhearta ócáideacha.*

*3. Faoi... [dhá bhliain tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh ÚFA, tar éis dó dul i gcomhairle le Europol agus leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMENNA) treoirlínte a eisiúint maidir leis an méid seo a leanas:*

**Leasú 162**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(a) na hathróna riosca agus fachtóirí riosca le cur i gcuntas ag eintitis faoi oibleagáid nuair a dhéantar gaolmhaireachtaí gnó nó nuair a dhéantar idirbhearta ócáideacha.**

**Leasú 163**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 16 – mír 3 – pointe b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) bearta atá le cur i bhfeidhm ag eintitis faoi oibleagáid chun measúnú a dhéanamh an bhfuil an custaiméir nó an t-úinéir tairbhiúil faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe lena n-áirítear conas eintitis arna rialú ag daoine atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a shaináithint.**

**Leasú 164**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 17 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. I gcás nach féidir le heintiteas faoi oibleagáid na bearta díchill chuí do chustaiméirí a chomhlíonadh faoi mar atá leagtha síos in Airteagal 16(1), **staonfaidh sé ó** idirbheart **a dhéanamh nó** gaolmhaireacht ghnó **a bhunú**, agus foirceannfaidh sé an ghaolmhaireacht ghnó agus breithneoidh sé tuairisc faoi idirbheart amhrasach a chomhdú leis an AFA i ndáil leis an gcustaiméir i gcomhréir le hAirteagal 50.

1. I gcás nach féidir le heintiteas faoi oibleagáid na bearta díchill chuí do chustaiméirí a chomhlíonadh faoi mar atá leagtha síos in Airteagal 16(1), **ní dhéanfaidh sé** idirbheart **ná ní bhunóidh sé** gaolmhaireacht ghnó, agus foirceannfaidh sé an ghaolmhaireacht ghnó agus breithneoidh sé tuairisc faoi idirbheart amhrasach a chomhdú leis an AFA i ndáil leis an gcustaiméir i gcomhréir le hAirteagal 50. **I gcás ina bhfuil amhras ann faoi sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, déanfaidh an t-eintiteas faoi oibleagáid tuarascáil ar idirbheart amhrasach a thíolacadh don FIU.**



**Leasú 165**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 17 – mír 1 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ní bheidh feidhm ag **an gcéad fhomhír ar** nótaireí, **ar dhlíodóirí ná ar ghairmithe dlí** neamhspleácha eile, **ar** iniúcháirí, **ar chuntasóirí** seachtracha agus **ar chomhairleoirí** cánach, a mhéid a **fhionnfaidh** na daoine sin **staid dhlíthiúil a gcliant, nó go ndéanfaidh siad an cúram chun an cliant a chosaint nó a ionadú nó maidir le himeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear comhairle a sholáthar chun na himeachtaí sin a thionscnamh nó a sheachaint.**

**Leasú 166**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 17 – mír 1 – fómhír 1 – pointe a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Ní bheidh feidhm ag **mír 1 maidir le** nótaireí, **dlíodóirí agus gairmithe dlíthiúla** neamhspleácha eile, iniúcháirí, **cuntasóirí** seachtracha agus **comhairleoirí** cánach, a mhéid **is fíor an méid seo a leanas maidir leis** na daoine sin:

*Leasú*

**(a) seasamh dlíthiúil a gcliant a fhionnadh, ach amháin i gcás ina gcuirtear an chomhairle dlí ar fáil chun críche sciúrtha airgid, nó maoiniú sceimhlitheoireachta, nó i gcás ina bhfuil a fhios ag na daoine sin, nó ina bhfuil amhras orthu, go bhfuil comhairle dlí á lorg ag an gcliant chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta nó chun iarratas a dhéanamh ar chearta cónaithe nó ar shaoránacht trí scéimeanna infheistíochta, agus nach n-iarrtar an chomhairle i ndáil le himeachtaí breithiúnacha; nó**

**Leasú 167**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 17 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) an cúram a chomhlíonadh maidir leis an gcliant sin a chosaint nó ionadaíocht a dhéanamh thar a cheann in imeachtaí breithiúnacha nó maidir leo, lena n-áirítear comhairle a chur ar fáil maidir le himeachtaí den sórt sin a thionscnamh nó a sheachaint.**

**Leasú 168**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 18 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Aitheantas custaiméara** a shainnithint agus a fhíorú

**Céannacht an chustaiméara agus céannacht an úinéara thairbhiúil** a shainnithint agus a fhíorú

**Leasú 169**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe a – pointe iv**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(iv) **gnátháit** chónaithe nó, **murab ann do sheoladh** cónaithe seasta lena mbaineann cónaí dlisteanach san Aontas, an seoladh poist ag ar féidir **teacht ar** an duine nádúrtha agus, **de réir mar is féidir, slí** bheatha, **gairm**, nó stádas fostaíochta agus uimhir aitheantais chánach;

(iv) **an ghnátháit** chónaithe nó, **mura bhfuil seoladh** cónaithe seasta lena mbaineann cónaí dlisteanach san Aontas, an seoladh poist ag ar féidir an duine nádúrtha **a bhaint amach** agus, **i gcás inarb ábhartha chun críocha díchill chuí custaiméara, i gcás inarb ábhartha, an tslí** bheatha, **an ghairm**, nó **an** stádas fostaíochta agus **an** uimhir aitheantais chánach;

**Leasú 170**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe b – pointe iii**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(iii) ainmneacha na n-ionadaithe dlíthiúla, chomh maith le huimhir chlárúcháin, uimhir aitheantais chánach agus Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh más ann dóibh. **Fíoróidh na heintitis** faoi oibleagáid freisin go bhfuil gníomhaíochtaí ag an eintiteas **dlítheanach** ar bhonn **na ndoiciméad cuntasaíochta** don bhliain airgeadais is déanaí nó **faisnéis** ábhartha eile **aige**;

**Leasú 171**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe b – pointe iii a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 172**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 18 – mír 2 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcás nach bhfuil duine nádúrtha ar bith aitheanta mar úinéir tairbhiúil, tar éis gach modh sainaitheanta de bhun an chéad fhomhír a ídiú, nó i gcás **aon** amhrais gurb é/iad an t-úinéir tairbhiúil (na húnéirí tairbhiúla) é/iad an duine (na daoine) atá aitheanta, **sainaitheoidh eintitis** faoi oibleagáid an duine (na daoine) nádúrtha i mbun an phoist (na bpost) mar oifigeach bainistíochta sinsearach (oifigigh bhainistíochta shinsearaigh) san eintiteas

*Leasú*

(iii) ainmneacha na n-ionadaithe dlíthiúla, chomh maith le huimhir chlárúcháin, uimhir aitheantais chánach agus Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh más ann dóibh. **Ar bhonn riosca-íogair, breithneoidh eintitis** faoi oibleagáid freisin **an gá atá le fíorú** go bhfuil gníomhaíochtaí ag an eintiteas **dlíthiúil** ar bhonn **doiciméid chuntasaíochta** don bhliain airgeadais is déanaí nó **ar bhonn faisnéise** ábhartha eile;

*Leasú*

**(íia) i gcás ina bhfuil eintiteas dlíthiúil bunaithe i níos mó ná dlínse amháin, an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh;**

*Leasú*

I gcás nach bhfuil duine nádúrtha ar bith aitheanta mar úinéir tairbhiúil, tar éis gach modh sainaitheanta de bhun an chéad fhomhír a ídiú, nó i gcás amhrais **a bheith ann** gurb é/iad an t-úinéir tairbhiúil (na húnéirí tairbhiúla) é/iad an duine (na daoine) atá aitheanta, **déanfaidh na heintitis** faoi oibleagáid **a thairfeadadh nach bhfuil aon úinéir tairbhiúil sainaitheanta agussainaitheoidh siad** an duine (na daoine) nádúrtha i mbun an

corparáideach nó dlítheanach eile, agus fíoróidh siad a n-aitheantas. Coimeádfaidh eintitis faoi oibleagáid taifid ar na gníomhaíochtaí a glacadh chomh maith leis na deacrachtaí a fheictear le linn an phróisis *aitheanta, ónar tháinig dul* i muinín sainaithint oifigigh *bhainistíochta* shinsearaigh.

phoist (na bpost) mar oifigeach bainistíochta sinsearach (oifigigh bhainistíochta shinsearaigh) san eintiteas corparáideach nó dlítheanach eile, agus fíoróidh siad a n-aitheantas. Coimeádfaidh eintitis faoi oibleagáid taifid ar na gníomhaíochtaí a glacadh chomh maith leis na deacrachtaí a fheictear le linn an phróisis *aitheantais, óna ndeachthas* i muinín sainaithint oifigigh *bainistíochta* shinsearaigh.

#### Leasú 173

##### Togra le haghaidh rialacháin

##### Airteagal 18 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Gheobhaidh eintitis faoi oibleagáid an fhaisnéis, na doiciméid agus na sonraí is gá d'fhíorú an chustaiméara *agus an úinéara thairbhiúil* trí cheachtar díobh seo a leanas:

*Leasú*

4. Gheobhaidh eintitis faoi oibleagáid an fhaisnéis, na doiciméid agus na sonraí is gá d'fhíorú an chustaiméara trí cheachtar díobh seo a leanas:

#### Leasú 174

##### Togra le haghaidh rialacháin

##### Airteagal 18 – mír 4 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) doiciméad aitheantais, pas nó a *gcoibhéis a chur isteach, agus sealbhú na faisnéise* ó fhoinsí iontaofa agus neamhspleácha, *má rinneadh* rochtain dhíreach orthu nó *má sholáthair an custaiméir iad*;

*Leasú*

(a) *an* doiciméad aitheantais, *an* pas nó a *choibhéis a thíolacadh agus, i gcás inarb ábhartha, faisnéis a fháil* ó fhoinsí iontaofa agus neamhspleácha, *bíodh* rochtain dhíreach *ag an gcustaiméir* orthu nó *arna soláthar ag an gcustaiméir, trí mhodhanna iontaofa iontaofa, bíodh sin go fisiciúil nó go leictreonach, trína mbeidh méid an chomhairliúcháin don fhíorú i gcomhréir leis an riosca*;

#### Leasú 175

##### Togra le haghaidh rialacháin

##### Airteagal 18 – mír 4 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) úsáid modhanna *aitheanta leictreonacha* agus seirbhísí *iontaobhais* ábhartha *faoi mar atá leagtha* amach i Rialachán (AE) 910/2014.

*Leasú*

(b) úsáid modhanna *ríomh-shainaitheantais* agus seirbhísí ábhartha *iontaobhais mar a leagtar* amach i Rialachán (AE) 910/2014 ó *Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i bhfoirm iontaofa agus inmhuiníne trí phróisis shlána fíordheimhniúcháin, i gcás inarb iomchuí, nó nósanna imeachta eile cian-shainaitheantais nó leictreonacha slána eile arna rialú, arna n-aithint, arna bhformheas nó arna nglacadh ag údaráis inniúla, ar choinnioll go bhfuil an leibhéal slándála a ainmnítear ‘ard’ nó coibhéiseach ar a laghad;*

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 18 – mír 4 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(ba) *cruthúnas ar chlárú a chur isteach sa chlár lárnach dá dtagraítear in Airteagal 10 de Threoir [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid – COM/2021/423 final] do chustaiméirí arb eintitis dhlíthiúla iad atá ionchorpraithe lasmuigh den Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 48 den Rialachán seo.*

*I gcás inarb eintiteas dlíthiúil nó iontaobhaí nó duine i bpost coibhéiseach é custaiméir atá ag gníomhú thar ceann an chomhshocraithe dhlíthiúil, déanfaidh eintitis faoi oibleagáid bearta iomchuí chun céannacht úinéir tairbhiúil nó úinéirí tairbhiúla eintitis dhlíthiúil nó comhshocraithe dhlíthiúil a fhíorú, lena n-áirítear, i gcás inar féidir, ar bhonn doiciméad aitheantais nó trí bhíthin ríomh-shainaitheantais, chun a bheith ar an eolas faoi cé hé an t-úinéir tairbhiúil agus go dtuigeann sé nó siad struchtúr úinéireachta agus rialaithe an eintitis*

*dhlíthiúil nó an chomhshocraithe  
dhlíthiúil.*

Leasú 177

Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 18 – mír 4 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun *críocha fíorú na faisnéise faoin* úinéir *tairbhiúil (faoi na húinéirí tairbhiúla), ceadóidh* eintitis faoi oibleagáid na cláir lárna *freisin* dá dtagraítear in *Airteagal 10* de Threoir *Íonsúigh* tagairt – togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/423 final] *chomh maith le faisnéis bhreise. Cinnfidh* eintitis faoi oibleagáid *méid* na faisnéise *breise a cheadófar, ag féachaint do na rioscaí a bhaineann leis an idirbheart nó leis an ngaolmhaireacht ghnó agus an t-úinéir tairbhiúil.*

*Leasú*

Chun *an fhaisnéis maidir leis an* úinéir *tairbhiúil/na húinéirí tairbhiúla a fhíorú, rachaidh* eintitis faoi oibleagáid *i gcomhairle freisin (531, 532) leis* na cláir lárna dá dtagraítear in *Airteagal 10* de Threoir (AE).../... [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid - COM/2021/423 final], *gan beann ar Bhallstát an chláir lárnaigh ina gcoimeádtar an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil. I gcás inarb iomchuí, agus ar bhonn riosca-íogair, déanfaidh* eintitis faoi oibleagáid *faisnéis bhreise ón gcustaiméir nó ó fhoinsí iontaofa agus neamhspleácha a cheadú, go háirithe i gcás nach bhfuil an fhaisnéis i gclár lárna ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar fáil dóibh faoi Airteagal 18, i gcás ina bhfuil amhras orthu faoi chruinneas na faisnéise nó i gcás ina bhfuil riosca níos airde ann go ndéanfar sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta.*

*Cinnfidh eintitis faoi oibleagáid méid na faisnéise breise a cheadófar ar bhonn riosca, ag féachaint do na rioscaí a bhaineann leis an idirbheart nó leis an ngaolmhaireacht ghnó agus leis an úinéir tairbhiúil, nó do chineál neamhghnách nó casta na struchtúr úinéireachta i bhfianaise chineál ghnó na cuideachta.*

*Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid aon neamhréitigh a fhaigheann siad idir an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil sna cláir lárna agus an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil atá ar fáil dóibh de bhun an Airteagail seo a thuairisciú don eintiteas*

*atá i gceannas ar na cláir lárnacha. Ní chuirfidh an dlí náisiúnta a bhaineann le rúndacht baincéireachta agus rúndacht bac ar chomhlíonadh na hoibleagáide a leagtar amach san fhomhír seo.*

**Leasú 178**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 19 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Tarlóidh fíorú ar aitheantas an chustaiméara agus an úinéara thairbhiúil roimh bhunú na gaolmhaireachta gnó nó roimh chur i gcrích idirbhirt ócáidigh. Ní bheidh an oibleagáid sin i bhfeidhm ar chásanna lena mbaineann riosca níos ísle de réir Roinn 3 den Chaibidil seo, ar an gcoinníoll go bhfuil údar do chur siar an fhíoraithe sin leis an riosca níos ísle.

*Leasú*

1. Tarlóidh fíorú ar aitheantas an chustaiméara agus an úinéara thairbhiúil roimh bhunú na gaolmhaireachta gnó nó roimh chur i gcrích idirbhirt ócáidigh. Ní bheidh an oibleagáid sin i bhfeidhm ar chásanna lena mbaineann riosca níos ísle de réir Roinn 3 den Chaibidil seo, ar an gcoinníoll go bhfuil údar do chur siar an fhíoraithe sin leis an riosca níos ísle.

*De mhaolú ar an gcéad fhomhír, déanfaidh eintitis faoi oibleagáid seachas institiúidí creidmheasa agus airgeadais a bhfuil baint acu le hidirbhearta eastáit réadaigh céannacht an chustaiméara a fhíorú, cibé acu an ceannaitheoir nó an díoltóir nó an dá rud, ag an bpointe go bhfuil tairiscint fhoirmiúil ann.*

**Leasú 179**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 21 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid faireachán leanúnach ar an ngaolmhaireacht ghnó, lena n-áirítear idirbhearta a dhéanann an custaiméir le linn na gaolmhaireachta sin, lena rialú go mbeidh na hidirbhearta sin comhsheasmhach le heolas an eintitis faoi oibleagáid ar an gcustaiméir, le gníomhaíocht ghnó agus le próifíl riosca an chustaiméara, agus i gcás inar gá, leis an

*Leasú*

1. Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid faireachán leanúnach ar an ngaolmhaireacht ghnó, lena n-áirítear idirbhearta a dhéanann an custaiméir le linn na gaolmhaireachta sin, lena rialú go mbeidh na hidirbhearta sin comhsheasmhach le heolas an eintitis faoi oibleagáid ar an gcustaiméir, le gníomhaíocht ghnó agus le próifíl riosca an chustaiméara, agus i gcás inar gá, leis an



bhfaisnéis faoi thionscnamh na geistí, agus chun na hidirbhearta sin a bhrath a dhéanfar faoi réir anailís níos cuimsithí de bhun Airteagal 50.

**Leasú 180**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 21 – mír 2 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Beidh a mhinice a dhéanfar faisnéis chustaiméara a thabhairt cothrom le dáta de bhun na chéad **fomhíre** maidir leo bunaithe ar an riosca a chruthaíonn an ghaolmhaireacht ghnó. **In aon chás, ní rachaidh an tréimhse minicíochta maidir le faisnéis chustaiméara a thabhairt cothrom le dáta thar chúig bliana.**

**Leasú 181**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 21 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

bhfaisnéis faoi thionscnamh **agus ceann scríbe** na geistí, agus chun na hidirbhearta sin a bhrath a dhéanfar faoi réir anailís níos cuimsithí de bhun Airteagal 50.

*Leasú*

Beidh a mhinice a dhéanfar faisnéis chustaiméara a thabhairt cothrom le dáta de bhun na chéad **fhomhíre** maidir leo bunaithe ar an riosca a chruthaíonn an ghaolmhaireacht ghnó. **Is ar bhonn riosca-íogair a bhunófar a mhinice a thabharfar faisnéis do chustaiméirí cothrom le dáta, agus aird á tabhairt go háirithe ar athruithe ar imthosca ábhartha agus ní rachaidh sí thar chúig bliana i gcás ar bith.**

***I gcás gaolmhaireachtaí gnó ardriosca, déanfar faisnéis do chustaiméirí a nuashonrú gach dhá bhliain ar a laghad.***

*Leasú*

***Airteagal 21a***

***Tráthúlacht an mheasúnaithe i dtaobh an bhfuil an custaiméir agus an t-úinéir tairbhiúil faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe***

***1. Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid measúnú i dtaobh an bhfuil an custaiméir nó an t-úinéir tairbhiúil faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe agus céannacht an chustaiméara agus an úinéara thairbhiúil á fhíorú acu de bhun***

*Airteagal 19.*

*2. De bhreis ar na ceanglais a leagtar amach i mír 1, agus gan dochar d'aon bhearta eile is gá chun go gcomhlíonfaí an oibleagáid smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a chur i bhfeidhm, déanfaidh institiúidí creidmheasa agus airgeadais scagadh ar chéannacht a gcustaiméirí reatha nó a n-úinéirí tairbhiúla i gcoinne liostaí smachtbhannaí ábhartha an Aontais de dhaoine ainmnithe ar bhonn rialta, agus gach uair a ghlacfaidh an tAontas smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe.*

*3. De bhreis ar na ceanglais a leagtar amach i mír 1 agus gan dochar d'aon bhearta eile dá bhforáiltear i ndlí an Aontais a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe, déanfaidh eintitis faoi oibleagáid seachas institiúidí creidmheasa agus airgeadais measúnú ar bhonn rialta an bhfuil aon chustaiméir nó úinéir tairbhiúil atá ann cheana faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe.*

*4. I gcás ina n-aithneoidh eintiteas faoi oibleagáid, agus dícheall cuí custaiméara á chomhlíonadh aige, go bhfuil custaiméir nó úinéir tairbhiúil faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe, tabharfaidh sé fógra láithreach don údarás inniúil dá réir sin.*

*5. Faoin... [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], eiseoidh ÚFA treoirlínte maidir leis na bearta a bheidh le cur i bhfeidhm ag eintitis faoi oibleagáid chun measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an custaiméir nó an t-úinéir tairbhiúil faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe Áireofar na heilimintí seo a leanas sna treoirlínte sin*

*a) nósanna imeachta rioscabhunaithe atá le bunú ag eintitis faoi oibleagáid chun a mheas an bhfuil an custaiméir nó an t-úinéir tairbhiúil faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe;*

*b) méid, uainiú agus nósanna imeachta maidir le bearta scagtha a bheidh le cur i bhfeidhm ag institiúidí creidmheasa agus airgeadais agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní maidir le custaiméirí atá ann cheana nó nuair atá gaolmhaireacht nua ghnó á déanamh acu;*

*c) na coinníollacha atá le comhlíonadh chun eintitis arna rialú ag daoine atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a shainaitheint;*  
*d) na bearta chun fógra a thabhairt d'údaráis inniúla i gcás ina sainaitheint eintiteas faoi oibleagáid custaiméir nó úinéir tairbhiúil atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé.*

**Leasú 182**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ba) an cineál díolúintí a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm maidir le bearta dícheall chuí do chustaiméirí i ndáil le ríomh-airgead, ar bhonn measúnú riosca iomchuí lena léirítear riosca íseal;*

**Leasú 183**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) na foinsí iontaofa agus neamhspleácha faisnéise a fhéadfar a úsáid chun sonraí nó daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha a shainaitheint chun críocha Airteagal 18(4);

(c) na foinsí iontaofa agus neamhspleácha faisnéise a fhéadfar a úsáid chun sonraí nó daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha a shainaitheint chun críocha Airteagal 18(4) *sa bhreis ar na ceanglais*

*íosta le comhlíonadh agus na céimeanna is gá d'eintitis faoi oibleagáid a ghlacadh i gcás ina n-aimsítear neamhréitigh;*

**Leasú 184**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 22 – mír 2 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ca) an riosca iarmharach, agus measúnú riosca cuí á chur i gcuntas, na bearta laghdaithe riosca a chuir na heintitis faoi oibleagáid i bhfeidhm, lena n-áirítear forbairtí nuálaíochta agus teicniúla chun idirbhearta amhrasacha a bhrath agus a chosc.*

**Leasú 185**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 22 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 22a***

***Forálacha speisialta maidir le cearrbhachas ar líne***

- 1. Beidh seirbhísí cearrbhachais, a sholáthraítear go cianda, trí mheán leictreonach nó trí aon teicneolaíocht eile chun cumarsáid a éascú, faoi réir an Airteagail seo*
- 2. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí cearrbhachais nach ndéanfar aistrithe ó imreoirí chuig cuntais chearrbhachais ach amháin ó chuntas atá i seilbh institiúide creidmheasa nó airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 3 mír 1 agus 2.*
- 3. Ní aisíocfaidh soláthraí seirbhísí cearrbhachais imreoir ach amháin trí idirbheart íocaíochta de réir bhrí Airteagal 4, pointe (5), de Threoir (AE) 2015/2366 a fhorghníomhú le cuntas íocaíochta arna bhunú in ainm an imreora sin le soláthraí seirbhíse*

*íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (1)(a) agus (d), den Treoir sin.*

*4. De bhreis ar na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 15(3), déanfaidh soláthraithe seirbhísí cearrbhachais dá dtagraítear i mír 1 dícheall cuí do chustaiméirí i gcomhthéacs gaolmhaireacht ghnó agus cuntas cearrbhachais á oscailt.*

**Leasú 186**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 23 – mír 2 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Glacfar* na gníomhartha tarmligthe sin laistigh *de* mhí amháin *i ndiaidh* don Choimisiún a *dheimhniú* go bhfuil na critéir i *bpointí* (a), (b) nó (c) *comhlíonta*.

*Leasú*

*Déanfar* na gníomhartha tarmligthe sin *a ghlacadh* laistigh *d'aon* mhí amháin *tar éis d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus do lucht leagtha amach caighdeán ráiteas poiblí nó doiciméad comhlíontachta a bhaineann leis an tríú tír a fhoilsiú, tar éis* don Choimisiún a *fháil amach* go bhfuil na critéir i *bpointe* (a), *i bpointe* (b) nó *i bpointe* (c) *á gcomhlíonadh*.

**Leasú 187**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 23 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Chun críocha mhír 2, cuirfidh an Coimisiún san áireamh glaonna ar chur i bhfeidhm beart díchill chuí agus beart maolaitheach breise ('frithbhearta') le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus bunaitheoirí caighdeán a bhfuil inniúlacht acu sa réimse maidir le cosc a chur ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, chomh maith le meastóireachtaí, measúnuithe, tuarascálacha nó ráitis phoiblí ábhartha atá tarraingthe suas acu.

*Leasú*

3. Chun críocha mhír 2, cuirfidh an Coimisiún san áireamh glaonna ar chur i bhfeidhm beart díchill chuí agus beart maolaitheach breise ('frithbhearta') le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus bunaitheoirí caighdeán a bhfuil inniúlacht acu sa réimse maidir le cosc a chur ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, chomh maith le meastóireachtaí, measúnuithe, tuarascálacha nó ráitis phoiblí ábhartha atá tarraingthe suas acu. *Chun a shuí an bhfuil easnaimh straitéiseacha shuntasacha ag tríú tír ina chóras*

*náisiúnta AML/CFT, breithneoidh an Coimisiún freisin, i gcás inarb iomchuí, aon mheasúnuithe ábhartha a dhéanfaidh ÚFA nó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, údaráis inniúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus an saol acadúil. Cuirfidh an Coimisiún a mheasúnuithe ar thríú tíortha ardriosca ar fáil go poiblí.*

**Leasú 188**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 23 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i **mír 2** ar bhonn rialta **lena chinntiú** go gcuirfear **na hathruithe sa chreat AML/CFT den tríú tír** san áireamh sna frithbhearta sonracha a **shaináithneofar** de bhun **mhír 5** agus go mbeidh siad **i gcomhréir** leis na rioscaí **agus leordhóthanach maidir leo**.

**Leasú 189**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 24 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, le linn dó na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 a tharraingt suas, faisnéis faoi dhlínsí a bhfuil níos mó faireacháin a dhéanamh orthu ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag bunaitheoirí caighdeán a bhfuil inniúlacht acu sa réimse maidir le cosc a chur ar sciúradh airgid agus maoiniú

*Leasú*

6. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i **mír 2** ar bhonn rialta, **laistigh d'aon mhí amháin tar éis aon athrú ábhartha ar an measúnú arna dhéanamh ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag ceannródaithe caighdeán, agus gach dhá bhliain ar a laghad chun a áirithiú** go gcuirfear san áireamh sna frithbhearta sonracha a **shaináithnítear** de bhun **mhír 5 na hathruithe i gcreat AML/CFT an tríú tír** agus go mbeidh siad **comhréireach agus leormhaith maidir** leis na rioscaí.

*Leasú*

3. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, le linn dó na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 a tharraingt suas, faisnéis faoi dhlínsí a bhfuil níos mó faireacháin a dhéanamh orthu ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag bunaitheoirí caighdeán a bhfuil inniúlacht acu sa réimse maidir le cosc a chur ar sciúradh airgid agus maoiniú

sceimhlitheoireachta, chomh maith le meastóireachtaí, measúnuithe, tuarascálacha nó ráitis phoiblí ábhartha atá tarraingthe suas acu.

sceimhlitheoireachta, chomh maith le meastóireachtaí, measúnuithe, tuarascálacha nó ráitis phoiblí ábhartha atá tarraingthe suas acu. **Déanfaidh an Coimisiún breithniú freisin, i gcás inarb iomchuí, ar aon mheasúnú ábhartha a dhéanfaidh ÚFA nó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, údaráis inniúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus an saol acadúil. Cuirfidh an Coimisiún a mheasúnuithe ar thríú tíortha ardriosca ar fáil go poiblí.**

**Leasú 190**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 24 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i **mír 2** ar bhonn rialta **lena chinntiú** go gcuirfear **na hathruithe sa chreat AML/CFT den tríú tír** san áireamh sna bearta díchill chuí **feabhsaithe a shaináithneofar** de bhun **mhír 4** agus go mbeidh siad **i gcomhréir** leis na rioscaí **agus leordhóthanach maidir leo.**

**Leasú 191**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tríú tíortha a **bhagraíonn** ar chóras airgeadais an Aontais **a shaináithint**

*Leasú*

5. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i **mír 2** ar bhonn rialta, **laistigh d'aon mhí amháin tar éis aon athrú ábhartha ar an measúnú arna dhéanamh ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag ceannródaithe caighdeán, agus gach dhá bhliain ar a laghad chun a áirithiú** go gcuirfear san áireamh sna bearta díchill chuí **fheabhsaithe sonracha a shaináithnítear** de bhun **mhír 4 na hathruithe i gcreat AML/CFT an tríú tír** agus go mbeidh siad **comhréireach agus leormhaith maidir** leis na rioscaí.

*Leasú*

Tríú tíortha a **shaináithint** ar **bagairt thromchúiseach shonrach iad** ar chóras airgeadais an Aontais



**Leasú 192**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 60 lena saináithnítear tríú tíortha a dhéanann bagairt shonrach agus thromchúiseach ar chóras airgeadais an Aontais agus ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh seachas iad **sin a chuimsítear le Airteagail 23** agus 24.***

*Leasú*

1. ***I gcomhthéacs na gcúraimí atá air a shonraítear in Airteagal 5 (1) (b) de Rialachán (AE) .../... [cuir isteach tagairt do Rialachán ÚFA], déanfaidh ÚFA faireachán agus measúnú, i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe, arthrú tíortha atá ina mbagairt shonrach thromchúiseach ar chóras airgeadais an Aontais agus ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh seachas iad **siúd a chumhdaítear le hAirteagail 23** agus 24.***

***Déanfaidh ÚFA an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar a thionscnamh féin, nó ar iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle nó ón gCoimisiún.***

***Tar éis iarraidh a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle nó ón gCoimisiún, déanfaidh ÚFA anailís i dtaobh an bhfuil tríú tír shonrach ina bagairt thromchúiseach shonrach ar chóras airgeadais an Aontais agus ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus déanfaidh sé measúnú ar cheart bearta feabhsaithe díchill chuí sonracha nó frithbhearta a mholadh i gcomhréir le mír 3 chun bagairt den sórt sin a mhaolú.***

***I gcás ina gcinnfidh ÚFA nach bagairt shonrach thromchúiseach í an tríú tír shonrach dá dtagraítear sa chéad fhomhír do chóras airgeadais an Aontais, cuirfidh sí tuarascáil ar fáil don institiúid iarrthach laistigh de [30/60] lá tar éis an iarraidh a fháil ina luafar na cúiseanna lena chinneadh.***

**Leasú 193**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. *Cuirfidh an Coimisiún san áireamh, le linn dó na gníomhartha tarmhligthe dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt suas, na critéir seo a leanas go háirithe:*

*Leasú*

2. *Chun sainaitheint agus faireachán a dhéanamh ar na tríú tíortha ar bagairt shonrach thromchúiseach iad ar chóras airgeadais an Aontais agus ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh dá dtagraítear i mír 1, agus chun leibhéal na bagartha a chinneadh, cuirfidh ÚFA na critéir seo a leanas i gcuntas i gcás inarb ábhartha:*

**Leasú 194**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe a – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(i) sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a choiriúlú;

*Leasú*

(i) sciúradh airgid agus *a gcionta preideacáide agus* maoiniú sceimhlitheoireachta a choiriúlú;

**Leasú 195**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe a – pointe iv**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(v) faisnéis chruinn *agus* thráthúil *maidir le húinéireacht* thairbhiúil daoine dlítheanacha agus *comhshocrúithe dlíthiúla* a bheith ar fáil d'údaráis inniúla;

*Leasú*

(v) *na ceanglais a bhaineann le* faisnéis chruinn thráthúil *faoi úinéireacht* thairbhiúil daoine dlítheanacha agus *socrúithe* a bheith ar fáil d'údaráis inniúla *atá i seilbh údaráis phoiblí nó comhlachta atá ag feidhmiú mar chlár úinéireachta tairbhiúla, nó sásra malartach atá chomh héifeachtúil;*

**Leasú 196**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe a – pointe v a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(va)** *cuireann dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin an tríú tír cosc ar chomhar éifeachtach le húdaráis inniúla agus le húdaráis bhreithiúnacha na mBallstát;*

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 25 – mír 2 – pointe a – pointe v b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(vb)** *beartais i ndáil le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe agus smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe a bhaineann le maoiniú agus ceanglais chun na rioscaí a bhaineann le neamhchur chun feidhme agus le himghabháil smachtbhannaí den sórt sin a mhaolú agus a bhainistiú;*

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 25 – mír 2 – pointe a – pointe v c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(vc)** *an bhfuil an tríú tír ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach;*

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 25 – mír 2 – pointe a – pointe v d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(vd)** *an soláthraíonn creat dlíthiúil an tríú tír rúndacht airgeadais;*

**Leasú 200**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe a – pointe v d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ve) an bhfuil gníomhaíochtaí an tríú tír ag teacht salach ar chroíphrionsabail FATF nó an ionann iad agus mórshárú ar an ngealltanais don chomhar idirnáisiúnta;**

**Leasú 201**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe c a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ca) cáilíocht agus éifeachtacht na maoirseachta airgeadais;**

**Leasú 202**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe c b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(cb) creat rialála a bheith ann do sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní;**

**Leasú 203**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe c c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(cc) a mhéid a shaináithnítear go bhfuil leibhéil shuntasacha éillithe nó**

*gníomhaíochta eile coiriúla ag an tríú tír sin;*

**Leasú 204**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 2 – pointe c d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(cd) atarlú rannpháirtíocht an tríú tír i sciúradh airgid nó i maoiniú sceimhlitheoireachta, mar a léirítear in anailísí agus imscrúduithe coiriúla arna ndéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe iad siúd a fhaigheann tacaíocht ó Europol.*

**Leasú 205**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Chun críocha leibhéal *na* bagartha dá dtagraítear i *mír 1, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar AMLA tuairim a ghlacadh atá dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar an tionchar sonrath ar ionracas chóras airgeadais an Aontais de bharr leibhéal *na* bagartha a bhaineann le tríú tír.*

3. Chun críocha *an* leibhéal bagartha dá dtagraítear i *mír 1 a chinneadh agus bearta maolaitheacha a shainaithint, cuirfeadh san áireamh aon tuairim arna heisiúint ag ÚBE, ESMA nó ÚEÁPC maidir leis an tionchar sonrath ar fheidhmiú ordúil agus ar shláine* chóras airgeadais an Aontais *mar gheall ar an leibhéal bagartha ó thríú tír.*

**Leasú 206**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. Cuirfidh *an Coimisiún* san áireamh go háirithe, le linn dó na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i *mír 1 a tharraingt suas, na* meastóireachtaí, *na* measúnuithe nó *na* tuarascálacha ábhartha arna dtarraingt suas ag eagraíochtaí

4. *Agus faireachán á dhéanamh lena sainaitheann na tríú tíortha ar bagairt shonrach thromchúiseach iad don Aontas agus lena gcinntear leibhéal na bagartha, déanfaidh ÚFA measúnú ar thionchar na bagartha sin ar chóras airgeadais an*

idírnáisiúnta agus lucht leagtha amach caighdeán a bhfuil inniúlacht acu *i ndáil* le sciúradh airgid a chosc agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.

*Aontais agus ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.* Cuirfidh *ÚFA* san áireamh, *i gcás inarb iomchuí, aon nochtadh poiblí ábhartha,* meastóireachtaí, measúnuithe nó tuarascálacha arna dtarraingt suas ag *instiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, údaráis inniúla,* eagraíochtaí *na sochaí sibhialta agus an saol acadúil chomh maith le heagraíochtaí* idírnáisiúnta agus lucht leagtha amach caighdeán a bhfuil inniúlacht acu *maidir* le sciúradh airgid a chosc agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.

**Leasú 207**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**5. *I gcás inarb ionann an bhagairt shonrach agus thromchúiseach ón tríú tír lena mbaineann agus easnamh straitéiseach suntasach, beidh feidhm le hAirteagal 23(4) agus sainaitheofar na frithbhearta sonracha dá dtagraítear in Airteagal 23(5) sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2.***

*scriosta*

**Leasú 208**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**6. *I gcás inarb ionann an bhagairt shonrach agus thromchúiseach ón tríú tír lena mbaineann agus laige comhlíontachta, sainaitheofar na bearta díchill chuí sonracha feabhsaithe dá dtagraítear in Airteagal 24(4) sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2.***

*scriosta*

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. **Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 ar bhonn rialta lena chinntiú go gcuirfear na hathruithe sa chreat AML/CFT den tríú tír san áireamh sna bearta dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 agus go mbeidh siad i gcomhréir leis na rioscaí agus leordhóthanach maidir leo.**

*Leasú*

7. **Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú i leith bagairtí sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta a thagann ó na tríú tíortha dá dtagraítear i mír 1, sainaitheoidh ÚFA bearta sonracha feabhsaithe díchill chuí a chuirfidh eintitis faoi oibleagáid i bhfeidhm chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le gaolmhaireachtaí gnó nó idirbhearta ócáideacha lena mbaineann daoine nádúrtha nó dlítheanacha ó thríú tír ard agus atá ina mbagairt shonrach thromchúiseach ar an Aontas.**

**Chun na críche sin, forbróidh ÚFA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na bearta feabhsaithe díchill chuí iomchuí a shonrú, atá comhréireach leis an leibhéal bagartha, i measc na mbeart a liostaítear in Airteagal 28(4), pointí (a) go (g) a chuirfidh eintitis faoi oibleagáid i bhfeidhm. Cuirfidh ÚFA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin lena nglacadh. Beidh na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin bunaithe ar mheasúnú teicniúil amháin ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta agus ní thugtar cinntí straitéiseacha ná roghanna beartais le tuiscint leo.**

**Tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 38 go 41 de Rialachán (AE) .../... [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh bunú Údaráis um Fhrithsciúradh Airgid - COM/2021/421 final].**

**Déanfaidh ÚFA athbhreithniú ar na caighdeáin theicniúla rialála dá**



*dtagraítear i mír 5 ar bhonn rialta agus gach dhá bhliain ar a laghad chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh sna bearta dá dtagraítear sa mhír sin na hathruithe i gcreat AML/CFT an tríú tír agus go mbeidh siad comhréireach agus leordhóthanach do na rioscaí. Más gá, déanfaidh ÚFA an dréacht chun na caighdeáin sin a thabhairt cothrom le dáta a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin.*

**Leasú 210**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 – mír 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*7a. Más ann fós don bhagairt shonrach thromchúiseach ar chóras airgeadais an Aontais agus nach bhfuil aon bhearta éifeachtacha déanta nó á ndéanamh ag an tríú tír chun na rioscaí arda a mhaolú, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, frithbhearta sonracha i measc na mbeart sin a liostaítear in Airteagal 29, i gcás ina bhfuil údar cuí leis mar gheall ar chineál na bagartha. Chun na críche sin, iarrfaidh an Coimisiún ar ÚFA tuairim a eisiúint a bheidh dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar na bearta a d'fhéadfadh a bheith déanta nó atá á ndéanamh ag an tríú tír chun an bhagairt a mhaolú agus frithbhearta féideartha a shainiúint.*

*I gcás éagsúlachtaí suntasacha le tuairim ÚFA, déanfaidh an Coimisiún anailís réasúnaithe, a chuirfear ar fáil go poiblí.*

**Leasú 211**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 25 a (nua)**

**Airteagal 25a**

**Sainaithint institiúidí creidmheasa nó airgeadais nach bhfuil bunaithe san Aontas agus atá ina mbagairt shonrach thromchúiseach ar chóras airgeadais an Aontais.**

**1. Déanfaidh ÚFA measúnú, i gcomhréir leis an gcur chuige rioscabhunaithe, i dtaobh an bhfuil institiúidí creidmheasa nó airgeadais sonracha nach bhfuil bunaithe san Aontas agus atá ina mbagairt shonrach thromchúiseach ar chóras airgeadais an Aontais.**

**Déanfaidh ÚFA an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar a thionscnamh féin tar éis faisnéis a fháil i gcomhthéacs a chúraimí maoirseachta, nó tar éis iarraidh a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ó Bhallstát, nó ó mhaoirseoir.**

**2. Chun institiúidí creidmheasa nó airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint, cuirfidh ÚFA i gcuntas go háirithe na critéir seo a leanas maidir leis an institiúid creidmheasa nó airgeadais:**

**(a) rannpháirtíocht an eintitis sin i sciúradh airgid agus i maoiniú sceimhlitheoireachta;**

**(b) aon nasc leis an gcoireacht eagraithe agus leis an sceimhlitheoireacht;**

**(c) comhlíonadh nósanna imeachta díchill chuí do chustaiméirí;**

**(d) aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha; agus**

**(e) soláthar táirgí agus seirbhísí a bhfuil toirmeasc orthu san Aontas, amhail cuntais anaithnide, agus uirlisí anaithnidithe eile lena ndéantar foráil**

*maidir leis an gcuntas custaiméara a anaithnidiú nó idirbhearta a cheilt, mar phríomhghníomhaíocht.*

**3. Chun creidmheas institiúidí airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a shaináithint, cuirfidh ÚFA i gcuntas, i gcás inarb iomchuí, aon fhaisnéis ábhartha, aon nochtadh poiblí agus aon mheastóireachtaí, measúnuithe nó tuarascálacha ábhartha arna dtarraingt suas ag institiúidí, comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus údaráis inniúla eile de chuid an Aontais, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an saol acadúil, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus lucht leagtha amach caighdeán a bhfuil inniúlacht acu maidir le sciúradh airgid a chos agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.**

*I gcás inarb ábhartha, féadfaidh ÚFA comhairliúchán poiblí a sheoladh chun faisnéis a lorg maidir leis na critéir a leagtar síos i mír 2, agus faisnéis a iarraidh ar údaráis mhaoirseachta tríú tír, ar AFAnna agus ar Europol, de réir mar a mheastar a bheith iomchuí.*

*Cuirfidh ÚFA aon tuairim arna heisiúint ag ÚBE, ÚEUM nó ÚEÁPC san áireamh, chun an leibhéal bagartha dá dtagraítear i mír 1 a chinneadh, lena ndéanfar measúnú ar an méid neamhchosanta atá ag an Aontas ar institiúid chreidmheasa nó airgeadais ar leith nach bhfuil bunaithe san Aontas, agus ar thionchar sonracha na hinstitiúide creidmheasa nó airgeadais lena mbaineann ar fheidhmiú ordúil agus sláine chóras airgeadais an Aontais. (616)*

**4. I gcás ina gcinnfidh ÚFA go bhfuil institiúid chreidmheasa nó airgeadais shonrach nach bhfuil bunaithe san Aontas ina bagairt shonrach thromchúiseach ar chóras airgeadais an Aontais nach féidir deireadh a chur leis ar bhealach eile, ceanglóidh sé ar eintitis faoi oibleagáid roghnaithe ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a**

*ghlacadh:*

*(a) Gnéithe feabhsaithe de bhearta díchill chuí a chur i bhfeidhm;*

*(b) sásraí tuairiscithe ábhartha feabhsaithe nó tuairisciú córasach idirbheart airgeadais a thabhairt isteach;*

*(c) srian a chur le gaolmhaireachtaí gnó nó le hidirbhearta leis an institiúid creidmheasa sin nó leis an institiúid airgeadais sin.*

*5. I gcás inar gá gníomhaíocht chomhordaithe ag údaráis inniúla chun freagairt do bhagairt shonrach thromchúiseach ar shláine chóras airgeadais an Aontais nó ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, cumhachtófar do ÚFA cinntí a ghlacadh lena gceanglófar ar údaráis inniúla náisiúnta a áirithiú go gceanglófar ar eintitis faoi oibleagáid neamhroghnaithe na bearta maolaithe is gá a dhéanamh i ndáil le hinstitiúidí creidmheasa nó airgeadais sonracha i gcomhréir leis an gcinneadh maidir le ÚFA dá dtagraítear i mír 4.*

*6. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Ballstát, nó maoirseoir, an anailís dá dtagraítear i mír 1, agus ina gcinnfidh ÚFA nach bagairt shonrach thromchúiseach í institiúid chreidmheasa nó airgeadais shonrach nach bhfuil bunaithe san Aontas do chóras airgeadais an Aontais, soláthróidh sí údar réasúnaithe don iarrthóir laistigh de 60 lá.*

*Foilseoidh ÚFA fógra ar a shuíomh gréasáin maidir le haon chinneadh dá dtagraítear i mír 4. Sonrófar san fhógra ar a laghad na bearta a fhorchuirtear i gcomhréir leis an mír sin agus na cúiseanna a bhfuil ÚFA den tuairim gur gá na bearta a fhorchur, lena n-áirítear an fhianaise a thacaíonn leis na*

*cúiseanna sin.*

*Gabhfaidh éifeacht le beart nuair a fhoilseofar an fógra ar shuíomh gréasáin ÚFA nó tráth a shonrófar san fhógra agus a bheidh ann tar éis a fhoilsithe.*

*I gcás ina gcinnfidh sé beart dá dtagraítear i mír 4 a fhorchur, tabharfaidh ÚFA fógra do na húdaráis inniúla gan mhoill.*

**Leasú 212**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 26 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Cuirfidh AMLA san áireamh, le linn dó na treoirlínte dá tagraítear i mír 1 a eisiúint agus a athbhreithniú, na meastóireachtaí, na measúnuithe nó na tuarascálacha ábhartha de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta agus bunaitheoirí caighdeán a bhfuil inniúlacht acu i ndáil le sciúradh airgid a chosc agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.

**Leasú 213**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) céannacht an chustaiméara agus an úinéara thairbhiúil a fhíorú i ndiaidh don ghaolmhaireacht ghnó a bheith bunaithe, ar choinníoll gur thug an riosca sonrath níos ísle a sainathnódh údar le hiarchur den sórt sin, ach in aon chás tráth nach déanaí ná **30 lá** ó bunaíodh an ghaolmhaireacht;

*Leasú*

3. Cuirfidh AMLA san áireamh, le linn dó na treoirlínte dá tagraítear i mír 1 a eisiúint agus a athbhreithniú, na meastóireachtaí, na measúnuithe nó na tuarascálacha ábhartha de chuid **instiúidí an Aontais, comhlachtaí agus gníomhaíochtaí agus údaráis inniúil**, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus bunaitheoirí caighdeán a bhfuil inniúlacht acu i ndáil le sciúradh airgid a chosc agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac.

*Leasú*

(a) céannacht an chustaiméara agus an úinéara thairbhiúil a fhíorú i ndiaidh don ghaolmhaireacht ghnó a bheith bunaithe, ar choinníoll gur thug an riosca sonrath níos ísle a sainathnódh, **sa mheasúnú riosca uile-ghnó agus sa mheasúnú riosca custaiméara**, údar le hiarchur den sórt sin, ach in aon chás tráth nach déanaí ná **60 lá** ó bunaíodh an ghaolmhaireacht;

**Leasú 214**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 27 – mír 1 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Beidh na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír comhréireach le cineál agus méid an ghnó agus le gnéithe sonracha an riosca níos ísle a sainathníodh. Mar sin féin, déanfaidh eintitis faoi oibleagáid faireachán leordhóthanach ar na hidirbhearta agus ar an **gcaidreamh** gnó chun go bhféadfar idirbhearta neamhghnácha nó amhrasacha a bhrath.

**Leasú 215**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 27 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid a fhíorú ar bhonn rialta gur ann fós do na coinníollacha maidir le dícheall cuí simplithe a chur i bhfeidhm. Beidh minicíocht fhíoruite den sórt sin i gcomhréir le cineál agus méid an ghnó agus leis na rioscaí a bhaineann leis an ngaolmhaireacht shonrach.

**Leasú 216**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 27 – mír 5 – pointe d a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Beidh na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír comhréireach le **nádúr**, cineál **gníomhaíochta** agus méid an ghnó agus le gnéithe sonracha an riosca níos ísle a sainathníodh. Mar sin féin, déanfaidh eintitis faoi oibleagáid faireachán leordhóthanach ar na hidirbhearta agus ar an **ngaolmhaireacht** gnó chun go bhféadfar idirbhearta neamhghnácha nó amhrasacha a bhrath.

*Leasú*

4. Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid a fhíorú ar bhonn rialta gur ann fós do na coinníollacha maidir le dícheall cuí simplithe a chur i bhfeidhm. Beidh minicíocht fhíoruite den sórt sin i gcomhréir le **nádúr**, cineál **gníomhaíochta** agus méid an ghnó agus leis na rioscaí a bhaineann leis an ngaolmhaireacht shonrach.

*(da) go bhfuil an custaiméir, nó an t-úinéir tairbhiúil faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé nó*

**Leasú 217**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 27 – mír 5 – pointe d b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(db) is baill teaghlaigh nó duine is eol a bheith ina dhlúthchomhlach de dhaoine atá faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe é an custaiméir.*

**Leasú 218**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 28 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagail 23, 24, 25 agus 30 go **36**, chomh maith le cásanna eile de riosca níos airde a shainaitníonn na heintitis faoi oibleagáid de bhun Airteagal 16(2), an dara fomhír ('cásanna de riosca níos airde'), cuirfidh eintitis faoi oibleagáid bearta feabhsaithe díchill chuí do chustaiméirí i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú agus a mhaolú go cuí.

1. Sna cásanna dá dtagraítear in Airteagail 23, 24, 25 agus 30 go **36b** chomh maith le cásanna eile de riosca níos airde a shainaitníonn na heintitis faoi oibleagáid de bhun Airteagal 16(2), an dara fomhír ('cásanna de riosca níos airde'), cuirfidh eintitis faoi oibleagáid bearta feabhsaithe díchill chuí do chustaiméirí i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú agus a mhaolú go cuí.

**Leasú 219**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 28 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid scrúdú ar chúlra agus ar cheann scríbe na gcistí a bhaineann le gach idirbheart **a chomhlíonann** ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas, agus chun críche na n-idirbheart sin:

2. Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid scrúdú ar chúlra agus ar cheann scríbe na gcistí a bhaineann le gach idirbheart **atá neamhthipiciúil agus lena bhféadfadh** ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas **a chomhlíonadh**, agus chun críche na n-idirbheart sin:



**Leasú 220**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 28 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Cé is moite de na cásanna a chuimsítear i Roinn 2 den Chaibidil seo, i gcásanna lena mbaineann riosca níos airde, ***féadfaidh*** eintitis faoi oibleagáid ***aon cheann*** de na bearta feabhsaithe díchill chuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm, comhréireach leis na rioscaí níos airde arna sainaitheint:

**Leasú 221**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 28 – mír 5 – fómhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

I gcás inar dhócha go ndéanfaidh na rioscaí arna sainaitheint ag na Ballstáit de bhun na chéad fómhíre difear do chóras airgeadais an Aontais, breithneoidh AMLA, ar iarratas ón gCoimisiún nó ***dú*** thionscnamh féin, na treoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagal 26 a thabhairt cothrom le dáta.

**Leasú 222**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 28 – mír 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. Cé is moite de na cásanna a chuimsítear i Roinn 2 den Chaibidil seo, i gcásanna lena mbaineann riosca níos airde, ***déanfaidh*** eintitis faoi oibleagáid ***ceann amháin, ar a laghad***, de na bearta feabhsaithe díchill chuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm, comhréireach leis na rioscaí níos airde arna sainaitheint:

*Leasú*

I gcás inar dhócha go ndéanfaidh na rioscaí arna sainaitheint ag na Ballstáit de bhun na chéad fómhíre difear do chóras airgeadais an Aontais, breithneoidh AMLA, ar iarratas ón gCoimisiún nó ***ar a*** thionscnamh féin, na treoirlínte arna nglacadh de bhun Airteagal 26 a thabhairt cothrom le dáta ***nó, i gcás inarb iomchuí, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a eisiúint chun ceanglais díchill chuí feabhsaithe a fhorchur ar eintitis faoi oibleagáid go haonfhoirmeach laistigh den Aontas agus iad a chud faoi bhráid an Choimisiúin lena nglacadh.***

***5a. Tá an Coimisiún údaraithe chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo a***

*ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 38 go 41 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac - COM/2021/421 final].*

**Leasú 223**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 28 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**6. Ní dhéanfar bearta díchill chuí do chustaiméirí a agairt go huathoibríoch maidir le brainsí nó le fochuideachtaí faoi úinéireacht eintiteas faoi oibleagáid a bhunaítear san Aontas atá suite sna tríú tíortha dá dtagraítear in Airteagail 23, 24 agus 25, i gcás ina gcomhlíonann na brainsí sin nó na fochuideachtaí sin go hiomlán na beartais, na rialuithe agus na nósanna imeachta uile-ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 14.**

*scriosta*

**Leasú 224**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 29 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Chun críocha Airteagail 23 agus 25, **féadfaidh** an Coimisiún **roghnú** ó na frithbhearta seo a leanas:

Chun críocha Airteagail 23 agus 25, **roghnóidh** an Coimisiún ó na frithbhearta seo a leanas:

**Leasú 225**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 29 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1a. Sa bhreis ar na frithbhearta a roghnaíodh faoi mhír 1, ní dhéanfaidh na Ballstáit stádas cónaitheora a dheonú do náisiúnaigh tíortha dá dtagraítear in Airteagal 23, 24 agus 25 ar bhonn**

*scéimeanna náisiúnta lena ndeonaítear cearta saoránachta nó cónaitheora mar mhalartú ar aon chineál infheistíochtaí, lena n-áirítear aistriúcháin caipitil, maoin a cheannach nó a ligean ar cíós, infheistíocht a dhéanamh i mbannáil rialtais, infheistíocht a dhéanamh in eintitis chorparáideacha, deonú nó dearlaic gníomhaíochta a théann chun leasa an phobail agus ranníocaíochtaí le buiséad an stáit.*

**Leasú 226**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 30 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 30a***

***Bearta díchill chuí feabhsaithe sonracha le haghaidh caidreamh trasteorann comhfhreagrach le heintitis nach eintitis de chuid an Aontais iad a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní***

***1. Maidir le caidrimh thrasteorann chomhfhreagracha a bhaineann le soláthar seirbhísí criptea-shócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(16) de Rialachán (AE).../... [Mica] le heintiteas is freagróir nach bhfuil bunaithe san Aontas agus a sholáthraíonn seirbhísí comhchosúla, lena n-áirítear aistriúcháin criptea-shócmhainní, ceanglófar ar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní, sa bhreis ar na bearta díchill chuí do chustaiméirí a leagtar síos in Airteagal 16, an méid seo a leanas a dhéanamh agus gaolmhaireacht gnó á tosú acu:***

***(a) a chinneadh go bhfuil an t-eintiteas is freagróir cláraithe nó ceadúnaithe faoi dhlí tríú tír;***

***(b) faisnéis leordhóthanach a bhailiú faoin eintiteas comhfhreagrach chun***

*cinéal gnó na hinstitiúide is freagróir a thuiscint go hiomlán agus chun riosca cáile an eintitis agus cáilíocht na maoirseachta a chinneadh ó fhaisnéis atá ar fáil go poiblí;*

*(c) measúnú a dhéanamh ar rialuithe AML/CFT an eintitis is freagróir;*

*(d) formheas a fháil ón mbainistíocht shinsearach sula mbunófar an ghaolmhaireacht chomhfhreagrach;*

*(e) freagrachtaí faoi seach gach páirtí sa ghaolmhaireacht chomhfhreagrach a dhoiciméadú;*

*(f) maidir le cuntais cripteashócmhainní ‘iníoctha tríd’, a bheith sásta gur fhíoraigh an t-eintiteas is freagróir céannacht na gcustaiméirí agus go ndearnadh dícheall cuí leanúnach ar na custaiméirí a bhfuil rochtain dhíreach acu ar chuntais an eintitis comhfhreagraigh, agus go bhfuil sé ábalta sonraí ábhartha díchill chuí do chustaiméirí a sholáthar don eintiteas is freagróir, arna iarraidh sin.*

*I gcás ina gcinnfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní gaolmhaireachtaí comhfhreagracha a fhoirceannadh ar chúiseanna a bhaineann le beartas in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, déanfaidh siad a gcinneadh a dhoiciméadú agus a thaifeadadh.*

*Déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis díchill chuí a fuarthas de bhun mhír 1 don ghaolmhaireacht chomhfhreagrach a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta nó nuair a thagann rioscaí nua chun cinn i ndáil leis an eintiteas is freagróir.*

*2. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír san áireamh chun na bearta feabhsaithe díchill chuí a bhfuil gá leo a chinneadh, ar bhonn riosca-íogair, chun na rioscaí a*

*bhaineann leis an eintiteas is freagróir a mhaolú.*

*3. Faoin ... [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh AMLA, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE, treoirlínte a eisiúint ina sonrú na critéir agus na heilimintí a chuirfidh soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní san áireamh chun an measúnú dá dtagraítear i mír 1 agus na bearta maolaithe riosca dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh, lena n-áirítear na hathróa agus na critéir fachtóirí riosca atá le cur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riosca a bhaineann le catagóir áirithe soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní.*

**Leasú 227**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 30 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

#### *Airteagal 30b*

*Dícheall cuí feabhsaithe sonracha maidir le hidirbhearta criptea-shócmhainní lena mbaineann seoladh féinóstáilte*

*1. Sa bhreis ar na bearta dícheall chuí custaiméara a leagtar síos in Airteagal 16, agus gan dochar do na bearta a cheanglaítear le Rialachán (AE).../... [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh athmhúnú ar Rialachán (AE) 2015/847 — COM/2021/422 final], beidh córais bainistíochta riosca iomchuí i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní, lena n-áirítear nósanna imeachta riosca-bhunaithe, chun an riosca a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a shainaithint agus a mheasúnú chomh maith leis an riosca nach gcuirfear chun feidhme nó nach ndéanfar smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé a bhaineann le hidirbhearta criptea-*

*shócmhainní atá dírithe ar sheoladh féinóstáilte a shainaithint agus a sheachaint.*

*2. Maidir leis na hidirbhearta dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní bearta maolaithe i bhfeidhm i gcomhréir leis na rioscaí sainaitheanta. Ar na bearta sin beidh:*

*(a) bearta riosca-bhunaithe a dhéanamh chun a fhíorú, trí mhodhanna teicniúla oiriúnacha, an bhfuil an seoladh féinóstáilte faoi úinéireacht nó faoi rialú a gcustaiméirí;*

*(b) bearta rioscabhunaithe a dhéanamh chun céannacht an duine ar leis nó léi a rialaíonn nó a thairbhíonn seoladh féinóstáilte a shainaithint, agus chun céannacht an duine sin a fhíorú, a mhéid is féidir lasmuigh de chreat caidrimh custaiméara, lena n-áirítear trí spleáchas ar fhíorú tríú páirtí;*

*(c) faisnéis bhreise a éileamh maidir le tionscnamh agus ceann scribe na gcriptea-shócmhainní, i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe;*

*(d) faireachán feabhsaithe a dhéanamh ar na hidirbhearta sin, i gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe;*

*(e) aon bheart rioscabhunaithe eile chun na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a mhaolú agus a bhainistiú chomh maith leis an riosca nach gcuirfear smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé chun feidhme agus go ndéanfar iad a sheachaint.*

*I gcás nach bhfuil an sainaithint agus an fíorú indéanta go teicniúil, cuirfidh soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní bearta malartacha iomchuí i bhfeidhm chun na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a mhaolú agus a bhainistiú chomh maith leis an riosca nach gcuirfear smachtbhannaí airgeadais*

*spriocdhírithe chun feidhme nó go ndéanfar iad a sheachaint, i gcomhréir leis na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 3.*

*3. Faoi ... [dhá bhliain tar éis dáta teachta i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Forbrófar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin agus forbairtí teicneolaíochta á gcur san áireamh agus sonrófar iontu an méid seo a leanas:*

*(a) na critéir agus na modhanna chun seoladh féinóstáilte a shainaithint agus a fhíorú, cibé acu atá sé faoi úinéireacht nó faoi rialú custaiméara nó nach bhfuil, lena n-áirítear critéir le haghaidh modhanna slán iontaofa ríomh-shainaitheantais agus ríomhfhíoraíthe arna ndéanamh ag tríú páirtithe; (b) bearta malartacha maolaithe riosca atá le cur i bhfeidhm i gcás nach bhfuil fíorú ar sheoladh féinóstáilte atá faoi úinéireacht tríú páirtí nó faoi rialú tríú páirtí indéanta go teicniúil lasmuigh de chaidreamh custaiméara;*

*(c) bearta feabhsaithe díchill chuí eile a bhaineann leis an leibhéal riosca a bhaineann le hidirbhearta le seoladh féinóstáilte.*

*4. Tá an Coimisiún údaraithe chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 38 go 41 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra lena mbunaítear an tÚdarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac - COM/2021/421 final].*

Leasú 228  
Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 31 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 31a***

***Toirmeasc ar ghaolmhaireachtaí  
comhfhreagracha le heintitis  
neamhchláráithe nó neamhcheadúnaithe  
a sholáthraíonn seirbhísí criptea-  
shócmhainní***

***Ní dhéanfaidh institiúidí creidmheasa  
agus airgeadais gaolmhaireachtaí  
comhfhreagracha le heintitis  
neamhchláráithe nó neamhcheadúnaithe  
a sholáthraíonn seirbhísí  
cripteashócmhainní ná ní leanfaidh siad  
leo. Déanfaidh institiúidí creidmheasa  
agus airgeadais bearta iomchuí chun a  
áirithiú nach ngabhfaidh siad de  
ghaolmhaireachtaí comhfhreagracha le  
heintiteas is eol a cheadaíonn d'eintitis  
neamhchláráithe nó neamhcheadúnaithe  
a sholáthraíonn seirbhísí  
cripteashócmhainní a chuntais nó a  
sheoltaí mórleabhar dáilte a úsáid, ná  
nach leanfaidh siad leo.***

**Leasú 229  
Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 31 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 31b***

***Clár poiblí ar bhlaosbhaine agus eintitis  
neamhchláráithe nó neamhcheadúnaithe  
a sholáthraíonn seirbhísí criptea-  
shócmhainní***

***1. I gcás ina dtagann údaráis  
inniúla, maoirseoirí nó eintitis faoi  
oibleagáid ar an eolas faoi bhlaosbhainc  
agus faoi sholáthraithe seirbhísí criptea-  
shócmhainní neamhchláráithe nó  
neamhcheadúnaithe a oibríonn laistigh  
den Aontas nó lasmuigh de, cuirfidh siad  
AMLA ar an eolas faoi sin.***



2. *Bunóidh agus coinneoidh AMLA clár poiblí táscach agus neamh-uileghabhálach de bhlaosc bhainc agus d'eintitis neamhchláráithe agus neamhcheadúnaithe a sholáthraíonn seirbhísí criptea-shócmhainní bunaithe ar fhaisnéis a fhéadfaidh údaráis inniúla, maoirseoirí, eintitis faoi oibleagáid agus aon fhaisnéis bhreise atá ar fáil dó a sholáthar. Beidh an clár sin ar fáil go poiblí i bhformáid atá inléite ag meaisín.*

3. *Déanfaidh AMLA nuashonrú ar an gclár poiblí dá dtagraítear i mír 2 go tráthrialta, agus aon athruithe sna himthosca a bhaineann leis na heintitis atá san áireamh sa liosta nó aon fhaisnéis ábhartha a cuirtear in iúl dó á gcur san áireamh.*

**Leasú 230**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 31 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

### *Airteagal 31c*

*Forálacha sonracha maidir le hiarrthóirí scéimeanna um shaoránacht agus cónaitheacht trí infheistíocht*

*Sa bhreis ar na bearta díchill chuí do chustaiméirí a leagtar síos in Airteagal 16, maidir le custaiméirí ar náisiúnaigh tríú tíre iad a dhéanann iarratas ar chearta cónaithe i mBallstát mar mhalairt ar aon chineál infheistíochta, lena n-áirítear aistriú, ceannach nó maoin a fháil ar cíós, infheistíocht i mbannaí rialtais, infheistíocht in eintitis chorparáideacha, deonú nó dearlaic gníomhaíochta a rannchuidíonn leis an earra poiblí agus ranniocaíochtaí le buiséad an stáit, déanfaidh eintitis faoi oibleagáid, ar a laghad, bearta díchill chuí do chustaiméirí mar a leagtar amach in Airteagal 28(4), pointí (a), (c), (e) agus (f).*

**Leasú 231 Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 32 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun foinse an tsaibhris agus foinse na gcistí a bhaineann le **caidreamh** gnó nó idirbhearta leis na daoine atá faoi riteacht pholaitiúil a shuíomh;

*Leasú*

(b) bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun foinse an tsaibhris agus foinse na gcistí a bhaineann le **gaolmhaireacht** gnó nó idirbhearta **ócáideacha** leis na daoine atá faoi riteacht pholaitiúil a shuíomh;

**Leasú 232  
Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 32 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Faoi **[3 bliana** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], eiseoidh AMLA treoirlínte maidir leis na nithe seo a leanas:

*Leasú*

3. Faoi **...[dhá bhliain** ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], eiseoidh AMLA treoirlínte maidir leis na nithe seo a leanas:

**Leasú 233  
Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 35 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Cuirfidh eintitis faoi oibleagáid ceann amháin nó níos mó de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 28(4) i bhfeidhm chun na rioscaí a bhaineann leis an ngaolmhaireacht ghnó a mhaolú, go dtí go measfar nach mbaineann riosca leis an duine sin a thuilleadh, ach in aon chás ar feadh tréimhse nach lú ná **12** mhí i ndiaidh an tráth nach gcuirfear feidhm phoiblí suntasach ar iontaoibh an duine sin níos mó.

*Leasú*

2. Cuirfidh eintitis faoi oibleagáid ceann amháin nó níos mó de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 28(4) i bhfeidhm chun na rioscaí a bhaineann leis an ngaolmhaireacht ghnó a mhaolú. ***Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid na bearta sin a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhréireach leis na rioscaí arna sainaitint*** go dtí go measfar nach mbaineann riosca leis an duine sin a thuilleadh, ach in aon chás ar feadh tréimhse nach lú ná **24** mhí i ndiaidh an tráth nach gcuirfear feidhm phoiblí suntasach ar iontaoibh an duine sin níos mó.

***Airteagal 36a***

***Forálacha sonracha maidir le custaiméirí  
a bhfuil glanfhiúchas ard acu***

***1. Sa bhreis ar na bearta díchill chuí do chustaiméirí a leagtar síos in Airteagal 16, beidh córais chuí bainistíochta riosca i bhfeidhm ag eintitis faoi oibleagáid, lena n-áirítear nósanna imeachta rioscabhunaithe, chun a chinneadh cibé a bhfuil nó nach bhfuil an custaiméir nó úinéir tairbhiúil an chustaiméara ina dhuine aonair ardriosca a bhfuil glanfhiúntas ard aige.***

***2. Maidir le custaiméir a dtagann a rachmas ón tionscal eastóscach, nó ó naisc thuairiscithe le daoine atá faoi riteacht pholaitiúil, nó ó shaothrú monaplachtaí i dtríú tíortha a shainaithnítear le foinsí inchreidte nó le próisis aitheanta mar chustaiméirí a bhfuil leibhéil shuntasacha éillithe nó gníomhaíochta coiriúla eile acu, measfar gur duine aonair ardriosca é a bhfuil glanfhiúntas ard aige sna cásanna seo a leanas:***

***a) na heintitis faoi oibleagáid seachas na cinn dá dtagraítear in Airteagal 3 (3) (b):***

***i) gaolmhaireacht gnó is mó ná EUR 1 000 000 a bheith aige nó aici leis an gcustaiméir sin, arna ríomh ar bhonn rachmas nó sócmhainní airgeadais nó infheistithe an chustaiméara atá faoi bhainistíocht ag an eintiteas faoi oibleagáid nó a bhaineann leis a dtairgeann an t-eintiteas faoi oibleagáid cabhair ábhartha, cúnamh nó comhairle, gan príomháit chónaithe phríobháideach an chustaiméara a áireamh, gan beann ar an méid sin a bheith bainte amach tráth bunaithe na gaolmhaireachta gnó nó ina***

*dhiaidh sin le linn bliana amháin; nó*

*ii) idirbheart ócáideach a dhéanamh, nó cúnamh ábhartha, cúnamh nó comhairle a thairiscint a bhaineann le hidirbheart ócáideach don chustaiméir sin atá níos mó ná EUR 1 000 0000; b) na heintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 3 (3)*

*(b) na heintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear in Airteagal 3 (3) (b):*

*(i) gníomhú thar ceann an chustaiméara sin agus thar ceann an chustaiméara sin in aon ghaolmhaireacht gnó nó in aon idirbheart ócáideach ar mó é ná EUR 1 000 000; nó*

*(ii) nuair a chuidíonn siad le hidirbhearta a phleanáil nó a dhéanamh don chustaiméir sin ar mó iad, astu féin nó i dteannta a chéile le linn gaolmhaireacht gnó a mhaireann níos mó ná bliain amháin, ná EUR 1 000 000.*

*3. Gan dochar do mhír 2, chun críocha mhír 1, breithneoidh eintitis faoi oibleagáid freisin faisnéis a fuarthas mar chuid de phróiseas díchill chuí custaiméara agus faireachán leanúnach ar idirbhearta i gcomhréir leis an gCaibidil seo nó aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh.*

*4. Chun críche an Airteagail seo, ciallaíonn eastóscadh tionscal eastóscach acmhainní nádúrtha aon ghníomhaíocht a bhaineann le mianraí, ola, fosúithe gáis nádúrtha nó ábhair eile a thaiscéaladh, a chuardach, a fhionnachtain, a fhorbairt agus a eastóscadh, laistigh de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a liostaítear i Roinn B, Ranna 05 go 08 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2, dá dtagraítear in Airteagal 41(1) de Threoir 2013/34.*

5. *Maidir le bearta nó gaolmhaireachtaí gnó le custaiméirí ardriosca a bhfuil glanfhiúchas ard acu a mbaineann fachtóirí ardriosca leo dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh eintitis faoi oibleagáid na bearta feabhsaithe seo a leanas maidir le dícheall cuí i bhfeidhm:*

(a) *bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun foinse rachmais agus foinse cistí a bhfuil baint acu le gaolmhaireacht gnó nó idirbhearta ócáideacha leis na custaiméirí sin a bhunú agus chun a chinneadh, a mhéid is féidir, nach bhfuil na gaolmhaireachtaí gnó ná na hidirbhearta nasctha le sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta nó coireanna preideacáide nó i gcomhréir le dlí an Aontais, cibé acu a dhéantar iad san Aontas nó i dtríú tíortha;*

(b) *formheas bainistíochta sinsearaí a fháil chun gaolmhaireacht gnó a bhunú nó leanúint ar aghaidh leis na custaiméirí sin chomh maith le hidirbhearta ócáideacha a dhéanamh leis na custaiméirí sin;*

(c) *faireachán feabhsaithe leanúnach a dhéanamh ar ghaolmhaireacht ghnó leis na custaiméirí sin.*

**Leasú 235**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 36 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 36b**

***Forálacha sonracha maidir le hionaid airgeadais eischósta***

1. *Sa bhreis ar na bearta díchill chuí do chustaiméirí a leagtar síos in Airteagal 16 agus gan dochar d'aon bhearta níos déine atá infheidhme faoi Roinn 2, beidh córais chuí bainistíochta riosca i bhfeidhm ag eintitis faoi*

*oibleagáid, lena n-áirítear nósanna imeachta rioscabhunaithe, chun a chinneadh cibé a bhfuil nó nach bhfuil an custaiméir nó úinéir tairbhiúil an chustaiméara ina eintiteas dlíthiúil atá bunaithe nó a bhfuil nasc substaintiúil aige le dlínse atá ainmnithe ag AMLA mar ionad airgeadais eischósta.*

*2. Maidir le hidirbhearta nó gaolmhaireachtaí gnó le heintitis dhlíthiúla cuideachtaí atá bunaithe nó a bhfuil nasc substaintiúil acu le lárionad airgeadais eischósta, cuirfidh eintitis faoi oibleagáid na bearta seo a leanas i bhfeidhm, ar bhonn riosca-íogair:*

*(a) faisnéis leordhóthanach a bhailiú faoin eintiteas dlíthiúil chun tuiscint iomlán a fháil ar chineál ghnó an eintitis sin;*

*(b) formheas na bainistíochta sinsearaí a fháil chun gaolmhaireachtaí gnó a bhunú leis an eintiteas dlíthiúil sin, nó chun leanúint leo;*

*(c) bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun foinse na gcistí a bhaineann le gaolmhaireacht gnó nó idirbhearta leis an eintiteas dlíthiúil a shuíomh;*

*(d) iompar feabhsaithe, faireachán leanúnach ar na caidrimh ghnó sin.*

*3. Forbróidh AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun a shonrú cad is nasc substaintiúil ann dá dtagraítear i mír 1 agus sonrúfar a thuilleadh na critéir chun lárionaid airgeadais eischósta a shainaithint mar a shainmhínítear in Airteagal 2, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:*

*a) dlínsí neamh-chomhoibríocha a chur san áireamh in Iarscríbhinn I de liosta an Aontais Eorpaigh de a ghabhann le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach;*

*b) rúndacht airgeadais a sholáthar,*

*mar a shainaithnítear le foinsí  
inchreidte/próisis aitheanta;*

*c) easpa ceanglas maidir le substaintí  
íosta le haghaidh eintitis dhlíthiúla;*

*Forbróidh AMLA dréachtchaighdeáin  
theicniúla cur chun feidhme chun na  
lárionaid airgeadais eischósta a  
shainaithnítear i gcomhréir leis na critéir  
dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shonrú.*

*Déanfaidh AMLA na dréachtchaighdeáin  
theicniúla cur chun feidhme sin a  
ghlacadh agus a chur faoi bhráid an  
Choimisiúin lena nglacadh faoin ... [dhá  
bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm  
an Rialacháin seo].*

*Tugtar an chumhacht don Choimisiún na  
caighdeáin theicniúla cur chun feidhme  
dá dtagraítear sa chéad fhomhír a  
ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de  
Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*

*Déanfaidh AMLA athbhreithniú ar liosta  
na lárionad airgeadais eischósta ar bhonn  
rialta agus gach dhá bhliain ar a laghad  
agus cuirfidh sé tograí le haghaidh  
leasuithe faoi bhráid an Choimisiúin.*

*4. Chun críche mhír 3, cuirfidh  
AMLA san áireamh freisin na liostaí agus  
na sainmhínithe ábhartha ar lárionaid  
airgeadais eischósta arna nglacadh ag  
eagraíochtaí idirnáisiúnta agus lucht  
leagtha amach caighdeán mar aon le  
meastóireachtaí, measúnuithe,  
tuarascálacha nó ráitis phoiblí ábhartha  
arna dtarraingt suas acu.*

*Faoi ... [dhá bhliain tar éis dáta teachta i  
bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh  
AMLA na caighdeáin theicniúla sin agus  
cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá  
nglacadh iad. Tugtar an chumhacht don  
Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur  
chun feidhme dá dtagraítear sa chéad  
fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le  
hAirteagal 15 de Rialachán (AE)  
Uimh. 1095/2010.*

***Airteagal 36c***

***Daoine atá faoi réir bearta sriantacha ag eagraíochtaí idirnáisiúnta***

***1. Tuairisceoidh eintitis faoi oibleagáid do na AFAanna i gcás ina mbraitheann siad aon ghaolmhaireacht gnó nó idirbheart ócáideach le daoine atá faoi réir smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn III pointe (1) (d) sa tréimhse shealadach idir an tráth a chuirtear ainmniú na Náisiún Aontaithe ar fáil go poiblí agus an tráth a thiocfaidh smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé arna nglacadh ag an Aontas chun bheith infheidhme.***

***Sna himthosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír, staonfaidh eintitis faoi oibleagáid ó aon idirbheart a dhéanamh a bhaineann le duine atá faoi réir smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe go dtí go mbeidh fógra tugtha acu don AFA agus go mbeidh aon treoír shonrach bhreise ón AFA comhlíonta acu.***

***2. Nuair a fhaigheann an AFA fógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh sé a chinneadh aon idirbheart nó cuntas a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 20 de Threoir [cuir isteach tagairt do AMLD6]***

***3. Tá an tAirteagal seo gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit bearta sealadacha a chur i bhfeidhm lena n-áirithítear leibhéal níos airde cosanta do chóras airgeadais an Aontais, amhail bearta sealadacha lena gcuirtear ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe i bhfeidhm go díreach go dtí go nglacfaidh an tAontas smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé.***



*Airteagal 37a*

*Faireachán a dhéanamh ar idirbhearta maidir le rioscaí a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe*

*1. Gan dochar do bhearta eile a cheanglaítear le dlí an Aontais a bhaineann le smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe, déanfaidh institiúidí creidmheasa agus airgeadais scagadh ar an bhfaisnéis a ghabhann le haistriú cistí nó criptea-shócmhainní de bhun [cuir isteach tagairt — Rialachán maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus criptea-shócmhainní áirithe (Athmhúnlú)] chun a mheas an bhfuil an t-íocaí nó íocóir aistrithe cistí, nó tionscnóir nó tairbhí aistrithe criptea-shócmhainní, faoi réir smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe.*

*Faoi ... [dhá bhliain ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm], forbróidh AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin iad lena nglacadh.*

*Sonrófar sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin:*

*(a) an fhaisnéis a dhéanfaidh institiúid chreidmheasa nó airgeadais an íocóra a scagadh chomh maith le hoibleagáidí ábhartha na hinstitiúide sin;*

*(b) an fhaisnéis a dhéanfaidh institiúid chreidmheasa nó airgeadais an íocóra a scagadh chomh maith le hoibleagáidí ábhartha na hinstitiúide sin;*

*Tá an Coimisiún údaraithe chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear san Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 38 go 41 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra*

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 38 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Féadfaidh eintitis faoi oibleagáid brath ar eintitis eile faoi oibleagáid, bíodh siad lonnaithe i mBallstát nó i dtríú tír, chun na ceanglais díchill chuí do chustaiméirí a leagtar síos ***i bpointí*** (a), (b) agus (c) d'***Airteagal 16(1)*** a chomhlíonadh, ar choinnioll:

*Leasú*

1. Féadfaidh eintitis faoi oibleagáid brath ar eintitis eile faoi oibleagáid, bíodh siad lonnaithe i mBallstát nó i dtríú tír, chun na ceanglais díchill chuí do chustaiméirí a leagtar síos ***in Airteagal 16(1), pointí*** (a), (b), (c) agus (d), agus ***Airteagal 21 (2) agus (3)***, a chomhlíonadh, ar choinnioll:

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 38 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Ní bhraithfidh eintitis faoi oibleagáid ar eintitis faoi oibleagáid arna mbunú i dtríú tíortha arna sainaitheint de bhun Roinn 2 den Chaibidil seo. ***Mar sin féin, féadfaidh eintitis faoi oibleagáid arna mbunú san Aontas a bhfuil a mbrainsí agus a bhfochuideachtaí bunaithe sna tríú tíortha sin brath ar na brainsí agus na fochuideachtaí sin, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha ar fad a leagtar amach i bpointí (a) go (c) de mhír 3.***

*Leasú*

4. Ní bhraithfidh eintitis faoi oibleagáid ar eintitis faoi oibleagáid arna mbunú i dtríú tíortha arna sainaitheint de bhun Roinn 2 den Chaibidil seo.

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 38 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***4a. Féadfar a áireamh le bheith ag***

*brath ar eintitis eile faoi oibleagáid athúsáid faisnéise agus doiciméadachta ábhartha maidir le dícheall cuí custaiméara arna bhfáil agus arna bpróiseáil ag an eintiteas sin.*

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 40 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Féadfaidh eintitis faoi oibleagáid tascanna a eascraíonn as ceanglais faoin Rialachán seo a sheachfhoinsiú chun críche dícheall cuí do chustaiméirí a dhéanamh maidir le gníomhaire nó soláthraí seirbhíse seachtrach, ***cibé acu an duine*** nádúrtha nó duine dlítheanach ***é***, cé is moite de dhaoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha a chónaíonn nó atá bunaithe i dtríú tíortha arna sainaitheint de bhun Roinn 2 den Chaibidil seo.

*Leasú*

1. Féadfaidh eintitis faoi oibleagáid tascanna a eascraíonn as ceanglais faoin Rialachán seo a sheachfhoinsiú chun críche dícheall cuí do chustaiméirí a dhéanamh maidir le gníomhaire nó soláthraí seirbhíse seachtrach. ***Féadfar cúraimí den sórt sin a sheachfhoinsiú do dhuine*** nádúrtha nó duine dlítheanach, cé is moite de dhaoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha a chónaíonn nó atá bunaithe i dtríú tíortha arna sainaitheint de bhun Roinn 2 den Chaibidil seo.

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 40 – mír 2 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) ***tarraingt suas agus*** formheas bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta an eintitis faoi oibleagáid le ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh;

*Leasú*

(c) formheas bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta an eintitis faoi oibleagáid le ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh;

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 40 – mír 2 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) ***próifil riosca shannadh ar chliant ionchasach agus*** gaolmhaireacht ghnó a dhéanamh ***leis an gcliant sin***;

*Leasú*

(d) ***an cinneadh chun*** gaolmhaireacht ghnó a dhéanamh ***le cliant bunaithe ar shannadh próifíle riosca***;

**Leasú 244**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 40 – mír 2 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) critéir a *shainaithint* chun idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha nó neamhghnácha a bhrath;

*Leasú*

(e) critéir a *fhormheas* chun idirbhearta agus gníomhaíochtaí amhrasacha nó neamhghnácha a bhrath;

**Leasú 245**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 40 – mír 2 – pointe f**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) gníomhaíochtaí amhrasacha nó dearbhuithe tairseachbhunaithe a thuairisciú don AFA de bhun Airteagal 50.

*Leasú*

(f) gníomhaíochtaí amhrasacha nó dearbhuithe tairseachbhunaithe a thuairisciú don AFA de bhun Airteagal 50, ***mura rud é go ndéantar na gníomhaíochtaí sin a sheachfhoinsiú chuig soláthraí seirbhíse a bhaineann leis an ngrúpa céanna leis an eintiteas faoi oibleagáid agus atá bunaithe sa Bhallstát céanna leis an eintiteas faoi oibleagáid.***

**Leasú 246**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 40 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás go ndéanann eintiteas faoi oibleagáid tasc a sheachfhoinsiú de bhun mhír 1, áiritheoidh sé go gcuirfidh an gníomhaire nó an soláthraí seirbhíse seachtrach na bearta agus na nósanna imeachta a ghlac an t-eintiteas faoi oibleagáid i bhfeidhm. Déanfar na coinníollacha maidir le tascanna den sórt sin a fheidhmiú a leagan síos i gcomhaontú i scríbhinn idir an t-eintiteas faoi oibleagáid agus an t-eintiteas seachfhoinsithe. Feidhmeoidh an t-eintiteas faoi oibleagáid rialuithe tráthrialta lena

*Leasú*

3. I gcás go ndéanann eintiteas faoi oibleagáid tasc a sheachfhoinsiú de bhun mhír 1, áiritheoidh sé go gcuirfidh an gníomhaire nó an soláthraí seirbhíse seachtrach na bearta agus na nósanna imeachta a ghlac an t-eintiteas faoi oibleagáid i bhfeidhm. Déanfar na coinníollacha maidir le tascanna den sórt sin a fheidhmiú a ***shonrú go soiléir agus a*** leagan síos i gcomhaontú i scríbhinn idir an t-eintiteas faoi oibleagáid agus an t-eintiteas seachfhoinsithe. Feidhmeoidh an t-eintiteas faoi oibleagáid rialuithe

fháil amach cibé a bhfuil nó nach bhfuil bearta agus nósanna imeachta den sórt sin á gcur i bhfeidhm go héifeachtach ag an eintiteas seachfhoinsithe. Cinnfear minicíocht rialuithe den sórt sin ar bhonn chineál criticiúil na dtascanna seachfhoinsithe.

tráthrialta lena fháil amach cibé a bhfuil nó nach bhfuil bearta agus nósanna imeachta den sórt sin á gcur i bhfeidhm go héifeachtach ag an eintiteas seachfhoinsithe. Cinnfear minicíocht rialuithe den sórt sin ar bhonn chineál criticiúil na dtascanna seachfhoinsithe. *An oibleagáid na coinníollacha maidir le feidhmiú cúraimí díchill chuí custaiméara ag an eintiteas seachfhoinsithe a leagan síos i gcomhaontú i scríbhinn, beidh sí gan dochar d'aon oibleagáid atá ar an eintiteas faoi oibleagáid faoi Rialachán (AE) 2016/679. Déanfar foráil maidir le haon seachfhoinsiú cúraimí a dhéanfaidh an t-eintiteas eisfhoinsithe chuig soláthraithe seirbhíse tríú páirtí eile sa chomhaontú i scríbhinn leis an eintiteas faoi oibleagáid, ar choinníoll go mbeidh an t-eintiteas seachfhoinsithe freagrach go hiomlán as na bearta agus na nósanna imeachta a comhaontaíodh leis an eintiteas faoi oibleagáid a chur i bhfeidhm.*

**Leasú 247**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 40 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*3a. I gcás ina ndéanann eintiteas faoi oibleagáid cúram a sheachfhoinsiú de bhun mhír 1 lena gceanglaítear ceadú na gclár úinéireachta tairbhiúla dá dtagraítear in Airteagal 10 de Threoir [cuir isteach tagairt do AMLD6] agus i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos in Airteagal 11 de Threoir [cuir isteach tagairt do AMLD6], tabharfaidh an t-eintiteas faoi oibleagáid fógra don mhaoirseoir faoi seach maidir leis an gcomhaontú seachfhoinsithe.*

**Leasú 248**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 41 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Faoi [3 bliana ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm], eiseoidh AMLA treoirlínte d'eintitis faoi oibleagáid maidir le:

**Leasú 249**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 41 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Faoi [3 bliana ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm], eiseoidh AMLA, ***i gcomhar leis na ÚMEnna***, treoirlínte d'eintitis faoi oibleagáid maidir le:

*Leasú*

***Airteagal 41a***

***Laghdú riosca gan údar, neamh-idirdhealú agus cuimsiú airgeadais***

***1. Beidh rialuithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag institiúidí creidmheasa agus airgeadais chun a áirithiú nach ndéanfar gaolmhaireachtaí gnó le catagóirí iomlána custaiméirí a dhiúltú nó a fhoirceannadh gan údar agus i gcur i bhfeidhm na gceanglas dichill chuí custaiméara dá bhforáiltear faoin gCaibidil seo agus go gcomhlíonfaidh eintitis faoi oibleagáid Airteagal 15 agus Airteagal 16(2) de Threoir 2014/92/AE. Áireofar i mbeartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha na n-institiúidí creidmheasa agus airgeadais roghanna chun na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a mhaolú, ar roghanna iad a mheasfaidh eintitis faoi oibleagáid a chur i bhfeidhm sula gcinnfidh siad custaiméir a dhiúltú ar fhorais riosca sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta.***

***Áireofar i mbeartais agus nósanna imeachta inmheánacha institiúidí creidmheasa agus airgeadais roghanna***

*agus critéir chun gnéithe na dtáirgí nó na seirbhísí a thairgtear do chustaiméir ar leith a choigeartú ar bhonn aonair atá íogair ó thaobh riosca de agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le leibhéal na seirbhísí a thairgtear faoi Threoir 2014/92/AE.*

*2. Gan dochar do mhír 1, beidh beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha i bhfeidhm ag institiúidí creidmheasa agus airgeadais chun a áirithiú nach mbeidh mar thoradh ar chur i bhfeidhm na gceanglas díchill chuí custaiméara dá bhforáiltear faoin gCaibidil seo eagraíochtaí neamhbhrabúis agus a n-ionadaithe agus a gcomhpháirtithe a eisiamh go míchuí ó rochtain ar sheirbhísí airgeadais ar bhonn riosca gheografaigh amháin.*

*3. Ní bheidh eintitis faoi oibleagáid ag brath go heisiach ar fhaisnéis arna soláthar ag údaráis phoiblí ó na tríú tíortha a chumhdaítear le hAirteagail 23, 24 agus 25, agus ó na tríú tíortha a chumhdaítear le cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach lena ndéantar foráil maidir le gaolmhaireachtaí eacnamaíocha agus airgeadais a bhriseadh nó a laghdú, go páirteach nó go hiomlán.*

*4. Faoin... [trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh AMLA agus an ÚBE treoirlínte a eisiúint go comhpháirteach maidir leis an soiléiriú ar an ngaol idir ceanglais sa Chaibidil seo agus rochtain ar sheirbhísí airgeadais, lena n-áirítear maidir le hidirghníomhaíochtaí idir an Caibidil seo agus Treoir (AE) 2014/92 agus i dTreoir (AE) 2015/2366. Áireofar sna treoirlínte sin treoir maidir le conas cothromaíocht a choinneáil idir cuimsiú airgeadais catagóirí custaiméirí a ndéanann an dí-riosca difear mór dóibh, agus ceanglais AML/CFT. Soiléireofar sna treoirlínte conas is féidir riosca a mhaolú i ndáil leis*

*na custaiméirí sin agus próisis thrédhearcacha agus chothroma a áirithiú do chustaiméirí.*

**Leasú 250**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 42 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. I gcás eintiteas corparáideach, is é an duine nádúrtha/na daoine nádúrtha a rialaíonn, go díreach nó go hindíreach, an t-eintiteas corparáideach, trí leas úinéireachta nó trí rialú trí mheáin eile, an t-úinéir tairbhiúil/na húinéirí tairbhiúla mar a shainmhínítear in Airteagal 2(22).

*Leasú*

1. I gcás eintiteas corparáideach **agus eintiteas dlíthiúil eile, beag beann ar fhoirm ná struchtúr**, is é an duine nádúrtha/na daoine nádúrtha a **bhfuil úinéireacht acu ar eintiteas corparáideach nó dlíthiúil eile, nó a** rialaíonn, go díreach nó go hindíreach, an t-eintiteas corparáideach **nó eintiteas dlíthiúil eile**, trí leas úinéireachta nó trí rialú trí mheáin eile, an t-úinéir tairbhiúil/na húinéirí tairbhiúla mar a shainmhínítear in Airteagal 2(22).

**Leasú 251**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 42 – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun críocha an Airteagail seo, ciallóidh ‘**rialú trí** leas úinéireachta’ úinéireacht **25 %** móide ceann amháin de na scaireanna nó cearta vótála nó leas úinéireachta eile san eintiteas corparáideach, lena n-áirítear trí scairshealbhaíochtaí iompróra, ar gach leibhéal úinéireachta.

*Leasú*

Chun críocha an Airteagail seo, ciallóidh ‘leas úinéireachta’ úinéireacht **15 %** móide ceann amháin de na scaireanna nó cearta vótála nó leas úinéireachta **díreach nó indíreach** eile san eintiteas corparáideach, lena n-áirítear trí scairshealbhaíochtaí iompróra, ar gach leibhéal úinéireachta.

***Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil leas úinéireachta san eintiteas corparáideach, cuirfear scairshealbha ar gach leibhéal úinéireachta san áireamh. Ríomhfar úinéireacht indíreach trí na scaireanna nó na cearta vótála nó leasanna úinéireachta eile atá i seilbh na n-eintiteas idirmheánach sa slabhra a iolrú agus trí na torthaí ó na slabhraí éagsúla a***



*shuimiú.*

*Chun críche an Airteagail seo, ciallaíonn ‘rialú an eintitis chorparáidigh nó an eintitis dhlíthiúil’ an fheidhmiú, go dtéann nó go hindéach, agus cinntí ábhartha a fhorchur laistigh den eintiteas corparáideach nó dlíthiúil. Ciallaíonn ‘rialú indéach ar an eintiteas corparáideach nó dlítheanach’ rialú eintiteas idirmheánach sa slabhra nó i slabhraí éagsúla den struchtúr, i gcás ina saináithnítear an rialú déach ar gach leibhéal den struchtúr, a mhéid a cheadaíonn an rialú ar eintitis idirmheánacha do dhuine nádúrtha an t-eintiteas dlítheanach a rialú.*

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 42 – mír 1 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun críocha an Airteagail seo, *áireofar* ar a laghad ceann amháin de na nithe seo a leanas *le ‘rialú trí mheáin eile’*:

*Leasú*

Chun críocha an Airteagail seo, *le ‘rialú an eintitis chorparáidigh nó dhlíthiúil’ lena n-áirítear rialú trí mheáin eile, áirítear* ar a laghad ceann amháin de na nithe seo a leanas:

**Leasú 253**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 42 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) an cumas tionchar *suntasach a imirt* ar na cinntí arna nglacadh ag an eintiteas corparáideach, lena n-áirítear cearta crosta, cearta cinntí agus aon chinntí maidir le dáileacháin bhrabúis nó as a dtagann athrú ar shócmhainní;

*Leasú*

(b) an cumas tionchar *ceannasach a fheidhmiú* ar na cinntí arna nglacadh ag an eintiteas corparáideach, lena n-áirítear cearta crosta, cearta cinntí agus aon chinntí maidir le dáileacháin bhrabúis nó as a dtagann athrú ar shócmhainní;

**Leasú 254**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 42 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) **naisc le baill teaghlaigh**  
bainisteoirí nó stiúrthóirí/daoine ar úinéirí  
nó rialaitheoirí an eintitis chorparáidigh  
iad;

*Leasú*

(d) **rialú trí mheáin neamhfhoirmiúla, amháil dlúthnaisc phearsanta le gaolta nó le comhlaigh** bainisteoirí nó stiúrthóirí/daoine ar úinéirí nó rialaitheoirí an eintitis chorparáidigh iad;

**Leasú 255**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 42 – mír 1 – fomhír 2 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) úsáid a bhaint as socrúithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla i gcás ainmnitheach.

*Leasú*

(e) úsáid a bhaint as socrúithe foirmiúla nó neamhfhoirmiúla i gcás ainmnitheach, **lena n-áirítear cumhachtaí chun sócmhainní nó ioncam an eintitis chorparáidigh a bhainistiú nó a dhiúscairt, go háirithe a chuntais bhainc nó airgeadais;**

**Leasú 256**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 42 – mír 1 – fomhír 2 – pointe e a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(ea) **rialú trí ionstraimí fiachais nó trí shocrúithe maoinithe eile.**

**Leasú 257**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 42 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Faoi [3 mhí ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm], tabharfaidh Ballstáit fógra faoi liosta de na cineálacha eintiteas corparáideach agus eintiteas

3. Faoi ... [3 mhí ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm], tabharfaidh Ballstáit fógra faoi liosta de na cineálacha eintiteas corparáideach agus eintiteas

dlítheanach eile ar ann dóibh faoina ndlíthe náisiúnta, agus a aithnítear a n-úinéir tairbhiúil/a n-úinéirí tairbhiúla i gcomhréir le mír 1, don Choimisiún. Cuirfear san áireamh san fhógra catagóirí sonracha eintiteas, tuairisc ar shaintréithe, ainmneacha agus, i gcás inarb infheidhme, bunús dlí le dlíthe náisiúnta na mBallstát. Cuirfear in iúl freisin cibé a bhfuil nó nach bhfuil feidhm leis an sásra faoi Airteagal 45(3), de bharr foirm sonracha agus struchtúr eintiteas dlítheanach seachas eintitis chorparáideacha, chomh maith le réasúnú mionsonraithe do na gcúiseanna leis sin.

dlítheanach eile ar ann dóibh faoina ndlíthe náisiúnta, agus a aithnítear a n-úinéir tairbhiúil/a n-úinéirí tairbhiúla i gcomhréir le mír 1, don Choimisiún. Cuirfear san áireamh san fhógra catagóirí sonracha eintiteas, tuairisc ar shaintréithe, ainmneacha agus, i gcás inarb infheidhme, bunús dlí le dlíthe náisiúnta na mBallstát. Cuirfear in iúl freisin cibé a bhfuil nó nach bhfuil feidhm leis an sásra faoi Airteagal 45(3), de bharr foirm sonracha agus struchtúr eintiteas dlítheanach seachas eintitis chorparáideacha, chomh maith le réasúnú mionsonraithe do na gcúiseanna leis sin. ***San fhógra sin, cuirfidh na Ballstáit san áireamh freisin eintitis dhlíthiúla eile nó meáin dhlíthiúla eile nach meastar faoin dlí náisiúnta nach bhfuil faisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil infheidhme ina leith, go háirithe más amhlaidh atá i gcás meáin infheistíochta amhail meáin shainchuspóireacha nó eintitis shainchuspóireacha, cuideachtaí ceall cosanta nó cuideachtaí sraithe faoi dhlíteanas teoranta.***

**Leasú 258**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 42 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. ***Déanfaidh*** an Coimisiún ***moltaí do Ballstáit maidir leis*** na rialacha sonracha agus critéir chun úinéir tairbhiúil/úinéirí tairbhiúla eintiteas dlítheanach seachas eintitis chorparáideacha a shainaithint faoi ***[bliain amháin*** ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm]. ***I gcás go gcinnfidh na Ballstáit gan aon cheann de na moltaí a chur i bhfeidhm, cuirfidh siad in iúl don Choimisiún agus cuirfidh siad údar ar fáil i gcás cinneadh.***

*Leasú*

4. ***Cinnfidh*** an Coimisiún na rialacha sonracha agus critéir chun úinéir tairbhiúil/úinéirí tairbhiúla eintiteas dlítheanach seachas eintitis chorparáideacha a shainaithint ***trí ghníomh tarmhligthe a ghlacadh*** faoi ... ***[sé mhí*** ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm].

**Leasú 259**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 42 – mír 5 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) cuideachtaí a liostaítear ar mhargadh rialáilte atá faoi réir ceanglais noхта i gcomhréir le dlí an Aontais nó faoi réir caighdeáin idirnáisiúnta chomhionanna; **agus**

**Leasú 260**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 42 – mír 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 261**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 42 – mír 5 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) cuideachtaí a liostaítear ar mhargadh rialáilte atá faoi réir ceanglais noхта i gcomhréir le dlí an Aontais nó faoi réir caighdeáin idirnáisiúnta chomhionanna, **seachas gnóthais atá gníomhach sa tionscal eastóscach mar a shainmhínítear in Airteagal 41 (1) de Threoir 2013/34;**

*Leasú*

**5a. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ciallóidh leas úinéireachta úinéireacht 5 % móide scair amháin nó ceart vótála amháin nó leas úinéireachta eile san eintiteas corparáideach, i gcás na n-eintiteas dlíthiúil seo a leanas:**

**i) gnóthais atá gníomhach sa tionscal eastóscach mar a shainmhínítear in Airteagal 41 (1) de Threoir 2013/34;**

**ii) eintitis dhlíthiúla atá neamhchosanta ar riosca níos airde maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta mar atá sainaitheanta ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 5b.**

*Leasú*

**5b. Faoin ... [trí mhí ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh na Ballstáit liosta ar fáil don Choimisiún de**

*na catagóirí uile d'eintitis  
chorparáideacha agus d'eintitis dhlíthiúla  
eile atá ar a gcríoch.*

*Tabharfar de chumhacht don  
Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha  
tarmligthe, catagóirí na n-eintiteas  
dlíthiúil nó na n-earnálacha a bhaineann  
le riosca níos airde sciúrtha airgid agus  
maoinithe sceimhlitheoireachta agus a  
gcoireanna preideacáide a shainaithint a  
mbeidh tairseach 5 % ina leas  
úinéireachta ina leith.*

*Chun críoch na chéad fhomhíre,  
rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le  
AMLA agus cuirfidh sé san áireamh an  
measúnú riosca náisiúnta arna  
dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8  
den Treoir agus aon fhaisnéis bhreise  
arna soláthar ag na Ballstáit. [cuir isteach  
tagairt — togra le haghaidh an 6ú Treoir  
maidir leis an Sciúradh Airgid a  
Chomhrac — COM/2021/423 final].*

*Chun catagóirí na n-eintiteas dlíthiúil nó  
na n-earnálacha lena mbaineann riosca  
níos airde a shainaithint i gcomhréir leis  
an mír seo, rachaidh an Coimisiún, i gcás  
inarb ábhartha, i gcomhairle le  
saineolaithe ón earnáil phríobháideach,  
ón tsochaí shibhialta agus ón saol  
acadúil. Déanfaidh an Coimisiún  
athbhreithniú ar na gníomhartha  
tarmligthe ar bhonn rialta chun a áirithiú  
go bhfuil na catagóirí eintiteas  
corparáideach a shainaithnítear mar  
eintitis a mbaineann rioscaí níos airde leo  
ceart, agus go bhfuil na tairseacha níos  
ísele a fhorchuirtear comhréireach agus  
leordhóthanach do na rioscaí a  
shainaithnítear.*

**Leasú 262**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 43 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) an *socraitheoir/na* socraitheoirí;

*Leasú*

(a) an *socraitheoir eacnamaíoch agus dlíthiúil/na* socraitheoirí *eacnamaíocha agus dlíthiúla*;

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás eintitis dhlítheanacha agus socrúithe dlíthiúla cosúil le hiontaobhais sainráite, is iad na daoine nádúrtha ag a bhfuil seasamh coibhéiseach nó comhchosúil leis na daoine sin dá dtagraítear i mír 1 a bheidh sna húinéirí tairbhiúla.

*Leasú*

2. I gcás eintitis dhlítheanacha agus socrúithe dlíthiúla cosúil le hiontaobhais sainráite, is iad na daoine nádúrtha ag a bhfuil seasamh coibhéiseach nó comhchosúil leis na daoine sin dá dtagraítear i mír 1 a bheidh sna húinéirí tairbhiúla. *I gcás ina bhfuil na páirtithe san iontaobhas sainráite a leagtar síos i mír 1, pointe (a), (b), (c), nó (d) ina n-eintitis chorparáideacha nó dhlíthiúla nó ina gcomhshocrúithe iad féin, is é an t-úinéir tairbhiúil an duine nádúrtha ar leis na heintitis nó na socrúithe sin, go díreach nó go hindíreach, trí úinéireacht scaire amháin ar a laghad nó ceart vótála amháin nó leasa úinéireachta eile ar a laghad san eintiteas corparáideach nó sna daoine nádúrtha deiridh a fheidhmíonn rialú trí shlabhra rialaithe nó úinéireachta eintiteas corparáideach nó dlíthiúil nó trí rialú trí mhodhanna eile.*

**Leasú 264**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 44 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) céadainm agus sloinne, áit bhreithe agus dáta breithe iomlán, seoladh cónaithe, tír chónaithe agus náisiúntacht nó náisiúntachtaí an úinéara tairbhiúil, uimhir aitheantais náisiúnta agus an foinse léi,

*Leasú*

(a) céadainm agus sloinne, áit bhreithe agus dáta breithe iomlán, seoladh cónaithe, tír chónaithe agus náisiúntacht nó náisiúntachtaí an úinéara tairbhiúil, uimhir aitheantais náisiúnta agus an foinse léi,

amhail pas nó doiciméad aitheantais náisiúnta, **agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir aitheantais chánach nó uimhir choibhéiseach eile arna sannadh ar an duine ag a thír/a tír ghnáthchónaithe;**

**Leasú 265**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 44 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. **Gheofar** faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil laistigh de **14 lá** féilire ón dáta a gcruthaítear **eintitis dhlítheanacha nó socruithe dlíthiúla**. Tabharfar cothrom le dáta í go pras, agus in aon chás tráth nach déanaí ná **14 lá** i ndiaidh aon athrú ar an úinéir tairbhiúil/na húinéirí tairbhiúla, agus ar bhonn bliantúil.

**Leasú 266**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 45 – mír 1 – fómhír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Soláthróidh úinéir tairbhiúil/úinéirí tairbhiúla eintiteas corparáideach nó eintiteas dlíthiúil eile an fhaisnéis uile atá de dhíth ón eintiteas corparáideach ón eintiteas dlíthiúil eile.

**Leasú 267**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 45 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. I gcás, i ndiaidh gach modh sainaitheantais atá ar fáil a ídiú de bhun

amhail pas nó doiciméad aitheantais náisiúnta,

*Leasú*

2. **Gheobhaidh na heintitis dá dtagraítear in Airteagail 42 agus 43** faisnéis **leordhóthanach, chruinn agus reatha** faoi úinéireacht thairbhiúil laistigh de **21 lá** féilire ón dáta a gcruthaítear **iad**. Tabharfar cothrom le dáta í go pras, agus in aon chás tráth nach déanaí ná **21 lá** i ndiaidh aon athrú ar an úinéir tairbhiúil/na húinéirí tairbhiúla, agus ar bhonn bliantúil.

*Leasú*

Soláthróidh úinéir tairbhiúil/úinéirí tairbhiúla eintiteas corparáideach nó eintiteas dlíthiúil eile an fhaisnéis uile atá de dhíth ón eintiteas corparáideach ón eintiteas dlíthiúil eile **agus cuirfidh siad eintitis faoi oibleagáid ar an eolas gan moill mhíchuí faoi na hathruithe ar fad a bhaineann le húinéireacht thairbhiúil.**

Airteagail 42 agus 43, nach sainaitheofar aon duine mar an t-úinéir tairbhiúil, nó i gcás aon amhras gurb é an duine sainaitheanta an t-úinéir tairbhiúil, nó gurb iad na daoine sainaitheanta na húinéirí tairbhiúla, coimeádfaidh na heintitis chorparáideacha nó dhlíthiúla eile taifid de na gníomhartha a rinneadh chun a n-úinéir tairbhiúil/a n-úinéirí tairbhiúla a shainaithint.

Airteagail 42 agus 43, nach sainaitheofar aon duine mar an t-úinéir tairbhiúil, nó i gcás aon amhras gurb é an duine sainaitheanta an t-úinéir tairbhiúil, nó gurb iad na daoine sainaitheanta na húinéirí tairbhiúla, coimeádfaidh na heintitis chorparáideacha nó dhlíthiúla eile taifid de na gníomhartha a rinneadh chun a n-úinéir tairbhiúil/a n-úinéirí tairbhiúla a shainaithint, **agus beidh faisnéis bhreise acu a bheidh ar fáil ar bhonn íogair ó thaobh riosca de, agus cuirfidh siad í ar fáil do na húdaráis inniúla i gcás inar gá, lena n-áirítear rúin an bhoird stiúrthóirí agus miontuairiscí a gcrúinnithe, comhaontuithe comhpháirtíochta, gníomhais iontaobhais, socruithe neamhfhoirmiúla lena gcinntear cumhachtaí arb ionann iad agus cumhachtaí aturnae nó comhaontuithe agus doiciméid chonartha eile.**

**Leasú 268**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 45 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 2, agus faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil á soláthar acu i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo agus le hAirteagal 10 de Threoir [cuir isteach tagairt – togra maidir leis an 6<sup>ú</sup> Treoir maidir **le Frithsciúradh** Airgid - COM/2021/423 final], soláthróidh eintitis chorparáideacha nó eintitis dhlítheanacha eile an **méid** seo a leanas:

*Leasú*

3. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 2, agus faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil á soláthar acu i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán seo agus le hAirteagal 10 de Threoir [cuir isteach tagairt – togra maidir leis an 6<sup>ú</sup> Treoir maidir **leis an Sciúradh** Airgid **a Chomhrac** - COM/2021/423 final], soláthróidh eintitis chorparáideacha nó eintitis dhlítheanacha eile an **fhaisnéis** seo a leanas, **a bheidh luaite go soiléir sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 10 de Threoir [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh an 6<sup>ú</sup> Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac – COM/2021/423 final]:**



**Leasú 269**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 46 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Oibleagáidí maidir le hiontaobhaithe

*Leasú*

**Oibleagáidí maidir le hiontaobhaithe a bhaineann le húinéirí tairbhiúla iontaobhas sainráite nó comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla a shaináithint**

**Leasú 270**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 46 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4a. I gcás nach bhfuil an t-iontaobhaí nó an duine ag a bhfuil post coibhéiseach i gcomhshocrú dlíthiúil comhchosúil bunaithe san Aontas nó ina bhfuil cónaí air san Aontas, gheobhaidh agus sealbhóidh an socráitheoir faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil sna coinniollacha a leagtar síos i mír 1, ar choinníoll:**

- 1) go bhfuil an t-iontaobhas sainráite nó an comhshocrú dlíthiúil á rialú faoi dhlí Ballstáit amháin; nó**
- 2) go bhfuil cónaí ar an socráitheoir, ar an gcosantóir nó ar an tairbhí i mBallstát amháin.**

**Leasú 271**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 47 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Oibleagáidí maidir le daoine ainmnithe

*Leasú*

**Bearta chun rioscaí a bhaineann le scairshealbhóirí ainmnitheacha agus le stiúrthóirí ainmnitheacha a mhaolú**

**Leasú 272**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 47 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Déanfaidh** scairshealbhóirí ainmnitheacha agus stiúrthóirí ainmnitheacha d'eintitis chorparáideacha nó d'eintitis dhlítheanacha eile faisnéis leordhóthanach, chruinn agus chothrom le dáta a choimeád maidir le céannacht a n-ainmneora chomh maith le céannacht úinéir tairbhiúil/úinéirí tairbhiúla an ainmneora agus iad a nochtadh chomh maith lena stádas i ndáil leis na heintitis chorparáideacha nó eintitis dhlítheanacha eile. Déanfaidh eintitis chorparáideacha nó eintitis dhlítheanacha eile an fhaisnéis sin a thuairisciú chuig na cláir arna mbunú de bhun Airteagal 10 de Threoir [cuir isteach tagairt – togra maidir leis an 6<sup>ú</sup> Treoir maidir **le Frithsciúradh** Airgid - COM/2021/423 final].

**Leasú 273**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 48 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) dul i ngaolmhaireacht ghnó le heintiteas faoi oibleagáid;

*Leasú*

**Déanfar ceadúnas chun seirbhísí ainmnitheacha a thairisicint a dheonú faoin dlí náisiúnta do** scairshealbhóirí ainmnitheacha agus stiúrthóirí ainmnitheacha d'eintitis chorparáideacha nó d'eintitis dhlítheanacha eile faisnéis leordhóthanach, chruinn agus chothrom le dáta a choimeád maidir le céannacht a n-ainmneora chomh maith le céannacht úinéir tairbhiúil/úinéirí tairbhiúla an ainmneora agus iad a nochtadh chomh maith lena stádas i ndáil leis na heintitis chorparáideacha nó eintitis dhlítheanacha eile, **gan beann ar cé acu atá socruithe ainmnitheacha foirmiúil nó neamhfoirmiúil**. Déanfaidh eintitis chorparáideacha nó eintitis dhlítheanacha eile an fhaisnéis sin a thuairisciú chuig na cláir arna mbunú de bhun Airteagal 10 de Threoir [cuir isteach tagairt – togra maidir leis an 6<sup>ú</sup> Treoir maidir **leis an Sciúradh** Airgid **a Chomhrac** - COM/2021/423 final]. **Déanfaidh eintitis chorparáideacha agus eintitis dhlítheanacha eile an fhaisnéis sin a thuairisciú chuig eintitis faoi oibleagáid i gcás go bhfuil bearta díchill chuí do chustaiméirí á nglacadh ag na heintitis faoi oibleagáid i gcomhréir le Caibidil III.**

*Leasú*

(a) dul i ngaolmhaireacht ghnó **nó gaolmhaireacht ghnó a bheith acu** le heintiteas faoi oibleagáid;

**Leasú 274**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 48 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) réadmhaoin a fháil ina gcríoch féin.

*Leasú*

(b) **úinéireacht ar thalamh nó réadmhaoin nó talamh nó réadmhaoin a fháil ina gcríoch féin.**

**Leasú 275**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 48 – mír 1 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ba) gur leo nó go bhfaighidh siad earraí dá dtagraítear in Airteagal 16b agus Airteagal 16c de Threoir [cuir isteach tagairt - togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac - COM/2021/423 final], mura gcuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil ar fáil i gcláir eile nó i gcórais leictreonacha aisghabhála sonraí i gcomhréir le hAirteagail 16b nó 16c den Treoir sin;**

**Leasú 276**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 48 – mír 1 – pointe b b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(bb) úinéireacht ar leas tromlaigh nó mionlaigh, nó leas tromlaigh nó mionlaigh a fháil i gcomhlachtaí a rialaítear faoin dlí poiblí mar a shainmhínítear iad i bpointe (4) d’Airteagal 2(1) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;**

**Leasú 277**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 48 – mír 1 – pointe b c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(bc) ar dámhadh soláthar poiblí dóibh le haghaidh earraí, seirbhísí nó lamháltas nó ar dámhadh soláthar poiblí orthu le haghaidh earraí, seirbhísí nó lamháltais atá fós ar siúl.**

**Leasú 278**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 48 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. I gcás go dtéann an t-eintiteas dlítheanach, iontaobhaí an iontaobhais shainráite nó an duine a bhfuil post coibhéiseach i socrú dlíthiúil comhchosúil aige, isteach i ngaolmhaireachtaí gnó iolracha nó i gcás go bhfaigheann siad réadmhaoín i mBallstáit éagsúla, measfar gur leor deimhniú um chruthúnas ar chlárú na faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil arna shealbhú ar chlár lárnach ag Ballstáit amháin mar chruthúnas leordhóthanach ar chlárú.

2. I gcás go dtéann an t-eintiteas dlítheanach, iontaobhaí an iontaobhais shainráite nó an duine a bhfuil post coibhéiseach i socrú dlíthiúil comhchosúil aige, isteach i ngaolmhaireachtaí gnó iolracha nó i gcás go bhfaigheann siad ***talamh nó*** réadmhaoín ***nó earraí nó socmhainní ábhartha ardluacha dá dtagraítear i bpointe (ba) i*** mBallstáit éagsúla, measfar gur leor deimhniú um chruthúnas ar chlárú na faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil arna shealbhú ar chlár lárnach ag Ballstáit amháin mar chruthúnas leordhóthanach ar chlárú.

**Leasú 279**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 48 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Maidir le gaolmhaireachtaí gnó atá ann cheana dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (ba) agus (bd), nó le réadmhaoín atá faoi úinéireacht ón ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh eintitis faoi oibleagáid agus eintitis dhlíthiúla dá dtagraítear i mír 1 na**

*ceanglais a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2 a chomhlíonadh faoin ... [6 mhí tar éis tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].*

**Leasú 280**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 49 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin faoi smachtbhannaí faoi [6 mhí ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm], chomh maith leis an mbunús dlí ina leith agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

*Leasú*

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin faoi smachtbhannaí faoi ... [6 mhí ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm], chomh maith leis an mbunús dlí ina leith agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

*Faoi ... [dhá bhliain tar éis dáta teachta i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Saineofar leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin táscairí chun aicmiú a dhéanamh ar leibhéal tromchúise na sárúithe agus na gcrítéar a bheidh le cur san áireamh agus leibhéal na smachtbhannaí riaracháin á leagan síos, lena n-áirítear raonta smachtbhannaí airgid i gcoibhneas le láimhdeachas an eintitis a chuirfear i bhfeidhm mar thagairtí do smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha.*

*Tá an Coimisiún údaraithe chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear san Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 38 go 41 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra maidir le hÚdarás um Sciúradh Airgid a Chomhrac a bhunú - COM/2021/421 final].*

**Leasú 281**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 50 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Idirbhearta amhrasacha** a thuairisciú

*Leasú*

**Amhras** a thuairisciú

**Leasú 282**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 50 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid gach **idirbheart amhrasach**, lena n-áirítear iarrachtaí ar idirbhearta, a thuairisciú chuig an AFA.

*Leasú*

1. Déanfaidh eintitis faoi oibleagáid gach **amhras faoi sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta agus coireanna preideacáide**, lena n-áirítear iarrachtaí ar idirbhearta **amhrasacha**, a thuairisciú chuig an AFA.

**Leasú 283**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 50 – mír 1 – fohír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) an AFA a chur ar an eolas, lena n-áirítear trí thuarascáil a chomhadú, ar a dtionscnamh féin, i gcás go mbeidh a fhios ag an eintiteas faoi oibleagáid, go bhfuil amhras air nó go bhfuil forais réasúnta aige amhras a bheith air, **gur** fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil **iad cistí**, is cuma an méid atá i gceist, nó go bhfuil baint acu le maoiniú sceimhlitheoireachta, agus trí freagairt go pras ar iarraidh ón AFA ar fhaisnéis bhreise sna cásanna sin;

*Leasú*

(a) an AFA a chur ar an eolas, lena n-áirítear trí thuarascáil a chomhadú, ar a dtionscnamh féin, i gcás go mbeidh a fhios ag an eintiteas faoi oibleagáid, go bhfuil amhras air nó go bhfuil forais réasúnta aige amhras a bheith air, **go mbaineann cistí, sócmhainní nó gníomhaíochtaí le** fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil, is cuma an méid atá i gceist, nó go bhfuil baint acu le maoiniú sceimhlitheoireachta, agus trí freagairt go pras ar iarraidh ón AFA ar fhaisnéis bhreise sna cásanna sin;

**Leasú 284**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 50 – mír 1 – fohír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun críocha phointí (a) agus (b), tabharfaidh eintitis faoi oibleagáid freagra ar iarraidh ar fhaisnéis ón AFA laistigh de **5 lá**. I gcásanna lena mbaineann réasúnú agus práinn, ***beidh AFAanna in ann sprioc-am den sórt sin a laghdú go dtí 24 uair an chloig.***

**Leasú 285**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 50 – mír 2 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

***Bunaítear*** amhras ar shaintréithe an chustaiméara, ar mhéid agus ar chineál an idirbhirt nó na gníomhaíochta, ar an nasc idir roinnt idirbheart nó gníomhaíochtaí agus ar aon toisc eile is eol don eintiteas faoi oibleagáid, lena n-áirítear comhsheasmhacht an idirbhirt nó na gníomhaíochta le próifil riosca an chliaint.

*Leasú*

Chun críocha phointí (a) agus (b), tabharfaidh eintitis faoi oibleagáid freagra ar iarraidh ar fhaisnéis ón AFA laistigh de ***chúig lá oibre, mura gcineann AFA sprioclá eile.*** I gcásanna lena mbaineann réasúnú agus práinn, ***amhail i gcás ina bhfuil idirbhearta idir lámha nó ina bhfuil gá le gníomhaíocht phras, féadfaidh AFAnna a cheangal go soláthrófar an fhaisnéis a luaithe is féidir, agus laistigh de sprioc-am nach mbeidh níos faide ná lá oibre amháin.***

*Leasú*

***D'fhéadfadh*** amhras ***a bheith bunaithe*** ar shaintréithe an chustaiméara ***agus a chontrapháirtithe,*** ar mhéid agus ar chineál an idirbhirt nó na gníomhaíochta, ar ***mhodhanna, ar theicnící agus ar phatrúin chur i gcrích an idirbhirt nó na gníomhaíochta, ar úsáid uirlisí anaithnidithe, ar an*** nasc idir roinnt idirbheart nó gníomhaíochtaí agus ar aon toisc eile is eol don eintiteas faoi oibleagáid, lena n-áirítear ***tionscnamh na gcistí nó na sócmhainní agus*** comhsheasmhacht an idirbhirt nó na gníomhaíochta le próifil riosca an chliaint ***agus saintréithe an idirbhirt nó an chustaiméara nuair atá sé nasctha le patrúin a léirítear leis na measúnuithe riosca arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Threoir (AE)...*** [cuir isteach tagairt — togra le haghaidh an 6ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac — COM/2021/423 final].

**Leasú 286**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 50 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Faoi [dhá bhliain ón dáta a thagann an Rialacháin seo i bhfeidhm], forbróidh AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Sonrófar, sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin, an fhormaid atá le húsáid chun **idirbhearta amhrasacha** a thuairisciú de bhun mhír 1.

**Leasú 287**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 50 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Déanfaidh AMLA treoraíocht faoi ghníomhaíocht nó iompraíocht amhrasach a eisiúint agus a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil.

**Leasú 288**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 50 – mír 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6a. **Faoin... [trí bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], forbróidh AMLA córas ríomhchomhdaithe, (FIU.net ionad ilfhreastail), a bheidh le húsáid ag eintitis faoi oibleagáid chun**

*Leasú*

3. Faoi ... [dhá bhliain ón dáta a thagann an Rialacháin seo i bhfeidhm], forbróidh AMLA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin dá nglacadh iad. Sonrófar, sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin, an **modh agus an** fhormaid atá le húsáid chun **amhras** a thuairisciú de bhun mhír 1. **Aireofar sna caighdeáin theicniúla formáidí iomchuí chun táscairí sonracha a thuairisciú a d'fhéadfadh a bheith bainteach le hidirbhearta cripteashócmhainní.**

*Leasú*

5. Déanfaidh AMLA treoraíocht faoi ghníomhaíocht nó iompraíocht amhrasach a eisiúint agus a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil, **le cúnaimh ó chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais a bhfuil baint acu le creat AML/CFT.**

*Leasú*



*tuarascálacha faoi amhras faoi sciúradh airgid, cionta preideacáide agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear maidir le hiarrachtaí ar idirbhearta, a chur faoi bhráid AFA an Bhallstáit ar ina chríoch atá an t-eintiteas faoi oibleagáid a tharchuireann an fhaisnéis bunaithe, agus chuig aon AFA eile lena mbaineann. Soláthróidh FIU.net pointe rochtana aonair chun amhras a thuairisciú trí bhealaí cumarsáide faoi chosaint agus trí fhoirm chaighdeánaithe, chomh maith le cumarsáid idir na AFAnna inniúla agus eintitis faoi oibleagáid, agus le haghaidh comhroinnt faisnéise agus faisnéise idir AFAnna maidir le tuarascálacha arna dtíolacadh ar amhras. Is é AMLA a bhainisteoidh ionad ilfhreastail FIU.net, agus is é FIU.net a dhéanfaidh é a óstáil.*

*Beidh an t-ionad ilfhreastail FIU.net ag feidhmiú go hiomlán faoin ... [cúig bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus beidh a úsáid chun tuarascálacha amhrais a chur isteach agus tarchur faisnéise idir eintitis faoi oibleagáid agus AFAnna inniúla éigeantach amhail ón ...[cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*

*Bunófar ionad ilfhreastail FIU.net mar chóras díláraithe. Déanfaidh na AFAnna inniúla faisnéis arna tarchur ag eintitis faoi oibleagáid trí chóras den sórt sin a rialú agus a stóráil, i gcomhréir iomlán le acquis cosanta sonraí an Aontais. Agus an t-ionad ilfhreastail FIU.net á bhunú, sonróidh AMLA na coinníollacha maidir le bainistiú oibríochtúil an chórais, a chomhdhéanamh, agus na caighdeáin nós imeachta dhigiteacha lena gcumasaítear an t-idirnasc trí na pointí rochtana aonair.*

**Leasú 289**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 51 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

1. De mhaolú ar Airteagal 50(1), féadfaidh na Ballstáit lamháil do na heintitis faoi oibleagáid dá dá dtagraítear i bpointe 3(a), (b) **agus (d) d'** Airteagal 3 an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 50(1) a tharchur do chomhlacht féinrialála arna ainmniú ag an mBallstát.

1. De mhaolú ar Airteagal 50(1), féadfaidh na Ballstáit lamháil do na heintitis faoi oibleagáid dá dá dtagraítear i bpointe 3(a), (b) d' Airteagal 3 an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 50(1) a tharchur do chomhlacht féinrialála arna ainmniú ag an mBallstát.

## **Leasú 290**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 51 – mír 2**

2. Beidh nótaireí, dlíodóirí agus gairmithe dlí eile, iniúchóirí, cuntasóirí seachtracha agus comhairleoirí cánach díolmhaithe ó na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 50(1) a mhéid a bhaineann díolúine den sórt sin le faisnéis a fhaigheann siad ó chliant leo nó a fhaigheann siad faoi chliant leo, le linn dóibh staid dhlíthiúil a gcliánt a fhionnadh, nó an cúram a dhéanamh chun an cliant a chosaint nó ionadaíocht a dhéanamh air nó maidir le himeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear comhairle a sholáthar chun na himeachtaí sin a thionscnamh nó a sheachaint, is cuma an bhfaightear an fhaisnéis sin roimh na himeachtaí sin, lena linn nó ina ndiaidh.

2. Beidh nótaireí, dlíodóirí agus gairmithe dlí eile, iniúchóirí, cuntasóirí seachtracha agus comhairleoirí cánach díolmhaithe ó na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 50(1) a mhéid a bhaineann díolúine den sórt sin le faisnéis a fhaigheann siad ó chliant leo nó a fhaigheann siad faoi chliant leo, le linn dóibh staid dhlíthiúil a gcliánt a fhionnadh, ***seachas nuair a sholáthraítear comhairle dlí chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, nó i gcás ina bhfuil amhras seanbhunaithe ar na daoine sin go bhfuil comhairle dlíthiúil á lorg ag an gcliánt chun críocha sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta agus nach bhfuil an chomhairle á lorg maidir le himeachtaí breithiúnacha, nó an*** cúram a dhéanamh chun an cliant a chosaint nó ionadaíocht a dhéanamh air nó maidir le himeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear comhairle a sholáthar chun na himeachtaí sin a thionscnamh nó a sheachaint, is cuma an bhfaightear an fhaisnéis sin roimh na himeachtaí sin, lena linn nó ina ndiaidh.

***Maidir le hidirbhearta sonracha lena mbaineann riosca an-ard go n-úsáidfeair iad le haghaidh sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, féadfaidh***

*na Ballstáit oibleagáidí tuairiscithe breise a ghlacadh nó a choinnéil do na gairmithe a luaitear sa mhír seo nach bhfuil feidhm ag an díolúine ó na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 50(1) maidir leo. Chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit forálacha sonracha a thabhairt isteach sa dlí náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas is infheidhme maidir le gairmithe den sórt sin faoi Airteagal 17.*

**Leasú 291**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 52 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Staonfaidh eintitis faoi oibleagáid ó idirbhearta a dhéanamh a bhfuil a fhios acu nó a bhfuil amhras orthu ina leith go bhfuil baint acu le fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil nó le maoiniú sceimhlitheoireachta go dtí go mbeidh an gníomh is gá críochnaithe acu i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 50(1), agus go mbeidh aon treoracha sonracha breise ón AFA nó ó údarás inniúil eile comhlánaithe acu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

**Leasú 292**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 54 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Maidir le heintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear i bpointí (1), (2), (3)(a) agus (b) d’Airteagal 3, i gcásanna a bhaineann leis an *gcustaiméir céanna agus leis an*

*Leasú*

1. Staonfaidh eintitis faoi oibleagáid ó idirbhearta a dhéanamh a bhfuil a fhios acu nó a bhfuil amhras orthu ina leith go bhfuil baint acu le fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil nó le maoiniú sceimhlitheoireachta go dtí go mbeidh an gníomh is gá críochnaithe acu i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 50(1), agus go mbeidh aon treoracha sonracha breise ón AFA nó ó údarás inniúil eile comhlánaithe acu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. *Féadfaidh eintitis faoi oibleagáid an t-idirbheart lena mbaineann a dhéanamh tar éis measúnú riosca cuí a dhéanamh mura mbeidh treoracha dá mhalairt faighte acu ón AFA laistigh de thrí lá.*

*Leasú*

5. Maidir le heintitis faoi oibleagáid dá dtagraítear i bpointí (1), (2), (3)(a) agus (b) d’Airteagal 3, i gcásanna a bhaineann leis an idirbheart céanna lena mbaineann

idirbheart céanna lena mbaineann dhá eintiteas faoi oibleagáid nó níos mó, agus de mhaolú ar mhír 1, is féidir nochtadh a dhéanamh idir na heintitis faoi oibleagáid ábhartha ar choinníoll go bhfuil siad lonnaithe san Aontas, nó le heintitis i dtríú tír a fhorchuireann ceanglais atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos sa Rialachán seo, agus go bhfuil siad ó gcatagóir chéanna d'eintitis faoi oibleagáid agus go bhfuil siad faoi réir rúndacht ghairmiúil agus ceanglais um chosaint sonraí pearsanta.

**Leasú 293**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 55 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. A mhéid a bhfuil fíorghá leis chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, féadfaidh eintitis faoi oibleagáid catagóir speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 a phróiseáil agus sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuíthe coiriúla agus cionta dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán sin faoi réir na gcosaintí dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3.

**Leasú 294**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 55 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Beidh eintitis faoi oibleagáid in ann sonraí pearsanta arna gcuimsí le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 a phróiseáil ar choinníoll:

dhá eintiteas faoi oibleagáid nó níos mó, agus de mhaolú ar mhír 1, is féidir nochtadh a dhéanamh idir na heintitis faoi oibleagáid ábhartha ar choinníoll go bhfuil siad lonnaithe san Aontas, nó le heintitis i dtríú tír a fhorchuireann ceanglais atá coibhéiseach leo siúd a leagtar síos sa Rialachán seo, agus go bhfuil siad ó gcatagóir chéanna d'eintitis faoi oibleagáid agus go bhfuil siad faoi réir rúndacht ghairmiúil agus ceanglais um chosaint sonraí pearsanta, ***i gcomhréir le hacquis an Aontais maidir le cosaint sonraí.***

*Leasú*

1. A mhéid a bhfuil fíorghá leis chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc ***agus i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta,*** féadfaidh eintitis faoi oibleagáid catagóir speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 a phróiseáil agus sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuíthe coiriúla agus cionta dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán sin faoi réir na gcosaintí dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3.

*Leasú*

2. Beidh eintitis faoi oibleagáid in ann sonraí pearsanta arna gcuimsí le hAirteagal 9 ***agus Airteagal 10*** de Rialachán (AE) 2016/679 a phróiseáil ar choinníoll:

**Leasú 295**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 55 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) go mbeidh na sonraí de thionscnamh foinsí iontaofa, cruinn agus cothrom le dáta;

**Leasú 296**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 55 – mír 2 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 297**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 55 – mír 2 – pointe b b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 298**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 55 – mír 2 – pointe b c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) go mbeidh na sonraí de thionscnamh foinsí iontaofa, cruinn, **leordhóthanach** agus cothrom le dáta;

*Leasú*

**(ba) nach dtiocfaidh torthaí claonta, idirdhealaitheacha as próiseáil na sonraí;**

*Leasú*

**(bb) áirithíonn eintitis faoi oibleagáid go bhféadfadh baill foirne atá oile go hiomchuí idirghabháil dhaonna a dhéanamh ar thaobh an rialaitheora chun cinnteoireacht aonair uathoibríthe a fhíorú;**

*Leasú*

**(bc) áirithíonn eintitis faoi oibleagáid fíorú, i gcás ina saináithnítear riosca níos airde ar bhonn catagóirí speisialta sonraí amháin;**

***Airteagal 55a***

***Malartú sonraí faoi chomhpháirtíochtaí  
le haghaidh comhroinnt faisnéise i réimse  
AML/CFT***

- 1. Chun sciúradh airgid agus  
maoiniú sceimhlitheoireachta agus  
coireanna preideacáide gaolmhara a  
chomhrac, lena n-áirítear chun a n-  
oibleagáidí faoi Chaibidil V den  
Rialachán seo a chomhlíonadh, féadfaidh  
eintitis faoi oibleagáid agus údaráis  
phoiblí páirt a ghlacadh i  
gcomhpháirtíochtaí le haghaidh  
comhroinnt faisnéise i réimse AML/CFT  
arna bhunú faoin dlí náisiúnta i  
mBallstát amháin nó ar fud roinnt  
Ballstát.***
- 2. Gan dochar d’Airteagal 54,  
féadfaidh gach Ballstát a leagan síos ina  
dhlí náisiúnta go bhféadfaidh eintitis faoi  
oibleagáid, a mhéid is gá agus is  
comhréireach, agus i gcás inarb  
infheidhme, údaráis phoiblí atá ina  
bpáirtithe sa chomhpháirtíocht le  
haghaidh comhroinnt faisnéise i réimse  
AML/CFT, sonraí pearsanta arna mbailiú  
le linn oibleagáidí díchill chuí  
custaiméara faoi Chaibidil III a  
chomhlíonadh, agus na sonraí sin a  
phróiseáil laistigh den chomhpháirtíocht  
chun sciúradh airgid agus maoiniú  
sceimhlitheoireachta a chosc, ar  
choinnioll, ar a laghad:***
  - (a) go ndéanann na heintitis faoi  
oibleagáid lena mbaineann a gcustaiméirí  
nó a gcustaiméirí ionchasacha a chur ar  
an eolas go bhféadfaidh siad a sonraí  
pearsanta a roinnt faoin mír seo;***
  - (b) go mbeidh na sonraí pearsanta a  
roinnfear de thionscnamh foinsí iontaoifa,***

*cruinn agus cothrom le dáta;*

*(c) go nglacann na heintitis lena mbaineann bearta ar ardleibhéal slándála i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe i dtéarmaí rúndachta, lena n-áirítear bealaí slána chun faisnéis a mhalartú;*

*(d) go ndéanann eintitis faoi oibleagáid, agus i gcás inarb infheidhme, údaráis phoiblí lena mbaineann gach cás de chomhroinnt sonraí pearsanta a thairfeadh; cuirfear na taifid ar fáil, gan dochar d'Airteagal 54(1), d'údaráis cosanta sonraí agus do na húdaráis atá freagrach as custaiméirí a chosaint ó leid a thugtar go míchuí arna iarraidh sin dóibh;*

*(e) go ndéanann eintitis faoi oibleagáid agus, i gcás inarb infheidhme, údaráis phoiblí, ar páirtí iad sa chomhpháirtíocht le haghaidh comhroinnt faisnéise i réimse AML/CFT bearta iomchuí a chur chun feidhme chun leasanna an chustaiméara lena mbaineann a chosaint a bhfuil údar leo. Toirmeascfar sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh faoin mír seo chun críocha eile, go háirithe chun críocha tráchtála.*

**Leasú 300**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 57 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Beidh córais i bhfeidhm ag eintitis faoi oibleagáid a chuireann ar a gcumas fiosrúcháin óna AFA nó ó údaráis inniúla eile a fhreagairt go hiomlán agus go tapa, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, faoi cibé acu an bhfuil **caidreamh** gnó le daoine sonraithe á chothabháil acu nó cothabháilte acu le linn tréimhse cúig bliana roimh an bhfiosrúchán sin, agus maidir le cineál **an chaidrimh** sin, trí chainéil shlána agus ar

*Leasú*

Beidh córais i bhfeidhm ag eintitis faoi oibleagáid a chuireann ar a gcumas fiosrúcháin óna AFA nó ó údaráis inniúla eile a fhreagairt go hiomlán agus go tapa, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, faoi cibé acu an bhfuil **gaolmhaireacht** gnó le daoine sonraithe á chothabháil acu nó cothabháilte acu le linn tréimhse cúig bliana roimh an bhfiosrúchán sin, agus maidir le cineál **na gaolmhaireachta** sin, trí chainéil shlána

shlí a áirithíonn rúndacht iomlán na bhfiosrúchán.

agus ar shlí a áirithíonn rúndacht iomlán na bhfiosrúchán. ***Déanfar foráil sa chóras sin freisin maidir le húdaráis inniúla a fhíordheimhniú.***

**Leasú 301**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 58 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Cuirfear toirmeasc ar institiúidí creidmheasa, institiúidí airgeadais agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní cuntais anaithnide, pasleabhair anaithnide, taisceadáin anaithnide nó ***tiachóga*** criptea-shócmhainní anaithnide a choinneáil, chomh maith le haon chuntas eile a lamhálann d’anaithnidiú shealbhóir an chuntais chustaiméara.

*Leasú*

1. Cuirfear toirmeasc ar institiúidí creidmheasa, institiúidí airgeadais agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní cuntais anaithnide ***bainc agus íocaíochta***, pasleabhair anaithnide, taisceadáin anaithnide nó ***cuntais*** criptea-shócmhainní anaithnide a choinneáil, chomh maith le haon chuntas eile a lamhálann d’anaithnidiú shealbhóir an chuntais chustaiméara ***nó do thuilleadh doiléirithe ar idirbhearta***.

**Leasú 302**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 58 – mír 1 – fomhír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Beidh úinéirí agus tairbhíthe cuntas anaithnid, pasleabhar anaithnid, taisceadán anaithnid nó ***tiachóg*** criptea-shócmhainní atá ann cheana féin faoi réir bearta díchill chuí do chustaiméirí sula ndéanfar na cuntais, na pasleabhair, na taisceadáin nó na ***tiachóga*** criptea-shócmhainní sin a úsáid in aon slí.

*Leasú*

Beidh úinéirí agus tairbhíthe cuntas anaithnid ***bainc agus íocaíochta***, pasleabhar anaithnid, taisceadán anaithnid nó ***cuntas*** criptea-shócmhainní atá ann cheana féin faoi réir bearta díchill chuí do chustaiméirí sula ndéanfar na cuntais, na pasleabhair, na taisceadáin nó na ***cuntais*** criptea-shócmhainní sin a úsáid in aon slí.

**Leasú 303**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 59 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Féadfaidh daoine a thrádálann

*Leasú*

1. Féadfaidh daoine a thrádálann



earraí nó a sholáthraíonn seirbhísí íocaíocht in airgead tirim a dhéanamh nó a fháil chomh hard le **EUR 10 000** nó méid coibhéiseach in airgeadra náisiúnta nó eachtrach, cibé acu a dhéantar an t-idirbheart sin in aon oibríocht amháin nó i roinnt oibríochtaí a bhfuil an chuma orthu a bheith nasctha.

**Leasú 304**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 59 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 305**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 59 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Féadfaidh Ballstáit teorainneacha níos ísle a ghlacadh i ndiaidh chomhairliúchán an Bhainc Cheannais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de **Chinneadh 98/415/EC ón gComhairle**<sup>57</sup>. Tabharfar fógra faoi na teorainneacha níos ísle sin don Choimisiún laistigh de 3 mhí ón dáta a dtugtar an beart isteach ar leibhéal náisiúnta.

---

<sup>57</sup> Cinneadh ón gComhairle an

earraí nó a sholáthraíonn seirbhísí íocaíocht in airgead tirim a dhéanamh nó a fháil chomh hard le **EUR 7 000** nó méid coibhéiseach in airgeadra náisiúnta nó eachtrach, cibé acu a dhéantar an t-idirbheart sin in aon oibríocht amháin nó i roinnt oibríochtaí a bhfuil an chuma orthu a bheith nasctha.

*Leasú*

**1a. Agus mír 1 á cur chun feidhme acu, ní dhéanfaidh na Ballstáit idirdhealú idir cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí maidir leis na teorainneacha is infheidhme maidir le híocaíochtaí in airgead tirim.**

*Leasú*

2. Féadfaidh Ballstáit teorainneacha níos ísle a ghlacadh i ndiaidh chomhairliúchán an Bhainc Cheannais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de **Chinneadh 98/415/EC**<sup>57</sup> **ón gComhairle ar choinnioll go ráthaítear cuimsiú airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 15 agus 16(2) de Threoir 2014/92/AE. Beidh gá le haon íosteorainn a ghlacfaidh na Ballstáit chun cuspóirí dlisteanacha a shaothrú agus beidh sí comhréireach leis na cuspóirí sin.** Tabharfar fógra faoi na teorainneacha níos ísle sin don Choimisiún laistigh de 3 mhí ón dáta a dtugtar an beart isteach ar leibhéal náisiúnta.

---

<sup>57</sup> Cinneadh ón gComhairle an

29 Meitheamh 1998 maidir le comhairliúchán an Bhainc Cheannais Eorpaigh ag údaráis náisiúnta i ndáil le dréachtfhorálacha reachtacha (IO L 189, 3.7.1998, lch. 42).

**Leasú 306**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 59 – mír 4 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) íocaíochtaí idir dhaoine nádúrtha nach bhfuil ag gníomhú i bhfeidhm ghairmiúil;

**Leasú 307**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 59 – mír 4 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) íocaíochtaí nó taiscí a dhéantar ag áitreabh institiúidí creidmheasa. Sna cásanna sin, tuairisceoidh an institiúid creidmheasa an íocaíocht nó an taisce atá os cionn na teorann don AFA.

**Leasú 308**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 59 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Áiritheoidh Ballstáit go nglacfar bearta iomchuí, lena n-áirítear smachtbhannaí, in aghaidh daoine nádúrtha

29 Meitheamh 1998 maidir le comhairliúchán an Bhainc Cheannais Eorpaigh ag údaráis náisiúnta i ndáil le dréachtfhorálacha reachtacha (IO L 189, 3.7.1998, lch. 42).

*Leasú*

(a) íocaíochtaí idir dhaoine nádúrtha nach bhfuil ag gníomhú i bhfeidhm ghairmiúil, ***cé is moite d'idirbhearta a bhaineann le talamh agus réadmhaoin, miotail lómhara agus clocha lómhara agus só-earraí eile os cionn na dtairseach comhfhreagrach mar a liostaítear in Iarscríbhinn IIIa;***

*Leasú*

(b) íocaíochtaí nó taiscí a dhéantar ag áitreabh institiúidí creidmheasa. Sna cásanna sin, tuairisceoidh an institiúid creidmheasa an íocaíocht nó an taisce atá os cionn na teorann don AFA ***seachas i gás tráthchodanna atréimhseacha i gcomhréir le comhaontú leis an institiúid creidmheasa.***

*Leasú*

5. Áiritheoidh Ballstáit go nglacfar bearta iomchuí, lena n-áirítear smachtbhannaí, in aghaidh daoine nádúrtha

nó dlítheanacha a **ghníomhaíonn ina gcáil ghairmiúil i gcás go mbeifear** in amhras **faoi shárú** ar an teorainn a leagtar amach i mír 1, nó ar theorainn níos ísle arna glacadh ag na Ballstáit.

nó dlítheanacha a **bhfuiltear** in amhras **go ndearna siad sárú** ar an teorainn a leagtar amach i mír 1, nó ar theorainn níos ísle arna glacadh ag na Ballstáit.

**Leasú 309**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 59 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**Airteagal 59a**

**Íocaíochtaí i gcriptea-shócmhainní gan rannpháirtíocht soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní**

1. **Ní fhéadfaidh daoine a bhíonn ag trádáil in earraí nó a sholáthraíonn seirbhísí glacadh le criptea-shócmhainní nó aistriú i gcriptea-shócmhainní ó sheoladh féinóstáilte ach suas le méid is ionann agus EUR 1 000 cibé acu a dhéantar an t-idirbheart in aon oibríocht amháin nó i roinnt oibríochtaí a bhfuil an chuma air go bhfuil siad nasctha, murar féidir custaiméir nó úinéir tairbhiúil an tseolta fhéinóstáilte sin a shainaithint.**
2. **Ní bheidh feidhm ag an teorainn dá dtagraítear i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:**
  - (a) **aistrithe criptea-shócmhainní idir daoine nádúrtha nach bhfuil ag gníomhú i bhfeidhm ghairmiúil;**
  - (b) **aistrithe criptea-shócmhainní ina bhfuil soláthraí seirbhísí criptea-shócmhainní rannpháirteach.**
3. **Áiritheoidh Ballstáit go nglacfar bearta iomchuí, lena n-áirítear smachtbhannaí, in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha a ghníomhaíonn ina gcáil ghairmiúil i gcás go mbeifear in amhras faoi shárú ar an teorainn a leagtar amach i mír 1.**
4. **Déanfar leibhéal foriomlán na**

*smachtbhannaí a ríomh, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den dlí náisiúnta, ar bhealach a thabharfaidh torthaí a bheidh comhréireach do thromchúis an tsáraithe, agus dá bharr sin a dhíspreagfaidh cionta eile den chineál céanna.*

*5. Faoin ... [trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú féachaint ar cheart na forálacha a bhaineann le híocaíocht i gcriptea-shócmhainní dá dtagraítear i mír 1 a leasú, i bhfianaise na gcaighdeán teicniúil rialála arna bhforbairt ag AMLA i gcomhréir le hAirteagal 30b agus forbairtí teicneolaíocha agus an Creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach á gcur san áireamh. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh.*

**Leasú 310**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 60 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 23, 24 agus 25 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe *ama* ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

**Leasú 311**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 60 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 23, 24 agus 25 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun

*Leasú*

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 23, 24 agus 42 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

*Leasú*

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 23, 24 agus 42 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun

cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

**Leasú 312**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 60 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 23, 24 agus 25 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse aon mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú mí amháin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

**Leasú 313**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 62 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Faoi [5 bliana ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm], agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

**Leasú 314****Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 63 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

*Leasú*

6. Ní thiochfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 23, 24 agus 42 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse aon mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú mí amháin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Leasú*

Faoi [trí bliana ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm], agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Faoi **[3 bliana]** ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm], cuirfidh an Coimisiún tuarascálacha faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú an gá agus an comhréireach:

**Leasú 315**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 63 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) an céatadán a **isliú** i ndáil le húinéireacht thairbhiúil eintiteas dlíthiúil a shainaitheint;

**Leasú 316**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 63 – mír 1 – pointe a a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 317**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 63 – mír 1 – pointe a b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Faoi **[dhá bhliain]** ón dáta a thagann an Rialachán seo i bhfeidhm], cuirfidh an Coimisiún tuarascálacha faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú an gá agus an comhréireach:

*Leasú*

(a) an céatadán a **leasú** i ndáil le húinéireacht thairbhiúil eintiteas dlíthiúil a shainaitheint;

*Leasú*

**(aa) toirmeasc a thabhairt isteach ar shocrúithe ainmnitheacha chomh maith le bearta chun ainmnithigh neamhnochta a bhrath, lena n-áirítear i gcomhar le bearta trédhearcachta agus ceadúnúcháin le haghaidh cineálacha éagsúla socrúithe ainmnitheacha;**

*Leasú*

**(ab) an toirmeasc ar chuntais anaithnide a leathnú chuig soláthar tiachóg, measctóirí agus tumadóirí príobháideachais ag soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní;**

**Leasú 318**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 63 – mír 1 – pointe a c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ac) lena n-áirítear mar eintitis faoi oibleagáid i raon feidhme an Rialacháin seo clubanna spóirt gairmiúla, eagraíochtaí spóirt agus cónaidhmeanna spóirt agus gníomhairí spóirt in earnálacha seachas sacair;**

**Leasú 319**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 63 – mír 1 – pointe a d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ad) catagóirí breise soláthraithe seirbhísí digiteacha a áireamh mar eintitis faoi oibleagáid i raon feidhme an Rialacháin seo;**

**Leasú 320**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 63 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) an teorainn maidir le móríocaíochtaí in airgead tirim a *íslíú tuilleadh*.**

**(b) an teorainn maidir le móríocaíochtaí in airgead tirim a *leasú, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach*.**

***Beidh togra reachtach ag gabháil leis na tuarascálacha sin, más iomchuí.***

**Leasú 321**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 64 a (nua)**

**Airteagal 64a**

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. xx/2023 [cuir isteach tagairt don Rialachán nua maidir le hAistriú Cistí]**

**Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. xx/2023 [cuir isteach tagairt don Rialachán nua maidir le hAistriú Cistí] mar a leanas:**

**(1) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara míre:**

**‘Eiseoidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (EBA) treoirlínte faoin ... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ina sonrúfar na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo. An ... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfar an chumhacht chun treoirlínte den sórt sin a eisiúint a aistriú chuig an Údarás um Fhrithsciúradh Airgid agus um Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (AMLA). Leanfaidh treoirlínte arna n-eisiúint ag ÚBE de bhun na míre seo d’fheidhm a bheith acu go dtí go ndéanfaidh AMLA iad a leasú nó a aisghairm.’;**

**(2) Leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:**

**(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:**

**‘1. Tá próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 2016/679. Maidir le sonraí pearsanta a bhíonn an Coimisiún, ÚBE nó AMLA á bpróiseáil de bhun an Rialacháin seo, tá siad faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725.’;**

**(b) I Mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:**

**‘Tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE, eiseoidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí treoirlínte maidir le cur chun feidhme praiticiúil na gceanglas cosanta**



*sonraí le haghaidh aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha i gcomhthéacs cripteá-shócmhainní a aistriú. Eiseoidh ÚBE treoirlínte maidir le nósanna imeachta oiriúnacha chun a chinneadh cé acu aistriú cripteá-shócmhainní a fhorghníomhú, a dhiúltú, a thabhairt ar ais nó a chur ar fionraí i gcásanna nach féidir comhlíonadh ceanglas cosanta sonraí maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha a áirithiú. An ... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfar an ceart go rachfar i gcomhairle leis agus an chumhacht chun treoirlínte a eisiúint a aistriú ó ÚBE go AMLA. Leanfaidh treoirlínte arna n-eisiúint ag ÚBE de bhun na míre seo d'fheidhm a bheith acu go dtí go ndéanfaidh AMLA iad a leasú nó a aisghairm.';*

**(3)** Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28:

*'1. Gan dochar don cheart chun foráil a dhéanamh do smachtbhannaí coiriúla agus chun iad a fhorchur, leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir leis na smachtbhannaí riaracháin agus na bearta riaracháin is infheidhme i leith aon sárú ar an Rialachán seo agus déanfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme na rialacha sin. Beidh na smachtbhannaí agus na bearta dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus beidh siad ar aon dul leis na smachtbhannaí a leagtar síos i gcomhréir le Caibidil VI, Roinn 4, de Threoir (AE) .../... [cuir isteach tagairt do Threoir AML].'*

**Leasú 322**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 65 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Beidh feidhm leis ó **[3 bliana]** ón dáta a

*Leasú*

Beidh feidhm leis ó **[dhá bhliain]** ón dáta a

thagann sé i bhfeidhm].

thagann sé i bhfeidhm].

**Leasú 323**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(b) *údaráis nó fiontair phoiblí;*

(b) *riarachán poiblí*

**Leasú 324**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 1 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(ba) custaiméirí ar daoine aonair iad a bhfuil glanfhiúchas ard acu nó a bhfuil a n-úinéir tairbhiúil ina dhuine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard aige a dtagann a rachmas go suntasach as an tionscal eastóscach, nó as naisc le daoine atá faoi riteachta pholaitiúil nó as saothrú monaplachtaí i dtríú tíortha arna saináithint ag foinsí inchreidte nó trí phróisis a aithnítear go bhfuil leibhéal shuntasacha éillithe nó gníomhaíochta coiriúla eile ag baint leo;*

**Leasú 325**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 1 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(d) cuideachtaí a bhfuil scairshealbhóirí ainmnitheacha nó scaireanna i bhfoirm iompróra acu;

(d) cuideachtaí *nó eintitis dlíthiúla eile* a bhfuil scairshealbhóirí ainmnitheacha nó scaireanna i bhfoirm *nó taiscí muiníneacha* acu;

**Leasú 326**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 1 – pointe g a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ga) custaiméir faoi réir smachtbhannaí, trádbhac nó bearta dá samhail arna n-eisiúint ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail na Náisiúin Aontaithe;**

**Leasú 327**  
**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Iarscríbhinn III a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Liosta de na só-earraí dá dtagraítear in Airteagal 3***

**(1) Seodra, earraí gaibhne óir nó gaibhne geala ar mó a luach ná EUR 5 000;**

**(2) Cloig agus uaireadóirí ar mó a luach ná EUR 5 000;**

**(3) Mótarfheithiclí, aerárthaí agus árthaí uisce ar mó a luach ná EUR 50 000;**

**(4) Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh ar mó a luach ná EUR 5 000;**

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Ón uair a ghlac institiúidí an Aontais Eorpaigh an 5ú Treoir maidir leis an Sciúradh Airgid a chomhrac, tá laigí tromchúiseacha léirithe go soiléir ag roinnt scannail i ndiaidh a chéile i gcóras airgeadais an Aontais. Mar gheall ar ionradh dothuigthe na Rúise ar an Úcráin agus mar gheall ar na smachtbhannaí spriocdhírthe a d'fhorchuir rialtais ar olagarcaí na Rúise, táimid ag ceistiú an caoi ar féidir an bhoige sin i leith sreafaí amhrasacha airgid a bheith ann, fiú, le fada an lá. Dá bhrí sin, tá an t-athchóiriú ar chreat AML AE níos tráthúla ná riamh. Ní mór don Aontas seasamh i bhfad níos láidre a ghlacadh maidir le stop a chur le sreafaí amhrasacha airgid, mar a léirítear inár gcumas a áirithiú go gcomhlíonann institiúidí airgeadais agus gach cineál idirghabhálaithe na rialacha maidir le dícheall cuí agus maidir le tuairisciú go cuí, ach freisin go bhfuil na huirlisí leordhóthanacha ag údaráis agus ag maoirseoirí chun na gnólachtaí sin a dhéanamh cuntasach go daingean.

Is díol sásaimh an pacáiste AML do na comhrapóirtéirí, ar pacáiste é a d'iarr Parlaimint na hEorpa roinnt uaireanta, agus go háirithe an togra le haghaidh leabhar rialacha aonair, ar céim rithábhachtach chun tosaigh é. Is é an rogha le haghaidh Rialacháin maidir le Frithsciúradh Airgid (AMLR) in ionad Treorach an freagra ceart ar thimpeallacht rialála ilroinnte agus neamhéifeachtach tar éis glacadh le cúig Threoir AML le híoschaighdeáin le 30 bliain anuas.

Cuireann na comhrapóirtéirí fáilte roimh leathnú raon feidhme na n-eintiteas faoi oibleagáid chuig gach cineál agus catagóir de sholáthraithe seirbhíse criptea-shócmhainní. Tá sé níos ábhartha arís go gcuirfí é sin san áireamh mar gheall ar an bplé reatha faoina bhféadfadh daoine a bhfuil smachtbhannaí airgeadais dírithe orthu le déanaí a bheith in ann teacht timpeall ar na bearta tríd an tionscal criptea-shócmhainní.

Ina theannta sin, is céim chun tosaigh é soláithrithe seirbhísí sluachistiúcháin a áireamh mar eintitis faoi oibleagáid, cé gur cheart go mbainfeadh sé sin le gach soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin a oibríonn san Eoraip, lena n-áirítear na soláthraithe sin a rialaítear le rialacha AE.

Sa bhreis air sin, cuireann na comhrapóirtéirí bainisteoirí saibhris le liosta na n-eintiteas atá faoi réir rialacha AML/CFT, chomh maith le clubanna sacair ardleibhéil, gníomhairí san earnáil sacair agus cumainn sacair na mBallstát. Sa bhliain 2021, dúirt Europol go raibh spórt gairmiúil, agus sacar gairmiúil go háirithe, i mbaol na rioscaí a bhaineann le hairgead coiriúil agus le hidirbhearta sciúrtha airgid<sup>1</sup>. Chuir an Coimisiún sacar gairmiúil san áireamh sa mheasúnú riosca fornáisiúnta a rinne sé in 2019<sup>2</sup>, ós rud é gur spórt é a bhfuil an-tóir air agus gur tionscal

<sup>1</sup>

[https://www.europol.europa.eu/sites/default/files/documents/the\\_involvement\\_of\\_organised\\_crime\\_groups\\_in\\_sports\\_corruption.pdf](https://www.europol.europa.eu/sites/default/files/documents/the_involvement_of_organised_crime_groups_in_sports_corruption.pdf)

<sup>2</sup>

[https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/supranational\\_risk\\_assessment\\_of\\_the\\_money\\_laundering\\_and\\_terrorist\\_financing\\_risks\\_affecting\\_the\\_union.pdf](https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/supranational_risk_assessment_of_the_money_laundering_and_terrorist_financing_risks_affecting_the_union.pdf)

domhanda é freisin a bhfuil tionchar suntasach aige ar an ngeilleagar. Tá suimeanna amhrasacha airgid gan aon toradh nó gnóthachan airgeadais follasach nó inmhinthe á n-infheistiú sa spórt. Dá bhrí sin, is eintitis iad clubanna sacair agus cumainn sacair, chomh maith le gníomhairí spóirt san earnáil sacair, a mbaineann ardrioscaí leo agus dá bhrí sin ba cheart iad a chur ar liosta na n-eintiteas faoi oibleagáid.

Tá eolas maith ar na rioscaí ML/FT a bhaineann le saothair ealaíne agus le hearraí ardluacha eile. Sin an fáth a bhfuil sé beartaithe ag na comhrapóirtéirí laghdú a dhéanamh ar luach na n-earraí a mbíonn feidhm ag oibleagáidí díchill chuí uathu ó EUR 10 000 go EUR 5 000.

Measann Parlaimint na hEorpa go bhfuil scéimeanna lena ndeonaítear náisiúntacht ar bhonn infheistíocht airgeadais (scéimeanna CBI), ar a dtugtar ‘pasanna órga’ freisin, míchuibhiúil ó thaobh eitice, dlíthiúil agus eacnamaíoch de agus go bhfuil rioscaí tromchúiseacha slándála ag baint leo do shaoránaigh an Aontais, amhail sciúradh airgid agus éilliú. Aontaíonn na comhrapóirtéirí gur cheart toirmeasc iomlán a chur ar scéimeanna CBI, seachas iad a rialáil. I bhfianaise na héiginnteachta dlíthiúla maidir leis an tsaincheist seo, áfach, rud nach réiteoidh ach an Chúirt Eorpach, chinn siad scéimeanna CBI a chur san áireamh i raon feidhme na mbeart rialála. Is díol sásaimh dóibh gur liostáil an Choimisiún gníomhairí a raibh baint acu leis na scéimeanna sin mar eintitis faoi oibleagáid. Mar sin féin, creideann na comhrapóirtéirí nach mór dúinn dul i bhfad níos faide chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní. Go háirithe, i measc bearta eile, ní mór do na Ballstáit a dheonaíonn na scéimeanna sin a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis phoiblí a phróiseálann iarratais bearta sonracha chun a áirithiú nach mbainfear mí-úsáid as na hidirbhearta sin chun críocha AML/TF.

Tá beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha arna ndéanamh ag eintitis faoi oibleagáid chun maolú agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le neamh-chur chun feidhme agus imghabháil smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfuil siad éifeachtach. Ag an am céanna, ní mór na nósanna imeachta sin a bheith níos comhréirí. Dá bhrí sin, ba cheart go ndéanadh AMLA agus an Coimisiún prionsabal na comhréireachta a mhionsaothrú tuilleadh trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh, a bheadh úsáideach d’eintitis faoi oibleagáid ar trádálaithe aonair, oibreoirí aonair nó micrifhiontair iad.

Is uirlis thábhachtach é dícheall cuí do chustaiméirí (CDD) chun gníomhaíocht amhrasach a bhrath agus chun cosc a chur ar ML/TF trí chur chuige rioscabhunaithe. Creideann na comhrapóirtéirí go bhfuil sé ríthábhachtach oibleagáidí CDD a leathnú ar bhealach níos soiléire chun idirbhearta ócáideacha criptea-shócmhainní a chumhdach agus moltaí sonracha a chur ar fáil maidir leis sin. Thairis sin, chun mí-úsáid a chosc, ba cheart go sonrófaí ar bhealach níos soiléire sa dlí an cumas chun dul timpeall ar cheanglas maidir le bearta díchill chuí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm agus tuarascálacha ar idirbhearta amhrasacha a chur isteach. Cuireann na comhrapóirtéirí in iúl go bhfuil ról bunúsach ag pribhléid dlíodóra nó rúndacht ghairmiúil i sochaithe daonlathacha, ní hamháin ionas go mbeidh dlíodóirí agus gairmithe dlí eile ina ann a geliaint a chosaint sa chúirt, ach chun a áirithiú freisin gur féidir le saoránaigh

agus eintitis dhlíthiúla comhairle a lorg maidir lena seasamh i bhfianaise na ndlíthe is infheidhme. Ag an am céanna, tá teorainneacha ag coincheap na pribhléide dlíodóra, mar atá leagtha amach sa tuarascáil.

Is díol sásaimh an togra ón gCoimisiún Eorpach maidir le Beartas láidir Tríú Tíre. Thairis sin, i gcomhréir le mian na Parlaiminte go mbeadh liosta uathrialach acu agus i gcomhréir leis na forbairtí is déanaí, molann na comhrapóirtéirí roinnt critéar a chur leis an measúnú ar thríú tíortha, lena n-áirítear ailíniú le beartas smachtbhannaí spriocdhírthe, agus foráil a dhéanamh freisin go bhféadfadh an Pharlaimint agus an Chomhairle anailís ar thríú tír ar leith a iarraidh ar an gCoimisiún. Ina theannta sin, d'fhéadfadh institiúidí creidmheasa áirithe nó institiúidí airgeadais áirithe nó soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní nach bhfuil bunaithe san Aontas a bheith ina mbagairt shonrach thromchúiseach ar chóras airgeadais an Aontais freisin. Chuir na comhrapóirtéirí in iúl gur mian leo go mbeadh cead ag an gCoimisiún gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne na n-institiúidí sin agus is féidir leo a éileamh go gcuirfí bearta nithiúla feabhsaithe maidir le dícheall cuí i bhfeidhm mar aon le frithbhearta sonracha i gcoinne institiúidí den sórt sin.

Déanann do chomhrapóirtéirí bearta sonracha feabhsaithe díchill chuí a leathnú chuig idirbhearta criptea-shócmhainní, soláthraithe seirbhíse agus cuntais, agus cuirtear isteach toirmeasc sonracha ar gaolmhaireachtaí comhfhreagracha le soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní neamhchomhlíontacha. Chun cabhrú le heintitis faoi oibleagáid blaoscbhainc agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní neamhchomhlíontacha a shainathint, thug do chomhrapóirtéirí sainordú isteach le haghaidh AMLA chun clár poiblí táscach agus neamhuileghabhálach a chruthú, ina mbeidh faisnéis a bheidh curtha ar fáil ag comhlachtaí eile.

Creideann do chomhrapóirtéirí gur cheart don liosta daoine atá cáilithe mar PEPanna (daoine atá faoi riteacht pholaitiúil) cinn na n-údarás réigiúnach agus áitiúil a áireamh ann, lena n-áirítear grúpálacha bardas agus réigiún cathrach, i bhfianaise an bhuiséid mhóir a mbíonn na hoifigigh sin freagrach as uaireanta i ról feidhmiúcháin, lena n-áirítear i bpróisis soláthair phoiblí. Ós rud é gur léir go bhfuil dlúthbhaint acu le PEPanna, ba cheart siblíní a chur leis an sainmhíniú ar bhaill teaghlaigh freisin.

D'fhéadfadh gaolmhaireachtaí gnó agus idirbhearta a bhaineann le daoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu agus a mbaineann fachtóir amháin nó roinnt fachtóirí riosca níos airde leo dochar tromchúiseach a dhéanamh do shláine chóras airgeadais an Aontais agus d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le leochaileachtaí tromchúiseacha sa mhargadh inmheánach. Tá sé léirithe leis an méid is déanaí a tháinig chun solais maidir le Páipéir Pandora agus Rúin na hEilvéise<sup>3</sup> go bhfuil institiúidí airgeadais fós sásta oibleagáidí CDD a chur i leataobh i dtreo custaiméirí a bhfuil glanfhiúchas ard acu, fiú i gcásanna inar cheart go mbeadh ceisteanna curtha maidir le foinse cistí agus saibhreas cliant. Measann na comhrapóirtéirí go bhfuil sé sin do-ghlactha, go háirithe nuair atá custaiméirí a meastar go bhfuil riosca ard ag baint leo, ach a bhfuil

<sup>3</sup> <https://www.occrp.org/en/suisse-secrets/historic-leak-of-swiss-banking-records-reveals-unsavory-clients>

glansaibhreas níos ísle acu, faoi réir laghdaithe riosca agus seirbhísí bunúsacha airgeadais i ngeall ar chostais chomhlíonta AML/CFT á ndiúltú dóibh. Dá bhrí sin, molann na comhrapóirtéirí bearta díchill chuí feabhsaithe do chustaiméirí atá éigeantach sa bhreis ar bhearta eile maidir le custaiméirí a bhfuil glanfhiúchas ard acu, chomh maith le treoirlínte maidir le laghdú riosca agus rochtain ar sheirbhísí bunúsacha airgeadais, ar cheart iad a dheonú do chách.

Tá an coincheap maidir le húinéireacht thairbhiúil ríthábhachtach chun méadú a dhéanamh ar thrédhearcacht struchtúr corparáideach casta agus chun comhlíonadh rialacha AML/CFT a éascú. I ndáil leis sin, is príomhionstraim é an clár úinéireachta tairbhiúla (BO) chun thrédhearcacht leordhóthanach a dheonú agus chun cabhrú le heintitis faoi oibleagáid ina n-oibleagáidí maidir le CDD chomh maith le húdaráis inniúla ina gcúraimí. Mar sin féin, chun na deiseanna chun dul timpeall ar an uirlis sin a laghdú, tá sé tábhachtach an tairseach céatadán a laghdú ó 25 % go 5 % ar úinéireacht eintitis dhlíthiúil.

Mar a chuir an Pharlaimint i bhfios go láidir san am a chuaigh thart, ba cheart go spreagfadh gaolmhaireacht ghnó le heintitis eachtracha a bhfuil láithreach shuntasach acu sa mhargadh inmheánach oibleagáid úinéir tairbhiúil na n-eintiteas sin a chlárú san Aontas. Is díol sásaimh do na comhrapóirtéirí go ndearna an Coimisiún an togra seo, a bhaineann go háirithe le ceannach réadmhaoine. Níor cheart dúinn a cheadú a thuilleadh go gceannódh cuideachtaí caocha réadmhaoine i dtearmainn chánach, gan aon fhaisnéis faoina n-úinéir tairbhiúil. Molann na comhrapóirtéirí go leathnófaí an oibleagáid clárú le gaolmhaireacht ghnó atá ann cheana féin agus le maoin atá faoi úinéireacht eintiteas eachtrach tráth chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Baineann gnéithe áirithe de chur chun feidhme an chreata AML/CFT seo le bailiú, anailísiú, stóráil agus roinnt sonraí. Aontaíonn na comhrapóirtéirí go hiomlán gur cheart sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha ML/TF i gcomhréir leis na cearta bunúsacha mar atá siad ráthaithe leis an gCairt agus, go háirithe, le RGCS, ar fhorais leas an phobail. Mar sin féin, ba cheart próiseáil catagóirí speisialta sonraí a bheith faoi réir rialacha níos déine. I bhfianaise na rioscaí a bhaineann le próiseáil sonraí den sórt sin.

Cé go n-aithníonn siad go hiomlán an tábhacht a bhaineann leis an gcumas chun íoc in airgead tirim, aontaíonn na comhrapóirtéirí leis an gCoimisiún gur bealach éasca iad íocaíochtaí móra airgid do choirpigh airgead a sciúradh, ós rud é go bhfuil sé an-deacair na hidirbhearta sin a bhrath. Chun a bheith fíorífeachtach, áfach, creideann na comhrapóirtéirí gur gá an tairseach atá beartaithe a laghdú ó EUR 10 000 go EUR 5 000. Ina theannta sin, chun dul i ngleic le gach cineál ionstraimé úinéireachta anaithnide, nó leo siúd lena ndéantar foráil maidir le leibhéal áirithe úinéireachta doiléire, molann na comhrapóirtéirí go gcuirfí toirmeasc ar gach cineál scaireanna iompróra.

## **SEASAMH MIONLAIGH**

### **Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid chóras airgeadais an Aontais chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc (2021/0239(COD))**

Tacaím go huile agus go hiomlán le bearta uailmhianacha i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta. Is díol sásaimh dom go bhfuil cuid dár leasuithe curtha san áireamh sa téacs deiridh, amhail béim níos láidre ar dhaoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu agus leathnú ar liosta na ndaoine atá nochtaithe go polaitiúil atá faoi réir ceanglais fheabhsaithe díchill chuí. Mar sin féin, cuirim i gcoinne ísliú na teorann íocaíochta airgid thirim agus coiriúlú na miotal lómhar. Cé gur cheart dúinn díriú ar dhul i ngleic le sciúradh airgid trí choireacht eagraithe agus sceimhlitheoirí Ioslamaíocha, roghnaíonn an tAontas feabhas a chur ar an bhfaireachas a dhéanann sé ar idirbhearta coigilteoirí agus pinsinéirí Eorpacha. Ní hé seo an bealach ceart chun cinn.



## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

<b>Teideal</b>	Úsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc	
<b>Tagairtí</b>	COM(2021)0420 – C9-0339/2021 – 2021/0239(COD)	
<b>Dáta tíolactha chun PE</b>	21.7.2021	
<b>Coistí freagracha</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 4.10.2021	LIBE 4.10.2021
<b>Coistí ar iarradh tuairim orthu</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 4.10.2021	
<b>Gan tuairim a thabhairt</b> Dáta an chinnidh	JURI 14.10.2021	
<b>Rapóirtéirí</b> Dáta an cheapacháin	Eero Heinäluoma 25.11.2021	Damien Carême 25.11.2021
<b>Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	16.12.2021	
<b>Pléite sa choiste</b>	12.1.2022	31.3.2022
<b>Dáta an ghlaictha</b>	28.3.2023	
<b>Toradh na vótála críochnaithí</b>	+: 99 –: 8 0: 6	
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Abir Al-Sahlani, Rasmus Andresen, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Gunnar Beck, Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Vladimír Bilčík, Malin Björk, Vasile Blaga, Ioan-Rareș Bogdan, Gilles Boyer, Karolin Braunsberger-Reinhold, Annika Bruna, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Clare Daly, Lena Düpont, Cornelia Ernst, Engin Eroglu, Markus Ferber, Jonás Fernández, Giuseppe Ferrandino, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Frances Fitzgerald, Valentino Grant, Maria Grapini, Claude Gruffat, Sylvie Guillaume, José Gusmão, Enikő Győri, Eero Heinäluoma, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Stasys Jakeliūnas, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Othmar Karas, Billy Kelleher, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Georgios Kyrtos, Aurore Lalucq, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Aušra Maldeikienė, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Costas Mavrides, Nuno Melo, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Siegfried Mureșan, Luděk Niedermayer, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Maite Pagazaurtundúa, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Eva Maria Poptcheva, Emil Radev, Evelyn Regner, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Dorien Rookmaker, Alfred Sant, Joachim Schuster, Ralf Seekatz, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Paul Tang, Annalisa Tardino, Irene Tinagli, Tomas Tobé, Ernest Urtasun, Inese Vaidere, Tom Vandendriessche, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni, Roberts Zile	
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an</b>	Damian Boeselager, Damian Boeselager, Herbert Dorfmann, Daniel	

<b>vótáil chríochnaitheach</b>	Freund, Margarida Marques, Alessandra Mussolini, Matjaž Nemeč, Dragoş Pîslaru, René Repasi, Thijs Reuten, Eleni Stavrou, Róza Thun und Hohenstein, Tomáš Zdechovský
<b>Comhaltai ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Attila Ara-Kovács, Hildegard Bentele, Emmanouil Fragkos, Bart Groothuis, Niélas Herbst, Michiel Hoogeveen, Beata Kempa, Antonio López-Istúriz White, Daniela Rondinelli, Susana Solís Pérez, Henna Virkkunen, Rainer Wieland
<b>Dáta don chur síos</b>	14.4.2023

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

99	+
ECR	Emmanouil Fragkos, Michiel Hoogeveen, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska, Roberts Zīle
ID	Annalisa Tardino
NI	Laura Ferrara, Enikő Győri
PPE	Isabel Benjumea Benjumea, Hildegard Bentele, Stefan Berger, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Herbert Dorfmann, Lena Düpont, Markus Ferber, Frances Fitzgerald, Niclas Herbst, Othmar Karas, Jeroen Lenaers, Antonio López-Istúriz White, Aušra Maldeikienė, Lukas Mandl, Nuno Melo, Nadine Morano, Siegfried Mureşan, Alessandra Mussolini, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Emil Radev, Karlo Ressler, Ralf Seekatz, Eleni Stavrou, Tomas Tobé, Inese Vaidere, Henna Virkkunen, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Rainer Wieland, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Gilles Boyer, Giuseppe Ferrandino, Bart Groothuis, Sophia in 't Veld, Billy Kelleher, Fabienne Keller, Georgios Kyrtos, Maité Pagazaurtundúa, Dragoş Pislaru, Eva Maria Poptcheva, Susana Solís Pérez, Ramona Strugariu, Róza Thun und Hohenstein, Stéphanie Yon-Courtin
S&D	Attila Ara-Kovács, Pietro Bartolo, Marek Belka, Jonás Fernández, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Eero Heinäluoma, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Aurore Lalucq, Juan Fernando López Aguilar, Margarida Marques, Costas Mavrides, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemeč, Evelyn Regner, René Repasi, Thijs Reuten, Daniela Rondinelli, Alfred Sant, Joachim Schuster, Paul Tang, Irene Tinagli, Elena Yoncheva
The Left	Konstantinos Arvanitis, Malin Björk, Cornelia Ernst, José Gusmão
Verts/ALE	Rasmus Andresen, Damian Boeselager, Damien Carême, Daniel Freund, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Piernicola Pedicini, Kira Marie Peter-Hansen, Diana Riba i Giner, Tineke Strik, Ernest Urtasun

8	-
ECR	Dorien Rookmaker
ID	Gunnar Beck, Annika Bruna, Nicolaus Fest, Tom Vandendriessche
NI	Lefteris Nikolaou-Alavanos
Renew	Engin Eroglu, Moritz Körner

6	0
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Beata Kempa
ID	Valentino Grant, Marco Zanni
The Left	Clare Daly

Eochair do na siombailí a úsáidtear:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh